An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Gluais

| | |
|---|---|
| **CSA** | Údarás Maoirseachta Lena mBaineann |
| **DPA** | Údarás Cosanta Sonraí |
| **CCS** | An Coimisiún um Chosaint Sonraí (An Coimisiún) |
| **OCS** | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **EDPB** | An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí |
| **RGCS** | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **IMI** | Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh |
| **LED** | An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí |
| **LSA** | Príomhúdarás Maoirseachta |
| **OSS** | Ionad Ilfhreastail |
| **SMC** | An Coiste Ardbhainistíochta |
| **IS** | Intleacht Shaorga |

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 2

Amlíne 2025 4

Achoimre Fheidhmeach 6

Misean, Fís agus Luachanna ag an gCoimisiún 10

1. Róil agus Freagrachtaí 12
2. Foireann Shinsearach an Choimisiúin 15
3. Teagmhálacha, Ceisteanna agus Gearáin 18
4. Sáruithe i ndáil le Sonraí 34
5. Cinntí agus Fiosrúcháin 38
6. Dlíthíocht 60
7. Maoirseacht 72
8. Cearta Cosanta Sonraí Leanaí 92
9. Oifigigh Cosanta Sonraí 97
10. Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta 100
11. Acmhainní Daonna, Cumarsáid agus Rialachas Corparáideach 113

Aguisín 1: Tuarascáil ar Nochtaí Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2025 126

Aguisín 2: Tuarascáil Fuinnimh 2025 130

Aguisín 3: Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha 133

Innéacs 135

# Réamhrá

Tháinig méadú gan fasach, 45%, ar líon na ngearán a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí / an Coimisiún (DPC) in 2025. Bhain cuid mhór díobh le húsáid na hIntleachta Saorga (AI) ag gearánaithe, rud a mhéadaigh méid agus castacht na ndoiciméad a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Ag an am céanna, mhéadaigh scála agus castacht úsáid sonraí pearsanta ag teicneolaíochtaí IS atá ag forbairt go mear, rud a chruthaigh rioscaí agus díobhálacha níos mó do dhaoine aonair. Tháinig méadú freisin ar líon na gcásanna dlíthíochta a thionscain cuideachtaí i gcoinne an Choimisiúin i rith na bliana, de bharr fiosrúchán trasteorann a cuireadh ar bun agus a cuireadh i gcrích maidir lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

I gcomhthéacs seo, ba ábhar díospóireachta mór i rith 2025 é an chothromaíocht idir nuálaíocht theicneolaíoch agus cosaint láidir ár sonraí pearsanta. Cuireadh ceist go minic an raibh rialáil dhigiteach ag cur bac ar nuálaíocht. Mhol an Coimisiún Eorpach roinnt beart simplithe reachtaíochta, lena n-áirítear faoin RGCS, ach d'fhan comhthoil ann nár cheart go ndéanfaí athruithe a dhéanfadh dochar do luachanna Eorpacha ná don cheart bunúsach maidir le cosaint sonraí pearsanta atá leagtha amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa RGCS. Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, rinne an Coimisiún iarracht an dearcadh a chaomhnú gur féidir agus gur gá go mbeadh nuálaíocht agus rialáil ann taobh le taobh i gcothromaíocht a thacaíonn lena chéile, ag cosaint an cheart ar chosaint sonraí agus ag éascú nuálaíocht fhreagrach.

Le linn na bliana, lean an Coimisiún dá shainordú a chomhlíonadh faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tar éis thuairim chomhchuibhithe an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir leis an Intleacht Shaorga i mí na Nollag 2024, lean an Coimisiún in 2025 de rialáil a dhéanamh faoin RGCS ar oiliúint samhlacha giniúnacha intleachta saorga ag na mórchuideachtaí teicneolaíochta atá lonnaithe in Éirinn. Áiríodh leis an obair seo dlúthchomhar le húdaráis Eorpacha chomhghleacaithe an Choimisiúin go háirithe ina ról mar Príomhúdarás Maoirseachta an Aontais Eorpaigh do na cuideachtaí lena mbaineann.

I mí Aibreáin, chuir an Coimisiún a Imscrúdú i gcrích maidir le haistrithe Sonraí Úsáideoirí Eorpacha ag TikTok Technology Limited chuig an tSín tar éis comhthoil a bhaint amach lena chomhrialtóirí AE faoin sásra rialála "Ionad Infhreastail" den RGCS, ina bhfeidhmníonn an Coimisiún mar Phríomhúdarás Maoirseachta.

I mí Bealtaine, d'oscail an Taoiseach agus an tAire Dlí agus Cirt oifigí nua an Choimisiúin ar Shráid Pheambróg, Baile Átha Cliath. Le cúnamh Oifig na nOibreacha Poiblí, chuir an foirgneamh nua ar chumas an Choimisiúin, an fhoireann atá aige lonnaithe i mBaile Átha Cliath a lonnú faoi dheireadh in aon fhoirgneamh nua-aimseartha láraithe amháin. Sa mhí chéanna, chuir an Coimisiún a Imscrúdú i gcrích maidir le húsáid teicneolaíochta meaitseála aghaidhe sa Chárta Seirbhísí Poiblí.

Le linn na bliana, d'oibrigh an Coimisiún lena chomhúdaráis san Eoraip agus chomhaontaigh siad Ráiteas Heilsincí i mí Iúil leis an gcaoi a raibh sé beartaithe ag údaráis Eorpacha cosanta sonraí cabhrú le daoine aonair agus le heagraíochtaí fanacht comhlíontach maidir le cosaint sonraí trí threoir níos simplí agus rannpháirtíocht níos mó.

Mhéadaigh an Coimisiún a chomhar le rialálaithe digiteacha tríd an nGrúpa Rialálaithe Digiteacha, leathnaigh sé tionscnaimh chun sábháilteacht leanaí agus cosaint a gcuid sonraí pearsanta ar líne a chur chun cinn agus rinne sé teagmháil lena chomhghleacaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le réimse saincheisteanna comónta, lena n-áirítear sábháilteacht leanaí agus tionscnaimh dearbhaithe.

I mí na Samhna, sheol an Coimisiún a fheachtas feasachta poiblí "Sharenting", a bhí ar cheann de na físeáin ba mhó a breathnaíodh orthu in Éirinn le cúig bliana anuas. Breathnaíodh ar an bhfíseán mearscaipthe "Sharenting" #SmaoinighSulabPostálannTú ar fud an domhain agus tharraing sé aird ar an ngá atá le cúram a ghlacadh agus sonraí pearsanta leanaí á roinnt ar líne. Dhoimhnigh an Coimisiún a rannpháirtíocht le comhlachtaí ag obair i réimse cumdach aosach leochaileach, d'fhorbair sé uirlisí breise do scoileanna agus bhunaigh sé grúpa tiomnaithe de 20 comhlacht rialaithe náisiúnta spóirt agus comhpháirtíochtaí áitiúla. Dhoimhnigh sé freisin a chuid oibre leis an earnáil miondíola in Éirinn.

I mí Dheireadh Fómhair, ceapadh Niamh Sweeney mar Choimisinéir um Chosaint Sonraí, rud a chríochnaigh an t-aistriú ó Choimisiún a raibh duine amháin air go Coimisiún a raibh triúr.

Ní fhéadfaí obair an Choimisiúin a bhaint amach le linn 2025, gan dúthracht gan staonadh fhoireann an Choimisiúin, a mhéadaigh go 295 duine faoi dheireadh na bliana. Mar Choimisinéirí, ba mhaith linn freisin aitheantas a thabhairt dár bhfoireann a chuireann misean an Choimisiúin chun cinn gach lá. Ba mhaith linn freisin aitheantas a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear na mílte oifigeach cosanta sonraí a dhéanann iarracht in éineacht linn lena chinntiú go gcosnaítear cearta cosanta gach duine, cibé acu ag rialtas, ag eagraíochtaí príobháideacha nó ag eagraíochtaí deonacha.



**An Dr Des Hogan**
Cathaoirleach,
Coimisinéir um Chosaint Sonraí

# Amlíne 2025

## R1

Shínigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (An Coimisiún) dearbhú comhpháirteach maidir leis an Intleacht Shaorga in éineacht leis na húdaráis chosanta sonraí ón Astráil, ón gCóiré, ón bhFrainc agus ón Ríocht Aontaithe.

Foilsíodh ráiteas an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le dearbhú aoise, a ndearna an Coimisiún a chomhdhreachtú.

## R2

D'fhógair an Coimisiún Imscrúdú maidir le X Internet Unlimited Company (XIUC) agus próiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí AE/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chun samhlacha giniúnacha intleachta saorga a oiliúint.

Ghearr an Coimisiún **fíneáil €530 milliún ar TikTok Technology Limited** agus d'ordaigh sé bearta ceartaitheacha tar éis Imscrúdú maidir le haistriú sonraí pearsanta úsáideoirí an LEE chuig an tSín.



**Ó dheis go clé:** An Coimisinéir Dale Sunderland, an tAire Dlí agus Cirt Jim O'Callaghan, an Taoiseach Micheál Martin agus an Coimisinéir Des Hogan ag oscailt áitreabh nua an Choimisiúin ar Shráid Pheambróg i mBaile Átha Cliath, Bealtaine 2025.

D'oscail an Taoiseach Micheál Martin agus an tAire Dlí agus Cirt Jim O'Callaghan **oifig nua an Choimisiúin** ar Shráid Pheambróg, Baile Átha Cliath.

Chuir an Coimisiún a imscrúdú i gcrích agus d'eisigh sé Cinneadh Deiridh maidir le teicneolaíocht meaitseála aghaidhe i ndáil le Cárta Seirbhísí Poiblí na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Foilsíodh Cinneadh Deiridh tar éis Imscrúdú ar shárú sonraí pearsanta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

R3

D'fhógair an Coimisiún Imscrúdú maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig an tSín tar éis do TikTok Technology Limited saincheist a aimsiú i mí Feabhra 2025, rud a d'fhág gur stóráladh cuid de shonraí pearsanta úsáideoirí an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) ar fhreastalaithe atá lonnaithe sa tSín.

Seoladh Foireann Uirlisí maidir le Cumhdach Aosach chun daoine leochaileacha a chosaint.

Fógraíonn an Coimisiún Imscrúdú maidir le Sláinte Leanaí Éireann in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta.

Cuirtear an Coimisiún ar ghearrliosta le haghaidh gradaim faoi chatagóir an fhorfheidhmithe ag Tionól Domhanda um Príobháideachas 2025 i Súl, Poblacht na Cóiré.

Sheol an Coimisiún, mar chuid den Ghrúpa Rialálaithe Digiteacha, an Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach.

R4

Síníonn an Coimisiún agus Coimisiún na Meán Comhaontú Comhoibrithe agus d'eisigh siad ráiteas comhpháirteach maidir le sábháilteacht leanaí agus cosaint a sonraí pearsanta ar líne a chur chun cinn.



**Ó dheis go clé:** An Coimisinéir Dale Sunderland, an Coimisinéir Des Hogan agus an Coimisinéir Niamh Sweeney.

Ceapadh Niamh Sweeney mar thríú Coimisinéir um Chosaint Sonraí.

Seolann an Coimisiún an feachtas fógraíochta mearscaipthe **#SmaoinighSulabPostálannTú** maidir le **"Sharenting", a ghin breis is 150 milliún** amharc ar fud an domhain.

Ceaptar Deirdre O'Donovan mar Stiúrthóir Dlí an Choimisiúin.

Reáchtálann an Coimisiún comhdháil **Chomhlíonta Kick Start** i bPáirc an Chrócaigh, atá dírithe ar chosaint sonraí sa spórt.

Eisíonn an Coimisiún Cinneadh Deiridh tar éis Imscrúdú maidir le hOllscoil Luimnigh.

# Achoimre Fheidhmeach

## **Príomhfhigiúirí:** 1 Eanáir – 31 Nollaig 2025

Fuarthas
**16,160**
cás nua[1]
rud a léiríonn **méadú 45%** i gcomparáid le 2024 (11,091).

Tugadh
**11,734**
cás chun críche,
rud a léiríonn **méadú 12%** i gcomparáid le 2024 (10,510).

Tugadh
**2,569**
cás chun críche,
rud a léiríonn **méadú 12%** i gcomparáid le 2024 (2,357).

Tugadh
**275**
imscrúdú ar mhargaíocht dhíreach leictreonach
chun críche, rud a léiríonn **méadú 88%** i gcomparáid le 2024 (146).

Tugadh
**208**
gearán trasteorann chun críche,
rud a léiríonn **méadú 43%** i gcomparáid le 2024 (145).

Fuair an Coimisiún
**6,521**
fógra faoi sháruithe sonraí in 2025.
Ba thoradh ar chomhfhreagras a seoladh chuig an bhfaighteoir mícheart leath de na fógraí seo.

Fuarthas
**6,654**
glao teileafóin.

1 Sainhmhínítear cásanna mar theagmhálacha a bhfuil tuilleadh rannpháirtíochta ag teastáil ina leith sa bhreis ar an iarratas a rinneadh ar dtús. Dá bhrí sin, i measc na gcásanna a d'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo tá gearáin ó dhaoine aonair, ach san áireamh chomh maith leis sin, tá iarratais ar chomhairle agus ar threoir nach bhfuil gearán san áireamh iontu. Níl teagmhálacha leis na meáin, cuirí chun cainteanna a thabhairt, fógraí maidir le sárú nó iarratais ar chomhairliúchán san áireamh.

**Fiosrúcháin Mhóra Críochnaithe**

**4**

**Cinntí Deiridh**

**10**

**Cinntí Sealadacha**

**92**

**Bhfíneálacha Riaracháin Ghearr an Coimisiún breis agus**

**€530,773,00**

**i bhfíneálacha riaracháin in 2025.**

Ba í an fíneáil is mó ná **pionós €530 milliún ar TikTok Technology Limited** maidir le haistriú sonraí pearsanta úsáideoirí AE/LEE chuig an tSín. Ó mhí na Bealtaine 2018, tá fíneálacha ar fiú **€4.04 billiún** san iomlán eisithe ag an gCoimisiún.

**Cuireadh**

**163**

**fógra réitigh chairdiúil**

isteach tríd an sásra comhair faoi Airteagal 60 den GDPR. Léiríonn sé seo méadú **41%** ar fhigiúr 2024 (115).

## Fiosrúcháin Nua

In 2025, d'fhógair an Coimisiún tús **fiosrúcháin nua** maidir le:

- sábháilteacht agus slándáil fhisiciúil na dtaifead sláinte leanaí ag **Children's Health Ireland** in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta;
- aistriú sonraí pearsanta AE/LEE ag **TikTok Technology Limited** chuig an tSín;
- úsáid sonraí úsáideoirí AE/LEE chun samhlacha intleachta saorga a oiliúint ag **XIUC**.

**Fuarthas**

# 1,015

iarratas um Chúnamh Frithpháirteach faoi Airteagal 61 den RGCS ó rialálaithe Eorpacha eile;

**Ghlac an Coimisiún páirt i mbreis agus**

# 140

cruinnuithe an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB);

**Bhí ionadaíocht ag an Coimisiún ar**

# 13

fhoghrúpa den EDPB.

Chuir an Coimisiún ionchur agus tuairimí ar fáil freisin maidir le breis agus

# 77

**píosa reachtaíochta náisiúnta a bhí molta.**

## Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha

Ba é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta athbhreithnithe maidir le **13 iarratas ar Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha** ó **ocht** gcuideachta éagsúla, agus ghníomhaigh sé mar chomh-athbhreithneoir d'údaráis mhaoirseachta eile ar **naoi n-iarratas BCR** ó **shé** chuideachta éagsúla.

# Smaoinigh Sula bPostálann Tú



Sheol an Coimisiún feachtas náisiúnta feasachta poiblí darb ainm **Smaoinigh sula bPostálann Tú** a leag béim ar na rioscaí a bhaineann le **'sharenting'** - is é sin, an nós atá ag tuismitheoirí faisnéis phearsanta, grianghraif agus físeáin dá leanaí a roinnt go rialta ar líne.

Ó foilsíodh é, tá an feachtas feicthe ag cuid mhór den phobal.

Smaoinigh Sula bPostálann Tú

**Ghin an feachtas níos mó ná**

# 150 milliún

**amharc ar fud an domhain.**

# 45 milliún

**amharc ar chainéil shóisialta an Choimisiúin.**

## Treoir Nua

D'fhoilsigh an Coimisiún roinnt treoir nua freisin in 2025, lena n-áirítear:

Foireann Uirlisí um Chumhdach Aosach chun tacú le heagraíochtaí a dhéileálann le sonraí pearsanta aosach leochaileach.

a Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach a forbraíodh i gcomhar le baill eile den Ghrúpa Rialálaithe Digiteacha — Coimisiún na Meán, ComReg agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí — chun ceisteanna coitianta maidir le rialáil dhigiteach in Éirinn a shoiléiriú.

acmhainn ar líne do scoileanna chun cabhrú leo cur chuige comhréireach agus comhlíontach a ghlacadh maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

sraith grafaicí eolais atá dírithe ar chosaint sonraí sa spórt.

Sharenting – Príomhleideanna, – acmhainn ar líne a chuireann leideanna praiticiúla ar fáil chun na rioscaí a bhaineann le sonraí faoi shaol leanaí a roinnt ar líne a laghdú.

Treoir maidir le déileáil le hIarratas ar Rochtain ar Shonraí – a thugann treoir do rialaitheoirí sonraí maidir le freagairt chuí d'Iarratas ar Rochtain ar Shonraí faoi Airteagal 15 den RGCS.

Rinne foireann an Choimisiúin cur i láthair ag breis agus

**100**

**imeacht cainteanna in 2025 go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.**

# Misean, Fís agus Luachanna ag an gCoimisiún

## Misean

Is é misean an Choimisiúin cur i bhfeidhm comhsheasmhach an dlí um chosaint sonraí a chinntiú trí rannpháirtíocht, maoirseacht agus forfheidhmiú, agus trí chomhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chur chun cinn. Cosnaíonn an Coimisiún cearta cosanta sonraí daoine aonair agus cuireann sé soiléireacht ar fáil do na heagraíochtaí a rialaíonn sé trí:

- oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí;
- cur chuige cóir agus cothrom a ghlacadh maidir le láimhseáil gearán
- cumarsáid fhairsing agus thrédhearcach a dhéanamh le páirtithe leasmhara;
- páirt ghníomhach a ghlacadh ag leibhéal an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun comhsheasmhacht a bhaint amach;
- fadbhreathnaitheacht theicneolaíoch a fhorbairt agus forbairtí rialála amach anseo á réamh-mheas;
- smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus stuama; agus
- saineolas agus cumais a fhoirne a chaomhnú agus a fhorbairt chun éifeachtacht oibríochtúil a chinntiú.

## Fís agus Luachanna

Tá an Coimisiún tiomanta do bheith ina rialálaí neamhspleách, cothrom agus comhsheasmhach ar dhlí cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh; a rialaíonn le cuspóir soiléir, a bhfuil muinín ag an bpobal ann, a bhfuil meas a chomhghleacaithe aige agus atá éifeachtach ina rialú. Cuireann an Coimisiún cur chuige rialála bunaithe ar riosca i bhfeidhm ina chuid oibre, ionas go ndírítear a chuid acmhainní ar an tairbhe is mó a sholáthar don líon is mó daoine. Is áit oibre dhúshlánach agus thairbheach é an Coimisiún, le béim ar na daoine is oiriúnaí a choinneáil, a mhealladh agus a shannadh chun a shainordú a chomhlíonadh, agus luach agus cumais na foirne á n-aithint mar an tsócmhainn is tábhachtaí dá chuid.

Agus a chuid dualgas á gcomhlíonadh aige, tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do ghníomhú ar bhealach atá:

- **Cothrom**
- **Saineolach**
- **Comhsheasmhach**
- **Trédhearcach**
- **Freagrach**
- **Réamhbhreathnaitheach**
- **Rannpháirteach**
- **Neamhspleách**
- **Atá faoi thionchar Torthaí**

Tá luachanna inmheánacha an Choimisiúin dírithe ar chultúr oibre bunaithe ar mhuinín agus ar mheas a chothú, ina mothaíonn an fhoireann go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad ar an eolas, agus go bhfuil siad muiníneach go bhfuil cinntí cothrom agus trédhearcach, agus go spreagtar an fhoireann lena láidreachtaí agus go dtacaítear le réimsí atá le forbairt. Is é an sprioc ná comhbhá agus tuiscint a chinntiú i measc comhghleacaithe, le deiseanna foghlama, fáis agus ardaithe céime a bheith ar fáil do chách, ag cothú an chomhionannais, na héagsúlachta agus na cuimsitheachta. Is cuid de chultúr inmheánach an Choimisiúin é ionad oibre a chruthú a thugann tús áite don chothroime, don chairdiúlacht agus don chomhoibriú, áit a gcuirtear fáilte roimh an nuálaíocht agus a dtacaítear léi.

## Straitéis Rialála

Leagtar amach i Straitéis Rialála an Choimisiúin don tréimhse 2022-2027 an chaoi a gcomhlíonann an Coimisiún a shainordú chun an ceart bunúsach maidir le cosaint sonraí a chosaint. Tá an Straitéis, agus an obair a eascraíonn aisti, bunaithe ar chúig cholún idirnasctha a bhfuil an tosaíocht chéanna ag baint le gach ceann acu.

1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach
2. Daoine aonair a chosaint agus feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn
3. Tús áite a thabhairt do chosaint leanaí agus grúpaí leochaileacha eile
4. Soláthar soiléireachta do pháirtithe leasmhara
5. Tacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí agus comhlíonadh a spreagadh

Tá an Straitéis eagraithe de réir spriocanna bunúsacha, agus í tacaithe ag misean, fís agus luachanna an Choimisiúin, a chuidíonn go comhchoiteann le soláthar a dhéanamh dá réimse tosaíochtaí straitéiseacha.

# Róil agus Freagrachtaí

# 1.

# 1. Róil agus Freagrachtaí

## Feidhmeanna an Choimisiúin

Tá an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint leagtha amach i ndlí an Aontais Eorpaigh i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is é an Coimisiún an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach sin. Tá cúram ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679). Tá feidhmeanna ag an gCoimisiún freisin i dtaca le creataí rialála eile, lena n-áirítear Rialacháin na hÉireann um Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (2011) agus an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin leagtha síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta agus don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

Áirítear iad seo a leanas le croífheidhmeanna an Choimisiúin faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

- feabhas a bhrú chun cinn ar chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe;
- gearáin ó dhaoine aonair a bhaineann le sáruithe féideartha ar a gcearta cosanta sonraí a láimhseáil;
- fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an reachtaíocht cosanta sonraí;
- feasacht a mhéadú i measc eagraíochtaí agus an phobail ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta atá i réim i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil;
- obair i gcomhar le húdaráis cosanta sonraí i mBallstáit eile den Aontas Eorpacha ar shaincheisteanna frithpháirteacha lena mbaineann próiseáil trasteorann sonraí pearsanta; agus
- gníomhú mar Phríomhúdarás Maoirseachta an Aontais Eorpaigh do rialaitheoirí sonraí a bhfuil a bpríomhbhunaíocht in Éirinn.

Baineann na **Rialacháin um Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach** le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs cumarsáidí leictreonacha amhail margaíocht dhíreach leictreonach.

Tá feidhm ag **an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí** maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí acu i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó i ndáil le pionóis choiriúla a fhorghníomhú.

De bhreis ar a fheidhmeanna faoi RGCS, leanann an Coimisiún lena fheidhmeanna rialála faoi **na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**, a chomhlíonadh i leith gearáin agus imscrúduithe a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018 (tráth a tháinig RGCS i bhfeidhm). Déanann sé amhlaidh freisin i leith catagóirí próiseála teoranta áirithe eile, is cuma cé acu a rinneadh an phróiseáil sin roimh an 25 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh.

## Maoiniú agus Riarachán —Vóta 43 (Vóta 44 roimhe seo)

Cuirtear maoiniú ar fáil don Choimisiún ón Státchiste agus ní fhaigheann sé aon ghnóthachan airgeadaíoch ó na fíneálacha a fhorchuirtear. Ar dheimhniú na gCúirteanna, cuirtear fíneálacha riaracháin a ghearrann an Coimisiún ar aghaidh chuig an státchiste lárnach. Is é Cathaoirleach an Choimisiúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, Vóta 43.

B’ionann maoiniú an Choimisiúin don bhliain 2025 agus **€29.12M**, dar leithdháileadh €19.357M ar chaiteachas a bhaineann le pá agus dar leithdháileadh €9.763M ar chaiteachas neamhphá.

B’ionann an maoiniú don bhliain 2025 agus méadú de thart ar **€1 mhilliún** ar leithdháileadh na bliana 2024.

# 2.

# Foireann Shinsearach an Choimisiúin



**Foireann Shinsearach an Choimisiúin ó chlé go deas:** David Murphy, Cathal Ryan, Diarmuid Goulding, Jennifer Dolan, MB Donnelly, Deirdre O'Donovan,  Niall Cavanagh, Dale Sunderland, n Dr Des Hogan, Ian Chambers, Gráinne Duffy, Labhras Sammin, Sandra Skehan agus Cian O'Brien. Níl sa ghrianghraf: Andrew Carroll, Graham Doyle, Elizabeth Finn, Gráinne Hawkes, Sarah Lea, Ultan O'Carroll, agus Niamh Sweeney.

# 2. Foireann Shinsearach an Choimisiúin

Is iad atá i gCoiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin ná na Coimisinéirí Cosanta Sonraí, an Stiúrthóir agus na Príomhoifigigh.

Déanann na Coimisinéirí agus na comhaltaí den Choiste Ardbhainistíochta maoirseacht ar bhainistíocht chuí agus rialachas cuí na heagraíochta, ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015).

Tá sceideal foirmiúil ag an gCoiste Ardbhainistíochta d'ábhair le breithniú agus le cinneadh, de réir mar is cuí, chun maoirseacht agus smacht éifeachtach a chinntiú ar an eagraíocht.

**Sa bhliain 2025, chuimsigh an Coiste Ardbhainistíochta:**

**An Dr Des Hogan**
Cathaoirleach, agus Coimisinéir Cosanta Sonraí;

**Dale Sunderland**
Coimisinéir Cosanta Sonraí;

**Niamh Sweeney**
Coimisinéir Cosanta Sonraí (ó R3 2025 i leith);

**Cian O'Brien**
Stiúrthóir agus Leas-Choimisinéir ar a bhfuil freagracht as Fiosrúcháin Mhórscála, lena n-áirítear Imscrúduithe & Gearáin Trasteorann;

**Deirdre O'Donovan**
Stiúrthóir agus Leas-Choimisinéir, ar a bhfuil freagracht as Gnóthaí Dlí (ó R3 2025 i leith);

**Andrew Carroll**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 2;

**Niall Cavanagh**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 1;

**Ian Chambers**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Túslíne, Sáruithe, Gearáin agus Faisnéis;

**Jennifer Dolan**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Idir-Rialála agus Imscrúduithe ríomh-Phríobháideachta;

**MB Donnelly**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Straitéis, Airgeadas, Rialachas agus Riosca;

**Graham Doyle**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Corparáideacha, Meáin & Cumarsáid;

**Gráinne Duffy**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Duine agus Foghlaim;

**Elizabeth Finn**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghearáin & Fiosrúcháin Trasteorann;

**Diarmuid Goulding**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 3;

**Gráinne Hawkes**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí EDPB/Idirnáisiúnta agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga;

**Sarah Lea**
Deputy Commissioner, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Dlí (ó R2 2025 i leith);

**David Murphy**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Comhairliúcháin agus Maoirseachta 1;

**Ultan O'Carroll**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Teicneolaíochta Rialála;

**Fleur O'Shea**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Dlí (go dtí R2 2025);

**Cathal Ryan**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Comhairliúcháin agus Maoirseachta 2;

**Labhras Sammin**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhiontair agus Oibríochtaí TFC; agus

**Sandra Skehan**
Leas-Choimisinéir, Ceann um Láimhseáil Gearán Náisiúnta agus Fiosrúcháin, lena n-áirítear Iarratais ar Rochtain, an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, Sáruithe agus Próiseáil.

# 3.

# Cásanna agus Gearáin

# 3. Cásanna agus Gearáin

Ba í 2025 an bhliain ba ghnóthaí a bhí ag an gCoimisiún go dtí seo, agus i rith na bliana ghlac an Coimisiún le **16,160** cás nua[2]. Is ionann é sin agus **méadú 45%** i gcomparáid le líon na gcásanna ar glacadh leo in 2024 (11,091). Ba í mí Dheireadh Fómhair 2025 an mhí ba ghnóthaí a taifeadadh riamh, tráth ar taisceadh **1,879** cás.




Tríd is tríd, d'fhreagair an Coimisiún do **níos mó ná 6,500** glaoch ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí, agus bhain **85%** díobh le daoine aonair.

Cuireadh clabhsúr le **11,734** cás in 2025, sin méadú **12%** ar líon na gcásanna ar cuireadh clabhsúr leo in 2024. Glacadh le **9,435** de na cásanna ar cuireadh clabhsúr leo in 2025.




Bhain na ceisteanna ba choitianta a cuireadh trí ríomhphost agus trí fhoirmeacha gréasáin le neamhfhreagairt Iarratas Duine ar a Sonraí, ábhair imní a bhain le próiseáil sonraí pearsanta agus ceisteanna a bhain le cuntais meán sóisialta, agus níor bhain go leor acu le raon feidhme an RGCS. Bhí treochtaí den chineál céanna le tabhairt faoi deara sna teagmhálacha teileafóin. Ba iad na hábhair ar lorg glaoiteoirí comhairle maidir leo go minic ná próiseáil a gcuid sonraí pearsanta nó treoir maidir le hIarratas Duine ar a Sonraí a dhéanamh.

2 Sainhmhínítear cásanna mar mar theagmhálacha a bhfuil tuilleadh rannpháirtíochta ag teastáil ina leith sa bhreis ar an iarratas a rinneadh ar dtús. Dá bhrí sin, i measc na gcásanna a d'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo tá gearáin ó dhaoine aonair, ach san áireamh chomh maith leis sin, tá iarratais ar chomhairle agus ar threoir nach bhfuil gearán san áireamh iontu. Níl teagmhálacha leis na meáin, cuirí chun cainteanna a thabhairt, fógraí maidir le sárú nó iarratais ar chomhairliúchán san áireamh.

**Na Príomhfhiosrúcháin a Cuireadh faoi Bhráid an Choimisiúin in 2025**

1. **Daoine aonair a raibh treoir á lorg acu maidir le neamhfhreagairt Iarratas Duine ar a Sonraí.**
2. **Sonraí pearsanta a phróiseáil.**
3. **Cuntais meán sóisialta.**
4. **Conas Iarratas Duine ar a Sonraí a Dhéanamh.**
5. **TCI sa Bhaile.**
6. **Eagraíochtaí a raibh treoir shonrach á lorg acu maidir le reachtaíocht an RGCS.**
7. **Sáruithe/fógra maidir le sárú.**

Nuair a dhéanann daoine aonair teagmháil leis an gCoimisiún chun aird a tharraingt ar ábhar imní, go ginearálta tá sé de nós ag an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh go díreach leis an eagraíocht ábhartha, go sonrach Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) na heagraíochta sa chás go bhfuil a leithéid d'Oifigeach ceaptha.

De ghnáth, bíonn an rannpháirtíocht seo mar bhonn le réiteach agus ní bhíonn gá le tuilleadh idirghabhála ón gCoimisiún. I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach an cás a ghéarú, is mór is fiú don Choimisiún a chinntiú gur féidir leis teacht ar chomhfhreagras scríofa idir an duine aonair agus an eagraíocht, comhfhreagras ina bhfuil mionsonraí maidir leis an gceist agus seasamh an dá pháirtí. Cabhraíonn na doiciméid seo chun measúnú níos éifeachtaí a dhéanamh ar cheist a dtarraingíonn duine aonair aird uirthi.

### Feidhmiú ceart faoin RGCS agus úsáid a bhaint as uirlisí Intleachta Saorga (IS).

I rith 2025, thug an Coimisiún méadú faoi deara ar líon na ndaoine aonair a raibh uirlisí IS in úsáid acu chun cabhrú leo a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú. Ainneoin gur féidir le huirlisí IS cabhrú le daoine aonair comhfhreagras soiléir agus dea-eagraithe a dhréachtú, molann an Coimisiún go mbeadh daoine cúramach chomh fada is a bhaineann le sonraí pearsanta a chur ar fáil nuair a bhíonn na huirlisí seo in úsáid acu.

Ba cheart go mbeadh daoine aonair cúramach freisin nuair a bhíonn uirlisí IS in úsáid acu chun gearáin a dhéanamh ar a son, de bhrí go bhféadfadh sé seo a bheith mar bhonn le hiarratais mhíchruinne nó neamhbhailí a bheith á gcur isteach. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé sin bac a chur ar fheidhmiú ceart, agus ar láimhseáil aon ghearáin a dhéantar ina dhiaidh sin.

## Gearáin

As an **16,160 cás nua**[3] a fuarthas in 2025, cinneadh déileáil le **3,385** díobh tríd an bpróiseas láimhseála gearán. Is ionann é sin agus méadú **27%** ar líon na gcásanna ar déileáladh leo tríd an bpróiseas láimhseála gearán i rith 2024.

Ar an iomlán, chuir an Coimisiún clabhsúr le **2,569** gearán in 2025. San áireamh ansin bhí **1,691** gearán a fuarthas roimh 2025 agus tá sé cothrom le **méadú 9%** ar an 2,357 gearán ar cuireadh clabhsúr leo in 2024.

| **Gearáin a fuarthas faoin RGCS:** Na 3 Phríomhcheist in 2025 (75% de na cásanna ar fad) | **% den líon iomlán** |
|---|---|
| Iarratas Duine ar a Sonraí | 42% |
| An ceart go ndéanfaí léirscriosadh | 17% |
| Próiseáil chothrom | 16% |

## Cearta Duine ar a Sonraí

Foráiltear in Airteagal 15 den RGCS gur féidir le daoine aonair faisnéis leordhóthanach, thrédhearcach agus atá inrochtana go héasca a fháil ó eagraíocht maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta ionas gur féidir leo a bheith ar an eolas faoi agus gur féidir leo dlíthiúlacht na próiseála agus cruinneas na sonraí próiseáilte a fhíorú. Glactar le ceart rochtana mar cheann de na cearta bunúsacha atá ag daoine faoin RGCS. Faoi dheireadh 2025, bhí **1,280** gearán faighte ag an gCoimisiún a bhain díreach le rochtain, sin **42%** de na gearáin ar fad a fuarthas i rith na bliana.

Mar a tugadh faoi deara i rith na mblianta roimhe seo, is é neamhchomhlíonadh líomhnaithe Iarratas Duine ar a Sonraí an phríomhfhoinse gearán a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin. Léirítear in athbhreithniú ar na gearáin seo gur bhain formhór na ngearán a fuarthas le ceisteanna bunúsacha, amhail meath ar chaidreamh idir fostóir agus fostaí, díospóidí a bhain le hairgead nó cásanna a bhí bunaithe ar sheirbhís do chustaiméirí nach raibh éifeachtach seachas imní ar leith a bhain le cosaint sonraí.

Tá an Coimisiún fós den tuairim nach mór d'eagraíochtaí níos mó oibre a dhéanamh chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun faisnéis níos iomláine agus níos fiúntaí a chur ar fáil do dhaoine aonair nuair a bhíonn Iarratais Duine ar a Sonraí á bhfreagairt acu. Ainneoin go bhfuil feabhas tugtha faoi deara ag an gCoimisiún ar chleachtais i bhformhór na n-eagraíochtaí, tá dúshláin fós le sárú.

### Leideanna maidir le hIarratas Duine ar a Sonraí

Sa chás go mbíonn eagraíochtaí ag brath ar dhíolúintí nuair a bhíonn Iarratas Duine ar a Sonraí á fhreagairt acu, is minic a theipeann orthu an chúis a bhí leis na srianta sin a chur i bhfeidhm a mhíniú go soiléir.

Níl taifead cuí á dhéanamh ag eagraíochtaí ar an mbealach agus ar an gcúis a bhíonn le cinntí áirithe a dhéantar nuair a bhíonn Iarratas Duine ar a Sonraí á mheas. Ba cheart d'eagraíochtaí sceideal a ullmhú ina liostaítear aon doiciméad atá á choinneáil siar nó á cheilt, agus ba cheart na cúiseanna atá leis an méid sin a dhéanamh a leagan amach go soiléir agus forálacha sonracha Acht 2018 nó na hairteagail ábhartha RGCS a rabhthas ag brath orthu chun srian a chur le rochtain a aithint. Ansin, ba cheart an fhaisnéis seo a roinnt leis an duine aonair ar bhealach soiléir, beacht agus trédhearcach mar chuid den fhreagra ar an Iarratas Duine ar a Sonraí.

3 Sainhmhínítear cásanna mar mar theagmhálacha a bhfuil tuilleadh rannpháirtíochta ag teastáil ina leith sa bhreis ar an iarratas a rinneadh ar dtús. Dá bhrí sin, i measc na gcásanna a d'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo tá gearáin ó dhaoine aonair, ach san áireamh chomh maith leis sin, tá iarratais ar chomhairle agus ar threoir nach bhfuil gearán san áireamh iontu. Níl teagmhálacha leis na meáin, cuirí chun cainteanna a thabhairt, fógraí maidir le sárú nó iarratais ar chomhairliúchán san áireamh.

Nuair a bheidh gearán curtha faoi bhráid an Choimisiúin, cabhróidh cumas eagraíochta chun léargas soiléir a thabhairt ar an anailís atá mar bhonn lena phróiseas cinnteoireachta chun dlús a chur leis an scrúdú a dhéanfaidh an Coimisiún ar an gceist. Cruthaíonn sé seo buntáistí d'eagraíochtaí, do dhaoine aonair agus don Choimisiún freisin. Sa chás go bhfuil freagraí cuimsitheach agus go bhfuil díolúintí curtha i bhfeidhm ar bhealach oiriúnach agus réasúnta, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach déileáil lena leithéid sin de chásanna trí mhearmheasúnú gearáin agus trí aonad réitigh luath an Choimisiúin.

## An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin

Foráiltear in Airteagal 16 den RGCS do cheartú sonraí pearsanta i gcás ina bhfuil na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil míchruinn, nó, ag cur cuspóirí na próiseála san áireamh, ina bhfuil na sonraí neamhiomlán ar bhealach éigin.

Tá oibleagáid ar eagraíochtaí sonraí pearsanta míchruinne a cheartú nuair a thagann a leithéid chun solais, trína gcuid próisis féin nó i ndiaidh iarratas a fháil ó dhuine aonair. Má chinntear go bhfuil sonraí pearsanta míchruinn ar cheist fíorais, nó neamhiomlán, ní mór don eagraíocht céimeanna a chur i gcrích chun an méid sin a leasú trí na sonraí pearsanta a cheartú nó trína chinntiú go bhfuil na sonraí iomlána ar fáil. Mura bhfuil eagraíocht in ann na sonraí a cheartú go díreach, féadfaidh sí, más cuí, a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh trí ráiteas breise a chur leis chun an míchruinneas a shoiléiriú agus a cheartú.

Baineann an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, go háirithe, le ceisteanna fíorais, a mbaintear míchiall astu go minic. Tagraíonn 'ceist fíorais' d'fhaisnéis ar féidir a chruthú go hoibiachtúil atá fíor nó bréagach. De ghnáth, ní bhaineann an ceart le hiarratais ina mbaineann an t-ábhar le tuairim nó le measúnuithe suibiachtúla (mura bhfuil bonn fíorasach na tuairime mícheart).

### Samplaí den Cheart go nDéanfaí Ceartúcháin

Go minic, is ionann tuairim gairmithe leighis agus ábhar na n-iarratas go ndéanfaí ceartúcháin a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin mar ábhar nach féidir a cheartú. Faigheann an Coimisiún gearáin go minic ina mbaineann an gearán aonair le tuairimí nó le diagnóis leighis stairiúil atá le fáil i dtaifid othair. Ainneoin gur féidir diagnóis a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin nuair a bhíonn faisnéis nua ar fáil, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil an diagnóis bhunaidh míchruinn ó thaobh fíricí de ná faoi réir ceartúcháin. Ba cheart diagnóis a thuiscint mar mheasúnú a dhéantar ag am ar leith, fianaise ar bhreithiúnas gairmiúil an tsoláthraí cúraim sláinte bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an am áirithe sin.

Fiú amháin sa chás go n-athraíonn an fhaisnéis chliniciúil bhunúsach, atá mar bhonn le tuairim nó le diagnóis dhifriúil ina dhiaidh sin, glactar leis an taifead bunaidh mar chuntas cruinn ar an méid a ndearnadh measúnú air agus a taifeadadh ag an am sin. Dá réir sin, tá sé cruinn ó thaobh fíricí de an tuairim nó diagnóis bhunaidh agus an t-ábhar a bhaineann lena leithéid a choinneáil mar chuid den taifead leighis. I gcásanna den chineál sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil na sonraí míchruinn, de bhrí gur measúnú gairmiúil comhaimseartha, dílis atá ann. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh an ceart go ndéanfaí ceartúcháin i bhfeidhm sa chás gurb ionann an fhaisnéis i gceist agus taifead stairiúil cruinn.

Cúis eile gur dócha nach féidir ceartúchán a dhéanamh ar thuairim nó ar dhiagnóis leighis ná gur féidir glacadh lena leithéid mar chomhthéacs tábhachtach d'aon chinneadh a dhéanann soláthraí cúraim sláinte maidir le haon chóir leighis ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí míniú a fháil ar an gcúis a bhí le cógais áirithe a oideasú nó le

tairbhe a bhaint as pleananna cóireála áirithe i dtuairim nó i ndiagnóis a rinneadh roimhe sin. Ní hamháin go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí na taifid seo a choinneáil, ach freastalaíonn a leithéid ar leas an phobail freisin trína chinntiú go mbíonn taifead iontaofa ag an duine aonair agus ag an ngairmí cóireála ar an méid a tharla. Mura féidir ceartúchán a dhéanamh ar thaifead leighis, b'fhéidir go bhféadfaí ráiteas breise a cheangal leis an taifead leighis ina mínítear na sonraí a chreideann an duine aonair atá míchruinn nó neamhiomlán.

I gcás amháin ar dhéileáil an Coimisiún leis, rinneadh iarratas go ndéanfaí ceartúchán ar úsáid na bhfocal 'cúramóirí éagsúla' i dtuarascáil, ar an mbonn gur chreid an gearánach gur thug úsáid na bhfocal sin le fios go raibh leanbh faoi chúram daoine éagsúla, pointe a bhí á dhíospóidiú. Bhí an duine den tuairim nach rachadh sé chun leasa an linbh nó a t(h)eaghlaigh dá mbeadh a leithéid d'fhocail in úsáid i dtuarascáil. Chinn an Coimisiún go raibh úsáid an téarma 'cúramóirí éagsúla' cruinn mar cheist fíorais de bhrí gur fianaise a bhí ann ar an mbaint a bhí ag an eagraíocht leis an leanbh ag pointe ama, go sonrach go raibh gairmithe leighis ag tabhairt aire don leanbh. Ba ionann tuiscint an ghearánaigh go bhféadfadh duine aonair a mbeadh an tuarascáil á léamh aige nó aici teacht ar thuiscint áirithe maidir leis nó léi, de bhrí go raibh na focail 'úsáideoirí éagsúla' in úsáid, agus easaontas idir an gearánach agus an eagraíocht, agus dá bhrí sin, ní raibh ceanglais Airteagal 16 á gcomhlíonadh.

Bhain tuilleadh samplaí le cásanna a ndearna an Coimisiún scrúdú orthu agus tá siad le fáil sa Leabhrán Cás-Staidéar a bhaineann le hiarratas go ndéanfaí ceartúcháin i ndáil le tuarascáil a bhí ordaithe ag Cúirt Chuarda na hÉireann agus le hiarratas go ndéanfaí ceartúchán a cuireadh faoi bhráid údaráis chánachais.

## Iarratais go nDéanfaí Léirscriosadh

Tá an ceart ag daoine aonair ceist a chur ar eagraíocht chun a gcuid sonraí pearsanta a scriosadh. 'An ceart go ndéanfaí léirscriosadh' a thugtar air seo. Ní ceart absalóideach atá anseo agus níl feidhm leis ach i gcásanna áirithe, amhail nuair nach mbíonn na sonraí ag teastáil ó eagraíocht níos mó, nuair a bhíonn toiliú tarraingthe siar nó chás gur baineadh úsáid neamhdhleathach as na sonraí.

Tá iarratais go ndéanfaí léirscriosadh i measc na bhfadhbanna is coitianta ar tarraingíodh aird an Choimisiúin orthu, **17%** de na gearáin ar fad. Go minic, déantar gearáin mar gheall ar mhoill a bhain le freagra a fháil ón eagraíocht nó gan míniú soiléir a fháil maidir leis an gcúis nach féidir na sonraí a scriosadh.

### Leideanna Iarratais go nDéanfaí Léirscriosadh

Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go mbíonn cásanna á míniú go soiléir acu i dteanga shimplí, agus ba cheart dóibh sonraí a chur ar fáil maidir leis an gcúis nach féidir sonraí a léirscriosadh agus maidir leis an méid ama a mbeidh sonraí á gcoinneáil. Go minic, cabhraíonn cumarsáid shoiléir idir daoine aonair agus eagraíochtaí chun fadhbanna a réiteach go luath agus chun an gá atá le hidirghabháil ón gCoimisiún a mhaolú.

## Láimhseáil Gearán

Próiseálann an Coimisiún gearáin faoi cheithre phríomhchreat dhlíthiúla:

- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), ar tugadh éifeacht bhreise dó faoi Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018);
- An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (TFD), a trasuíodh go dlí na hÉireann trí Chuid 5 agus Cuid 6 d'Acht 2018;
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; agus
- I.R. 336/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonacha) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011.

Tugann Airteagal 57(1)(f) den RGCS údarás don tuiscint go mbeadh gearáin á láimhseáil ag an gCoimisiún 'a mhéid is cuí' ag brath ar 'ábhar an ghearáin'. Faoi alt 109(1) d'Acht 2018, *'scrúdóidh an Coimisiún an gearán agus déanfaidh sé, a mhéid is cuí, de réir an ailt seo, cibé gníomh ina leith is cuí leis an gCoimisiún ag féachaint do chineál agus d'imthosca an ghearáin.'*. Dá réir sin, nuair a bheidh measúnú déanta ar ábhar imní agus nuair a bheifear ag glacadh leis mar ghearán—go mbaineann an cheist le próiseáil sonraí pearsanta duine aonair; go bhféadfadh sárú a bheith déanta ar chearta cosanta sonraí duine aonair agus gur bunaíodh gurb é an Coimisiún an t-údarás cuí chun scrúdú a dhéanamh ar an ngearán—cuirtear an gearán faoi bhráid aonad láimhseála gearán agus cuirtear scrúdú i gcrích de réir na gceanglas reachtúil.

In 2025, ghlac an Coimisiún le líon níos mó ná riamh cásanna. Tugadh méadú **45% ar líon iomlán na gcásanna** a fuarthas faoi deara i gcomparáid le 2024. Bhí tionchar díreach aige seo ar amanna freagartha cásanna an Choimisiúin agus ar an méid ama a thóg sé cásanna a láimhseáil. Lean an Coimisiún le bearta a chur i bhfeidhm chun a phróisis láimhseála cásanna a chuíchóiriú. Nuair a bheidh an Coimisiún i mbun oibre le daoine aonair agus le heagraíochtaí, díreoidh sé go sonrach ar dhoiciméid faisnéise/tacaíochta atá ag teastáil chun scrúdú a dhéanamh ar fhiosrúcháin agus ar ghearáin ionas nach mbeidh sé riachtanach iarratais éagsúla ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid a chur faoi bhráid páirtithe rud a d'fhéadfadh bac a chur ar an bpróiseas láimhseála gearán agus fadhbanna a chruthú idir na páirtithe.

## Cuairteanna Láithreáin

I gcásanna nuair nach bhfuil freagra tugtha ag rialaitheoirí sonraí ar iarratas a bhaineann le cearta nó sa chás nach n-éiríonn leo cúrsaí a phlé leis an gCoimisiún nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar ghearán, eagraíonn an Coimisiún cuairteanna láithreáin rialta ar áitribh. Déantar a leithéid seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an leanfaidh nó nach leanfaidh eagraíocht nó gnó ar aghaidh ag feidhmiú, chun aird gnóthaí níos lú a tharraingt ar a gcuid freagrachtaí faoin RGCS, nó chun a chinntiú go bhfaightear doiciméid sula dtosaítear ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as cumhachtaí forfheidhmiúcháin.

In 2025, eagraíodh **13 chuairt láithreáin** ar eagraíochtaí ar theip orthu aird a thabhairt ar phróiseas gearán an Choimisiúin nó ar theip orthu iarratas ar chearta a fhreagairt. I measc na gcineálacha áitreabh ar tugadh cuairt orthu bhí bialanna, clinic dochtúra teaghlaigh, oifig aturnae agus áitribh ghnó (seoltaí a bhí cláraithe leis an OCC) roinnt trádálaithe aonair. I gcásanna áirithe, tugadh faoi deara mar thoradh ar na cuairteanna a eagraíodh nach raibh gnó ag feidhmiú níos mó. I gcásanna eile fós, thacaigh an obair seo le toilteanas an úinéara gnó comhoibriú nuair a míníodh a c(h)uid freagrachtaí faoin RGCS dó nó di. Le linn na gcuairteanna láithreáin dheimhnigh an Coimisiún nach raibh taifead de na sonraí pearsanta a lorgaíodh próiseáilte ar chor ar bith nó níos mó.

## Torthaí Gearáin

Braitheann toradh gearáin ar cibé acu atá nó nach bhfuil gné thrasteorann ag baint leis an bpróiseáil.

In go leor cásanna, i rith an athbhreithnithe thosaigh agus i rith an phróisis scrúdaithe, is féidir gearáin a réiteach trí fhaisnéis agus treoir a bheith á gcur ar fáil ag an gCoimisiún, lena n-áirítear soiléiriú maidir le gnéithe ábhartha den dlí cosanta sonraí. Réitítear líon suntasach gearán ar bhealach cairdiúil freisin i ndiaidh don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh, mar shampla, sa chás go meabhraítear a gcuid oibleagáidí d'eagraíochtaí nó go moltar dóibh féachaint ar threoir atá foilsithe ag an gCoimisiún nó ag an EDPB chun a chinntiú go bhfuiltear ag seasamh le cearta cosanta sonraí daoine aonair. Go minic, is é sin an toradh is fearr ar fad do dhuine aonair sa chás nach gcruthaíonn an t-ábhar ar tarraingíodh aird air riosca don duine aonair, nó sa chás go raibh míthuiscint idir na páirtithe a bhí mar bhonn leis an gceist a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar an gcéad dul síos.

Chomh fada is a bhaineann le cásanna a mheastar nach mbaineann le próiseáil thrasteorann nár thángthas ar réiteach maidir leo ar bhealach cairdiúil, tá feidhm le halt 109(5) d'Acht 2018. San alt seo leagtar amach na forais faoinar féidir leis an gCoimisiún gearán a thabhairt chun críche taobh amuigh de phróiseas fiosrúcháin. I measc na bhforas seo tá: diúltú do ghearán nó gearán a dhíbhe sa chás nach bhfuil aon sárú i gceist; comhairle a eisiúint chuig gearánach maidir le hábhar an ghearáin; fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint a chuireann iallach ar rialaitheoir ceart atá feidhmithe a chomhlíonadh; iomardú a eisiúint; nó aon ghníomh eile a mheasann an Coimisiún atá oiriúnach nuair a chuirtear san áireamh na fachtóirí a bhaineann leis an ngearán agus aon ghníomh maolaitheach a chuir an rialaitheoir i gcrích fad is a bhí scrúdú á dhéanamh ar an ngearán.

Sa chás go n-aithníonn an Coimisiún sárú beag ar reachtaíocht cosanta sonraí arb ionann é agus riosca beag don duine aonair, féadfaidh an Coimisiún comhairle nó treoracha a eisiúint don rialaitheoir maidir leis na cleachtais agus na nósanna imeachta atá in úsáid faoi láthair nó maidir leis an tslí ar dhéileáil sé leis an ngearán, agus é mar aidhm tacú le comhlíonadh feabhsaithe.

## Díbhí Gearán

I rith 2025, dhiúltaigh nó dhíbh an Coimisiún **53** cás go foirmiúil: 19 gcás gan gné thrasteorann agus 34 cás le gné thrasteorann. Uaireanta, déanann daoine aonair teagmháil leis an gCoimisiún maidir le ceisteanna nach mbaineann lena gcearta cosanta sonraí, nó sa chás go gcreideann siad go gcabhróidh reachtaíocht cosanta sonraí chun ceist eile ar fad a réiteach.

Eagraíonn an Coimisiún a leithéid sin de chásanna in ord tosaíochta, cuirtear faisnéis ar fáil maidir le méid agus srianta chearta an RGCS, agus diúltaítear do nó díbhtear cásanna de réir mar is gá chun a chinntiú go mbaintear tairbhe as acmhainní na hoifige chun déileáil le cásanna ina bhfuil níos mó riosca do dhaoine aonair le tabhairt faoi deara agus lena mbaineann feidhm leis an RGCS.

Déanann an Coimisiún cásanna a dhíbh, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar ábhar an ghearáin, a mheastar nár sháraigh an eagraíocht lena mbaineann an gearán aon airteagal faoin RGCS nó faoi Achtanna 2018. Sa chomhthéacs seo, sa bhliain 2025, dhíbh an Coimisiún cásanna a bhain le gearáin in aghaidh cuideachtaí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear:

- cásanna a bhain leis 'an gCeart go nDéanfaí Ligean i nDearmad', as chás inar iarr daoine aonair go mbeadh airteagail shonracha díliostaithe ó innill chuardaigh. In go leor cásanna, bhí an Coimisiún den tuairim gur ar mhaithe le leas an phobail go mbeadh na hairteagail sin fós ar fáil, rud a sháraigh ceart an duine aonair chun iad a bhaint;
- cásanna a bhain le díospóidí fostaíochta agus imscrúduithe a bhain lena leithéid, sa chás gur roinneadh sonraí na n-imscrúduithe le daoine aonair ar bhain na gearáin leo; agus

- cásanna inár sháraigh próiseáil sonraí pearsanta chun críche an chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú, lena n-áirítear próiseáil chun críocha iriseoireachta, ceart go ndéanfaí léirscriosadh gearánaigh chun go ndéanfaí airteagail shonraithe a bhain leis nó léi a léirscriosadh. Baineann líon suntasach de na cineálacha cásanna seo le himeachtaí a bheith á dtuairisciú ag nuachtán maidir le ciontuithe coiriúla a bhfuil na cúirteanna freagrach astu.

## Iomarduithe

Is bearta ceartaitheacha frithghníomhacha iad iomarduithe ar féidir leis an gCoimisiún a úsáid, agus a úsáideann an Coimisiún. Is éard atá i gceist le hiomardú ná cumhacht cheartaitheach, scríofa, fhoirmiúil a eisíonn an Coimisiún chuig rialaitheoir (nó próiseálaí) i gcásanna nuair a mheasann an Coimisiún gur sháraigh an phróiseáil sonraí Acht 2018 agus/nó an RGCS. Is ráiteas foirmiúil, oifigiúil maidir le míshásamh é iomardú, fianaise nár chomhlíon eagraíocht a cuid oibleagáidí rialála. Glactar le hiomarduithe mar thaifead poiblí ar neamhchomhlíonadh agus mar chuid de mheasúnú ar ghníomh forfheidhmiúcháin níos déine a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo.

# **Cás-Staidéar:** Iomardú eisithe ag an gCoimisiún chuig Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Ghlac an Coimisiún le gearán a rinne duine aonair maidir lena f(h)ostóir, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, i ndáil leis an úsáid a bhí á baint aici as córais físfhaireachas san áit oibre. Ainneoin gur admhaigh an duine aonair go raibh a n-íomhá á taifeadadh ar cheamaraí TCI mar gheall ar thimpeallacht ardriosca na háite oibre, níor cheap siad go raibh sé oiriúnach ceamaraí an chórais a úsáid le haghaidh críocha eile, cosúil le monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh fostaí. Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann le fios gur bhraith sí ar chonradh fostaíochta an duine aonair mar bhonn don phróiseáil seo, a bheadh ag teacht, go ginearálta, le hAirteagal 6(1)(b) den RGCS.

Leagtar amach in Airteagal 5(1)(a) den RGCS an ceanglas go mbeadh eagraíochtaí ag feidhmiú ar bhealach trédhearcach agus cothrom nuair a bheadh sonraí pearsanta á bpróiseáil. Sa chomhthéacs seo, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar Bheartas TCI Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus shonraigh sé an méid seo a leanas: *'Píosa scannánaíochta agus fuaim TCI sa chás go bhfuil gá lena leithéid go réasúnta chun fíorais a bhunú i rith imscrúdaithe'*, e.g. imscrúdú araíonachta. Sa chás go bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha sláinte agus sábháilteachta i dtimpeallachtaí oibre ardriosca, trí TCI, go ginearálta, ghlacfadh an Coimisiún leis go bhfuil a leithéid de réir an dlí.

É sin ráite, sa chás seo, ceanglaíodh ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a léiriú freisin go raibh an phróiseáil a bhí á déanamh aici ar shonraí pearsanta, go sonrach an mhonatóireacht a bhí á déanamh ag ceamaraí TCI ar ghluaiseachtaí an duine aonair, riachtanach agus i gcomhréir le raon feidhme an imscrúdaithe i gcásanna inar admhaigh an gearánach don cheist a bhí ag croílár ceiste araíonachta. Níor chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann aon fhianaise thacúil ar fáil sa chomhthéacs seo. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur theip ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an méid seo a leanas a léiriú: an chúis go raibh sé riachtanach nó comhréireach monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí an duine aonair trí úsáid a bhaint as a ceamaraí TCI; an chaoi a raibh an úsáid a bhí á baint aici as píosa scannánaíochta TCI, i bpróiseas araíonachta, ag teacht lena Bheartas TCI féin, agus; bonn dlí oiriúnach faoi Airteagal 6 den RGCS.

Chinn an Coimisiún i ndeireadh na dála gur sháraigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann a cuid oibleagáidí chun a chinntiú go raibh a cuid gníomhaíochtaí próiseála á gcur i gcrích ar bhealach trédhearcach, cothrom agus dleathach. D'eisigh an Coimisiún iomardú chuig an eagraíocht faoi alt 109(5) (da) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

### PRÍOMHPHOINTE:

Sula bpróiseáiltear sonraí pearsanta, ba cheart d'eagraíocht eolas a bhailiú faoin méid seo a leanas ar dtús: an chúis/na cúiseanna atá acu le sonraí pearsanta a phróiseáil; an bhféadfaí na cúiseanna seo a shásamh gan úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, agus an cuireadh an duine aonair ar an eolas, go mbeadh a sonraí pearsanta á bpróiseáil ar an mbealach seo. Ba cheart go mbeadh an úsáid atá á baint ag eagraíocht as sonraí pearsanta sonraithe go soiléir ón tús agus nach féidir le heagraíocht tuilleadh próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta le haghaidh cúiseanna neamh-chomhoiriúnacha eile. Is ar eagraíocht atá an fhreagracht a chinntiú gur féidir léi a léiriú go bhfuil a cuid gníomhaíochtaí próiseála á gcur i gcrích ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 5(2) den RGCS.

# **Cás-Staidéar:** Iomardú eisithe chuig soláthraí teileachumarsáide – Vodafone

Ghlac an Coimisiún le gearán in aghaidh Vodafone agus Vodafone Intelligent Solutions (ar a dtugtar 'an soláthraí IS' anseo ina dhiaidh seo). Sa ghearán, líomhain an gearánach gur phróiseáil Vodafone a seoladh ríomhphoist go neamhdhleathach.

In 2021, thug an gearánach le fios do Vodafone go raibh a c(h)uid sonraí pearsanta (i.e. seoladh ríomhphoist) curtha trí earráid le cuntas custaiméara tríú páirtí agus fiafraíodh go gcuirfeadh Vodafone srian ar phróiseáil a seoladh ríomhphoist, de bhrí nach custaiméir é nó í. Ní dhearna Vodafone aon rud maidir le hiarratas an ghearánaigh go ndéanfaí ceartúchán, iarratas a rinneadh faoi Airteagal 18 den RGCS i gcomhair dhá bhliain.

De bhrí gur theip ar Vodafone aon rud a dhéanamh maidir le hiarratas an ghearánaigh go ndéanfaí ceartúchán, go dtí go raibh dhá bhliain caite, bhí an gearánach den tuairim nach raibh an dara rogha acu ach iarratas a chur faoi bhráid Vodafone go ndéanfaí léirscriosadh faoi Airteagal 17 den RGCS in 2023. Chomhlíon Vodafone an t-iarratas seo laistigh den tréimhse ama riachtanach, sin mí amháin chun Airteagal 17 a chomhlíonadh. É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara dá mbeadh gníomh cuí déanta ag Vodafone i ndáil leis an gcéad iarratas a rinne an gearánach, go ndéanfaí ceartúcháin in 2021, nach mbeadh ar an ngearánach iarratas ar léirscriosadh a dhéanamh in 2023.

Os a choinne sin, thar thréimhse cheithre mhí, chuir an gearánach cúig Iarratas Duine ar a Sonraí lena n-áirítear roinnt ceisteanna Airteagal 15(1) faoi Airteagal 15 den RGCS faoi bhráid an tsoláthraí IS. Ba cheart don soláthraí IS, mar Phróiseálaí Sonraí, a chur in iúl do Vodafone go raibh na hiarratais seo faighte aige ón ngearánach agus ba cheart do Vodafone, mar Rialaitheoir Sonraí, an freagra ar na hiarratais seo faoi Airteagal 15 a chur ar fáil. Theip ar an soláthraí IS, áfach, eolas a roinnt le Vodafone maidir leis na hiarratais a bhí faighte aige ón ngearánach agus, dá bharr sin, níor fhreagair Vodafone nó an soláthraí IS na hiarratais éagsúla a rinne an gearánach.

Thuig Vodafone nach raibh a phróisis theicneolaíocha agus eagraíochtúla gur chinn orthu sa chás seo.

Bhí an Coimisiún den tuairim gurb ionann teip Vodafone an chéad iarratas go ndéanfaí ceartúchán a fhreagairt mar aon leis na cúig Iarratas Duine ar a Sonraí, laistigh den tréimhse ama de réir a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 12(3) den RGCS agus Airteagal 12(4) den RGCS, agus teip chórasach cloí lena chuid oibleagáidí mar Rialaitheoir Sonraí mar atá leagtha amach ina reachtaíocht cosanta sonraí.

**PRÍOMHPHOINTE:**

Sa chás go gcuireann duine aonair in iúl do rialaitheoir sonraí go bhfuil a c(h)uid sonraí pearsanta curtha san áireamh go míchruinn i gcuntas custaiméara agus go ndéantar iarratas ar cheartúchán, tá oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta míchruinne a cheartú de réir a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 18 den RGCS.

Ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí próisis chuí a bhunú chun a chinntiú gur féidir aon iarratas ar cheartúchán a chur i gcrích agus go gcuirtear freagra ar fáil go tráthúil, de réir Airteagal 12(3) den RGCS.

Mar gheall ar neamhghníomhaíocht agus easpa próiseas cuí laistigh de chórais an Phróiseálaí Sonraí, sa chás-staidéar seo bhí an gearánach den tuairim nach raibh an dara rogha aige nó aici ach cúig Iarratas Duine ar a Sonraí a dhéanamh faoi Airteagal 15 den RGCS chun eolas a fháil faoi na daoine a raibh rochtain acu ar a sonraí pearsanta thar thréimhse dhá bhliain nuair a bhí a gcuid sonraí á bpróiseáil go neamhdhleathach ag an Rialaitheoir Sonraí.

Sa chás seo, theip ar an Rialaitheoir Sonraí agus ar an bPróiseálaí Sonraí freagairt d'aon cheann d'iarratais rochtana an ghearánaigh agus nuair a chuir an Coimisiún roinnt ceisteanna, theip orthu a admháil cé chomh tromchúiseach is a bhí teip na mbeart eagraíochta, rud ba chúis le hiomardú a bheith á eisiúint ag an gCoimisiún nuair a chuir sé a scrúdú ar an ngearán seo i gcrích.

**Tá Cás-Staidéir a bhaineann le hIomardú Trasteorann Bunaithe ar Ghearán le fáil ar leathanaigh 51-57 den tuarascáil seo. Tá Cás-Staidéir eile a bhaineann le gearáin á gcur ar fáil i bhfoilseachán eile seachas sa tuarascáil seo.**

## Tionscadal Príomhchoincheap EDPB

I rith 2025, bhí an Coimisiún, mar aon le gach údarás cosanta sonraí Eorpach eile, páirteach i dtionscadal arb é an aidhm a bhí leis tuairisciú staitistiúil agus ualaigh oibre a ailíniú ar fud LEE. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo, a sheol an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, sonraí ar an mbealach céanna, a bhailiú maidir le gníomhaíochtaí gach údarás cosanta sonraí ó na baill ar fad. Tá tuilleadh faisnéise maidir le Tionscadal Phríomhchoincheap EDPB le fáil ar leathanach 106 den tuarascáil seo.

## Gearáin maidir le Margaíocht Leictreonach Dhíreach

Déanann an Coimisiún imscrúdú ar chionta a bhaineann le margaíocht leictreonach dhíreach faoi I.R. 336/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonacha) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 ('na Rialacháin maidir le R-phríobháideachas'). Cuireann na Rialacháin maidir le R-phríobháideachas Treoir 2002/58/CE ('an Treoir maidir le R-phríobháideachas') chun feidhme i ndlí na hÉireann.

In 2025, ghlac an Coimisiún le **245 gearán nua** maidir le, margaíocht leictreonach dhíreach, sin **méadú 24%** i gcomparáid le figiúr 2024. As an 245 gearán seo, bhain **73%** le ríomhphoist gan iarraidh, agus bhain **11%** le téacsteachtaireachtaí SGT gan iarraidh.

Cuireadh clabhsúr le **275** imscrúdú a bhain le margaíocht leictreonach dhíreach in 2025. Is ionann é seo agus **méadú 88%** ar an bhfigiúr a tuairiscíodh i gcomhair 2024.

Tá an méid seo a leanas san áireamh san fhigiúr seo de 275 imscrúdú ar cuireadh clabhsúr leo:

- **9** ngearán ó 2023;
- **72** gearán ó 2024; agus
- **194** gearán ó 2025.




Bhain na saincheisteanna margaíochta leictreonaí dírí ba mhinice a tuairiscíodh le:

- Cumarsáid margaíochta a seoladh chuig daoine aonair gan sásra díliostála feidhmiúil. Bhí cásanna mar seo a leanas san áireamh:
  - rinne an eagraíocht neamhaird den iarratas díliostála;
  - ní raibh an sásra díliostála ag obair i gceart; nó
  - níor cuireadh sásra ar fáil ar chor ar bith.
- Seoladh cumarsáid margaíochta gan toiliú soiléir a fháil ón duine aonair (agus sa chás nach raibh aon díolúine faoi na rialacháin infheidhme).

In 2025, d'eisigh an Coimisiún **50 litir rabhaidh** chuig cuideachtaí de bharr cumarsáid margaíochta gan iarraidh.

Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú, nuair a lorgaítear toiliú chun críocha margaíochta, go mbeidh an toiliú seo so-aitheanta go soiléir agus nach mbeidh sé 'pacáistithe' le hiarratais eile ar thoiliú. Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú freisin go n-oibríonn a nósanna imeachta díliostála i gceart agus go ndéantar iad a thástáil go rialta chun a bhfeidhmiúlacht a chinntiú.

## Gearáin maidir le hIonaid Ilfhreastail

Bunaíodh sásra an Ionaid Ilfhreastail (IIF) faoin RGCS chun an tslí a n-idirghníomhaíonn eagraíochtaí atá ag obair i mBallstáit AE éagsúla le húdaráis chosanta sonraí (ar a dtugtar 'údaráis mhaoirseachta' faoin RGCS) a chuíchóiriú. Cuireann an IIF ar chumas eagraíochtaí den sórt sin a bheith faoi mhaoirseacht Údarás Maoirseachta Ceannais (ÚMC) aonair, bunaithe ar shuíomh a 'bpríomháit bhunaithe nó a n-áit bhunaithe aonair', seachas a bheith faoi réir rialáil ar leithligh ag údaráis chosanta sonraí gach ballstáit.

De ghnáth, is í príomháit bhunaithe nó áit bhunaithe aonair eagraíochta, a háit riaracháin lárnach agus/nó an suíomh ina ndéantar cinntí tábhachtacha maidir le próiseáil sonraí laistigh den AE/LEE. Faoin IIF, feidhmíonn an t-údarás maoirseachta a fhaigheann gearán mar Údarás Maoirseachta Ábhartha (ÚMA). Feidhmíonn an ÚMA mar idirghabhálaí idir an ÚMC agus an duine aonair. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh duine aonair in aon tír AE/LEE gearán a chur isteach go díreach chuig an ÚMC nó chuig a n-údarás áitiúil/náisiúnta, a sheolfaidh an gearán ar aghaidh chuig an ÚMC ina dhiaidh sin. Tríd an sásra seo, comhlíonann an Coimisiún a ról mar rialálaí do shaoránaigh an AE.

Ó cuireadh an RGCS chun feidhme, tá **2,189** gearán trasteorann ar fad faighte ag an gCoimisiún. Tá an Coimisiún bunaithe mar Údarás Maoirseachta Ceannais le haghaidh **1,927 (88%)** de na gearáin seo.

Tá clabhsúr curtha anois le **1,519 (79%)** de na gearáin thrasteorann bhailí, arb é an Coimisiún atá ag feidhmiú mar ÚMC lena n-aghaidh.

Ó mhí na Bealtaine 2018, chuir gearánaigh **67%** de na gearáin thrasteorann, arb é an Coimisiún atá ag feidhmiú mar ÚMC lena n-aghaidh, i dtaisce le húdarás maoirseachta AE/LEE eile agus ansin aistríodh iad chuig an gCoimisiún trí shásra IIF. Taisceadh **33%** de na gearáin thrasteorann leis an gCoimisiún go díreach.

In 2025, ghlac an Coimisiún le **315** gearán trasteorann bailí, a bhain le cuideachtaí arb é an Coimisiún atá ag feidhmiú mar ÚMC lena n-aghaidh. Faoi dheireadh na bliana, bhí clabhsúr curtha ag an gCoimisiún le **208** gearán trasteorann, líon gearán arb ionann é agus méadú **43%** i gcomparáid le figiúr 2024. Diúltaíodh do nó díbheadh 34 cás trasteorann in 2025.

**Gearáin Thrasteorann arb é an Coimisiún atá ag Feidhmiú Mar ÚMC lena N-Aghaidh**



**Gearáin Thrasteorann ar Cuireadh Clabhsúr Leo**
(Méadú 43% i gComparáid le 2024)




**Fógra Maidir le Réiteach Cairdiúil**
(Méadú 41% i gComparáid le 2024)




As na gearáin a raibh clabhsúr curtha leo, chuir an gCoimisiún **163** fógra isteach trí shásra comhair Airteagal 60 den RGCS i gcásanna ina raibh siad i ndiaidh teacht ar réiteach cairdiúil. Is ionann é sin agus **méadú 41%** ar an bhfigiúr a tuairiscíodh in 2024. Tá sonraí maidir leis na cásanna seo foilsithe ar shuíomh gréasáin EDPB.

**Tá tuilleadh faisnéise maidir le Cinntí Gearán Trasteorann le fáil ar leathanaigh 51-57 den tuarascáil seo. Tá Cás-Staidéir Thrasteorann á gcur ar fáil i bhfoilseachán eile.**




**Ó chlé go deas:** Na Coimisinéirí Dale Sunderland, Des Hogan agus Niamh Sweeney i láthair ag Bord Cosanta Sonraí na hEorpa, Cruinniú Iomlánach Mhí na Nollag sa Bhruiséil.

## Gearáin faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí

Tá feidhm leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (TFD), a trasuíodh i ndlí na hÉireann le hAcht 2018, nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, nó chun pionóis choiriúla a chur i ngníomh. Ionas gur féidir le heagraíocht tairbhe a bhaint as na hailt seo, ní mór go mbeadh an eagraíocht ag feidhmiú mar 'údarás inniúil' mar atá leagtha amach in Alt 69 d'Acht 2018.

Is iad an dá phríomhúdarás inniúla a mbíonn an Coimisiún ag obair leo trí ghearáin ná An Garda Síochána (AGS) agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Glactar le Comhlachtaí Reachtúla cosúil le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, comhairlí contae agus an Roinn Coimirce Sóisialaí mar údaráis inniúla freisin i ndáil le líon teoranta dá gcuid feidhmeanna.

I rith 2025, chuir an Coimisiún leis an méid rannpháirtíochta a dhéanann sé le húdaráis inniúla. Trí bheith ag obair in éineacht le haonaid mhaoirseachta an Choimisiúin, ba é an aidhm a bhí leis an rannpháirtíocht seo a chinntiú go gcuireann na húdaráis seo faisnéis shoiléir agus ghonta ar fáil do dhaoine aonair, go háirithe nuair a bhíonn iarratais ar shonraí á bhfreagairt acu. Leag an Coimisiún béim ar an riachtanas go mbainfeadh údaráis inniúla úsáid as teanga shimplí nuair a bhí an chúis nach mbeadh taifid ina bhfuil sonraí pearsanta á gcur ar fáil á míniú acu. Go bunúsach, ba cheart d'eagraíochtaí an chúis atá leis an bhfaisnéis iarrtha ar fad, nó cuid di, a choinneáil siar a mhíniú go soiléir mar chuid den fhreagra a chuirtear ar fáil don duine aonair.

Tríd an obair seo, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar éifeachtúlacht a phróisis láimhseála gearán féin nuair a iarrann baill den phobal air athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh nó chun cinneadh údaráis inniúil a bhailíochtú chun srian nó teorainn a chur le nochtadh.

In 2025, ghlac an Coimisiún **le 32 gearán TFD** agus **cuireadh clabhsúr le 11 gearán TFD** (lena n-áirítear gearáin a fuarthas roimh 2024). Bhain **breis is 65%** de na gearáin a scrúdaigh an Coimisiún faoin TFD le hIarratais Duine ar a Sonraí. Tá tuilleadh eolais faoin TFD le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí

## Idirghabháil Dhíreach

Go minic láimhseálann an Coimisiún cásanna atá an-íogair agus ina bhfuil gá le hidirghabháil láithreach chun cearta cosanta sonraí líon mór daoine a chosaint. Go hiondúil, tarlaíonn a leithéid seo i gcúinsí ina mbíonn ceist thromchúiseach maidir le cosaint sonraí curtha faoi bhráid an Choimisiúin, ach nach bhfuil aon ghearán bailí (mar a shainmhínítear faoi Alt 107 d'Acht 2018) chun díriú air, toisc nach bhfuil tionchar díreach ag an gceist atá curtha faoi bhráid an Choimisiúin ar an duine a tharraing aird ar an gceist.

Sa chás go gcuirtear a leithéid de cheist faoi bhráid an Choimisiúin, is féidir leis an gCoimisiún idirghabháil dhíreach a dhéanamh agus labhairt leis an rialaitheoir sonraí maidir leis na ceisteanna sin. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag an idirghabháil dhíreach agus láithreach seo i gcearta cosanta sonraí líon mór daoine a chosaint.

## Próiseáil sonraí pearsanta daoine fásta atá i mbaol díobhála nó i gcásanna leochaileacha.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine aonair atá i mbaol díobhála nó i gcásanna leochaileacha i gcónaí in ann fiosrúcháin nó gearáin maidir le cosaint sonraí a dhéanamh iad féin, nó b'fhéidir nach mbeidís in ann aon cheann dá gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú.

Más mian le duine den teaghlach nó le cara cabhrú leis an duine sin leis na ceisteanna maidir le cosaint sonraí atá ag déanamh imní dó nó di, caithfidh údarás dlíthiúil a bheith aige nó aici chun é sin a dhéanamh. Mura bhfuil an t-údarás dlíthiúil aige nó aici chun é sin a dhéanamh, mar shampla litir údaráis ón duine sin, nó cumhacht aturnae, ansin is minic nach féidir leis an gCoimisiún díriú ar an gceist trí ghnáthphróiseas láimhseála gearáin. Nuair a chuirtear a leithéid de cheist faoi bhráid an Choimisiúin, áfach, is féidir leis na hábhair imní a mheas agus oibriú go díreach leis an rialaitheoir sonraí de réir mar is gá.

## Bróicéirí Sonraí agus Sonraí maidir le Suíomh Teileafóin

Líomhnaíodh i mír a craoladh ar an gclár Primetime ar RTÉ ar an 18 Meán Fómhair 2025 go raibh cuideachta neamhainmnithe ag díol sonraí suímh cruinne a bhí bunaithe ar ghléasanna a bhí i seilbh daoine Éireannacha is ábhar do na sonraí. Dheimhnigh an Coimisiún aitheantas na cuideachta seo ina dhiaidh sin, agus i rith na bliana bhí sé i mbun comhfhreagrais mionsonraithe leis an gcuideachta chun eolas a bhailiú faoina gníomhaíochtaí próiseála. Mar thoradh ar an obair seo, d'éirigh leis an gCoimisiún fionraí deonach próiseála a ordú i ndáil le sonraí suímh a bhain le húsáideoirí Éireannacha. Aithníodh roinnt cuideachtaí eile a bhí nasctha leis an gcuideachta Éireannach, a bhí ag feidhmiú i mBallstáit AE eile, i rith imscrúduithe an Choimisiúin. Ag deireadh na bliana, bhíothas ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le húdaráis chosanta sonraí na mBallstát sin atá inniúil chomh fada is a bhaineann leis na cuideachtaí seo a rialú. Bhíothas fós i mbun imscrúdaithe ar an gceist seo ag deireadh na bliana.

In 2025, sheol an Coimisiún nóta scríofa chuig bróicéirí sonraí a bhí lonnaithe in Éirinn chun béim a leagan ar na hoibleagáidí RGCS a bhaineann le sonraí suímh cruinne.

# 4.

# Sáruithe i ndáil le Sonraí

# 4. Sáruithe i ndáil le Sonraí

Faoin RGCS agus faoin Treoir maidir le R-phríobháideachas, tá dualgas ar eagraíochtaí fógra maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don Choimisiún nó don údarás maoirseachta ábhartha sa chás go gcruthaíonn an sárú riosca do na daoine ábhartha. Faoin RGCS, ní mór d'eagraíochtaí é seo a dhéanamh laistigh de 72 uair an chloig ón tráth a gcuirtear eolas maidir leis an sárú ar fáil.

Go hiondúil, is é nó í Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) eagraíochta a sheolann fógraí RGCS mar sin ar aghaidh, duine a bheidh in ann idirdhealú a dhéanamh idir sárú beag agus sárú mór trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh aige nó aici ar an gcás. Oibríonn an Coimisiún i ndlúthpháirt le heagraíochtaí chun teacht ar thuiscint ar agus chun an riosca a chruthaíonn sárú i ndáil le sonraí do dhaoine aonair a mhaolú. Díol suntais is ea in 2025, go raibh **55% den líon sáruithe** a tuairiscíodh don Choimisiún ag cruthú riosca íseal do na daoine is ábhar do na sonraí, nó riosca ar bith do na daoine is ábhar do na sonraí. Bhí an méid sin mar bhonn le rannpháirtíocht an Choimisiúin le heagraíochtaí i ndáil lena gcuid oibleagáidí tuairiscithe. D'fhéadfaí go leor tairbhe a bhaint as freagairtí luatha chun déileáil le rioscaí airgeadais agus dlí, agus rioscaí do cháil na heagraíochta, agus chun seasamh le cearta na ndaoine ábhartha.

In 2025, ghlac an Coimisiún le **6,521 fógra bailí ar sháruithe i ndáil le sonraí**. Ba **laghdú 16%** é seo ar líon iomlán na sáruithe i ndáil le sonraí ar ghlac an Coimisiún leo in 2024. D'fhéadfadh roinnt cúiseanna a bheith leis an laghdú seo, lena n-áirítear iarracht a bheith á déanamh ag eagraíocht comhlíonadh leis an RGCS a fheabhsú nó d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le cinneadh a bheith á dhéanamh ag eagraíocht nach bhfuil an tairseach chun sárú a thuairisciú don Choimisiún sroichte ag sárú áirithe. Cuireann Airteagal 33(5) den RGCS oibleagáid ar eagraíochtaí chun gach sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thaifeadadh agus tá tús curtha ag an gCoimisiún le tionscnamh chun scrúdú a dhéanamh ar an tslí a bhfuil an oibleagáid seo á comhlíonadh ag eagraíochtaí.

Soláthróidh an tionscnamh seo léargas breise ar an gcineál sáruithe a tharla, na cineálacha sáruithe a tuairiscíodh agus nár tuairiscíodh don Choimisiún.

As na 6,521 fógra a fuarthas in 2025, fógraí maidir leis an RGCS a bhí i gceist le **5,692** fógra:

**bhain 49% leis an earnáil phríobháideach;**

**bhain 45% leis an earnáil phoiblí; agus**

**bhain 4% leis an earnáil dheonach agus charthanais.**

**Líon Sáruithe Bailí i nDáil le Sonraí 2025**



Bhain **50%** de na cásanna fógartha le comhfhreagras a bheith á sheoladh chuig an bhfaighteoir mícheart. Ó tugadh isteach an RGCS, agus ag teacht leis an méid a tharla i rith blianta roimhe seo, bhain an chatagóir is airde sáraithe i ndáil le sonraí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin in 2025 le nochtaí neamhúdaraithe a bhain le teagmhais a raibh tionchar acu ar dhuine aonair nó ar ghrúpaí beaga, nochtaí a bhain le beagnach leath de na fógraí ar fad a fuarthas. I ndáil leis na fógraí sáraithe a fuarthas in 2025, bhí clabhsúr curtha ag an gCoimisiún lena mheasúnú ar **85%** de na cásanna faoi dheireadh na bliana.

Ag teacht leis an treocht a tugadh faoi deara i mblianta roimhe seo, ba iad comhlachtaí earnála poiblí agus bainc a bhí i measc na 10 n-eagraíocht lenar bhain an líon is airde fógraí sáraithe taifeadta. Bhí cuideachtaí árachais agus teileachumarsáide i measc na 20 n-eagraíocht is suntasaí. Díol suntais is ea, go raibh go leor tagairtí fós maidir le comhfhreagras a eisíodh chuig faighteoirí míchearta mar gheall ar dhroch-chleachtais oibriúcháin agus earráid dhaonna — mar shampla, doiciméad mícheart a chur isteach i gclúdach litreach ar a raibh seoladh a bhain le tríú páirtí neamhghaolmhar. Oibríonn an Coimisiún le heagraíochtaí chun a n-aird a tharraingt ar a gcuid oibleagáidí agus chun treoir a thairiscint dóibh. Déanann an Coimisiún monatóireacht leanúnach ar fhógraí sáraithe chun treochtaí a aithint agus chun bonn eolais a chur ar fáil do thuilleadh gníomhartha imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin.

## Sárú R-phríobháideachais

In 2025, ghlac an Coimisiún le **731 fógra maidir le sárú i ndáil le sonraí** faoi IR 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonacha) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 ('na Rialacháin maidir le R-phríobháideachas'). Cuireann na Rialacháin maidir le R-phríobháideachas Treoir 2002/58/CE ('an Treoir maidir le R-phríobháideachas') chun feidhme i ndlí na hÉireann. Is ionann an figiúr de 731 agus méadú de **71%** ar an 428 cás a tuairiscíodh i gcomhair 2024 agus ba ionann é seo agus díreach os cionn 11% de na cásanna bailí iomlána a fógraíodh don bhliain.



As an 731 fógra seo, measadh nárbh fhéidir 151 díobh a thuairisciú i ndiaidh measúnú a dhéanamh. Bhain **níos lú ná 1.5%** den líon sáraithe tuairiscithe faoi IS 336/2011 le níos mó ná 100 duine. Is féidir na trí chineál sáraithe is minice a tuairiscíodh faoi I.R. 336/2011 a chur sna catagóirí seo a leanas:

- cumarsáid a seoladh chuig na faighteoirí míchearta de bhrí nach raibh seoltaí poist/ Éirchóid á dtaifeadadh i gceart nó nach raibh sonraí poist á nuashonrú ag daoine is ábhar do na sonraí **(35%)**;
- camscéimeanna cumtha cúinse/fioscaireachta (rochtain á fáil ag tríú páirtithe ar chuntais custaiméirí, lena n-áirítear rochtain ar shonraí pearsanta) **(34%)**; agus
- sonraí a bheith á dtaifeadadh go mícheart mar gheall ar earráid dhaonna, a bhí mar bhonn le sárú de bhrí gur seoladh cumarsáid chuig an seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin mhícheart **(22%)**.

Tharla breis is **trian** den líon sáraithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoi I.R. 336/2011 mar thoradh ar chamscéimeanna fioscaireachta. Is próiseas é fioscaireacht a chiallaíonn go ndéanann duine éigin iarracht bob a bhualadh ar úsáideoirí ar bhealach calaoiseach ionas go roinnfidh siad faisnéis íogair, cosúil le hainmneacha úsáideora agus pasfhocail, trí ligean air nó uirthi féin gur foinse iontaofa é nó í i gcumarsáid leictreonach. Ghlac an Coimisiún le roinnt fógraí sáraithe in 2025 a bhain le gníomhaithe mailíseacha a bheith ag díriú ar chustaiméirí trí fhioscaireacht SGT agus a bpasfhocail/paschóid aonuaire a fháil go calaoiseach, chun rochtain a fháil ar chuntais thairseach ar líne na gcustaiméirí.

Tá an Coimisiún den tuairim gurb ionann cur chun feidhme an fhíordheimhnithe ilmhodha agus caighdeán slándála bonnlíne chomh fada is a bhaineann le rochtain a thabhairt do dhaoine ar chuntais ar líne. I ndiaidh an mhéadaithe seo ar theagmhais nochta neamhúdaraithe de bhua fioscaireachta in 2025, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tabhairt faoi thuilleadh rannpháirtíochta leis an earnáil teileachumarsáide in 2026 i ndáil leis na bearta slándála atá bunaithe acu.

### Na Trí Chineál Sáraithe Is Coitianta Faoi I.r. 336/2011

| | |
|---|---|
| 35% | Cumarsáid á seoladh chuig na faighteoirí míchearta de bhrí nach raibh seoltaí poist/Éirchóid á dtaifeadadh i gceart nó nach raibh sonraí poist á nuashonrú ag daoine is ábhar do na sonraí |
| 34% | Camscéimeanna cumtha cúinse/ fioscaireachta |
| 22% | Sonraí a bheith á dtaifeadadh go mícheart mar gheall ar earráid dhaonna |

## Sárú ar an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí

Chomh maith leis sin, ghlac an Coimisiún le **92** fógra bailí maidir le sárú i ndáil le ceisteanna a bhain le forfheidhmiú an dlí faoi cheanglais fógra na Treorach maidir le Forfheidhmiú an Dlí a trasuíodh go dtí dlí na hÉireann faoi Acht 2018.

**Tá Cás-Staidéir maidir le Sárú i ndáil le Sonraí á gcur ar fáil i bhfoilseachán eile seachas sa tuarascáil seo.**

# 5.

# Cinntí agus Fiosrúcháin

# 5. Cinntí agus Fiosrúcháin

## Fiosrúcháin Reachtúla ag an gCoimisiún

Faoi alt 110 d'Acht 2018, féadfaidh an Coimisiún dhá chineál dhifriúla fiosrúcháin reachtúil a dhéanamh chun a dheimhniú cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar RGCS nó ar Acht 2018:

- fiosrúchán gearánbhunaithe; agus
- fiosrúchán a dhéanann an Coimisiún 'dá dheoin féin'.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí **87** Fiosrúchán Reachtúil idir lámha ag an gCoimisiún, lenar áiríodh **53 Fiosrúchán Trasteorann**. Rud sonrach, i ndiaidh na leasuithe a rinneadh ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún iomarduithe a fhorchur ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí mar chuid dá nós imeachta láimhseála gearán—cumhacht cheartaitheach a forchoimeádadh d'fhiosrúcháin reachtúla amháin roimhe seo.

D'fhoilsigh an Coimisiún **10 gCinneadh Chríochnaitheacha** agus **92 Cinneadh Sealadach** sa bhliain 2025, agus tugadh deis d'eintitis rialáilte aighneachtaí a dhéanamh maidir le fionnachtana beartaithe i ngach cás. Bhí **Seacht gcinn de na Cinntí Críochnaitheacha agus 88 de na Cinntí Sealadacha** i gcomhréir le próiseas comhchinnteoireachta Airteagal 60.

### Forbhreathnú ar Chinntí Críochnaitheacha a Rinneadh sa bhliain 2025

| Ainm | Dáta an Chinnidh | Fíneáil | Bearta Ceartaitheacha a Forchuireadh |
|---|---|---:|---|
| Microsoft Ireland Operations Limited | 20 Feabhra 2025 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. Díbheadh an gearán i gcomhréir le hAlt 113(2)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arna leasú, agus i gcomhréir le hAirteagal 57(1)(f) de RGCS. |
| Patreon Ireland Ltd | 3 Aibreán 2025 | N/B | Eisíodh iomardú i leith sáruithe maidir le hAirteagail 12(2) agus 12(3) de RGCS. |
| TikTok Technology Limited (TikTok) | 30 Aibreán 2025 | €530,000,000 | Chinn an Coimisiún gur sháraigh TikTok Airteagail 46(1) agus 13(1)(f) de RGCS. D'eisigh an Coimisiún ordú inar ceanglaíodh ar TikTok aistriú sonraí úsáideoirí in AE/LEE go dtí an tSín a chur ar fionraí agus ordú inar ceanglaíodh ar TikTok a gcóras próiseála a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht. |
| Yahoo EMEA Limited | 6 Bealtaine 2025 | N/B | Eisíodh iomardú i leith sáruithe maidir le hAirteagal 13(2)(a) de RGCS. |

| Ainm | Dáta an Chinnidh | Fíneáil | Bearta Ceartaitheacha a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 9 Meitheamh 2025 | €550,000 | Chinn an Coimisiún gur sháraigh an Roinn Airteagail 5(1)(a), 6(1), 9(1), 5(1)(e), 13(1)(c), 13(2)(a), 35(7)(b) agus 35(7)(c) de RGCS. D'eisigh an Coimisiún ordú chun scor de phróiseáil sonraí bithmhéadracha a bhaineann le clárú SAFE 2 laistigh de naoi mí, murar féidir bunús dlí bailí a aithint. D'eisigh an Coimisiún iomardú i leith na sáruithe freisin. |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (BOOCBÁC) | 18 Meitheamh 2025 | €125,000 | Chinn an Coimisiún gur sháraigh BOOCBÁC Airteagail 5(1)(f), 32(1), 32(2), 33(1), 34(1) agus 34(4) de RGCS. D'eisigh an Coimisiún ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir le ceanglais slándála RGCS. D'eisigh an Coimisiún iomardú i leith na sáruithe freisin. |
| Cubic Telecom | 28 Iúil 2025 | N/B | Eisíodh iomardú i leith sáruithe maidir le hAirteagal 15 de RGCS. |
| Meta Platforms Ireland Limited (MPIL) | 5 Lúnasa 2025 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. Cinneadh gur léirigh MPIL go leordhóthanach go raibh sé ag comhlíonadh Airteagal 15(4) de RGCS. |
| Microsoft Ireland Operations Limited | 1 Meán Fómhair 2025 | N/B | Ordaíodh do Microsoft Ireland Operations Limited a chóras próiseála a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht agus eisíodh iomardú dó maidir le hAirteagail 12(4) agus 5(1)(a) de RGCS. |
| Ollscoil Luimnigh | 11 Nollaig 2025 | €98,000 | Chinn an Coimisiún gur sháraigh Ollscoil Luimnigh Airteagail 5(1)(f), 32(1), 30(1), 33(1) agus 34(1) de RGCS. D'fhorchuir an Coimisiún iomardú i leith na sáruithe sin. |

## Deimhniú Fíneálacha Riaracháin

Sa bhliain 2025, ghearr an Coimisiún níos ná **€530 milliún d'fhíneálacha riaracháin**. I measc na bhfíneálacha, bhí fíneálacha a gearradh ar TikTok Technology Limited maidir le haistriú sonraí pearsanta úsáideoirí Eorpacha go dtí an tSín, chomh maith le fíneálacha a gearradh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ní mór gach fíneáil a ghearrann an Coimisiún a dheimhniú sa Chúirt sula mbailítear iad. A luaithe a bhailítear iad, íoctar fíneálacha ar aghaidh leis an státchiste lárnach in Éirinn.

Sa bhliain 2025, rinne an Coimisiún fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €125,000 a bhailiú agus a chur ar aghaidh leis an státchiste lárnach in Éirinn. Bailíodh an fhíneáil ábhartha ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a deimhníodh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2025.

Ó mhí na Bealtaine 2018, d'eisigh an Coimisiún fíneálacha dar luach **€4.04 billiún**.

# Cinntí Intíre a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025

## Fiosrúchán maidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí

I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach gur sháraigh an Roinn Coimirce Sóisialaí Airteagail 5(1)(a), 5(1) e, 6(1), 9(1), 13(1)(c), 13(2)(a) agus 37(5) de RGCS. Bhain an Cinneadh lena dhlíthiúla, a chothroime agus a thrédhearcaí a bhí an dóigh ar phróiseáil RCS aghaidhtheimpléid bhithmhéadracha i gcomhthéacs chlárú SAFE 2 don Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Bhain an phróiseáil a scrúdaíodh faoin bhFiosrúchán le bailiú, próiseáil agus coinneáil na n-aghaidhtheimpléad a ghin RCS ó dhaoine aonair a bhí ag déanamh iarratas ar Chárta Seirbhísí Poiblí nó á athnuachan.

Lean an Fiosrúchán imscrúdú roimh ré a rinne an Coimisiún, a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019, maidir le gnéithe áirithe de phróiseáil sonraí pearsanta ag RCS i ndáil le heisiúint Cártaí Seirbhísí Poiblí. Mheas an Fiosrúchán an raibh bunús dlí bailí ag RCS chun sonraí bithmhéadracha a phróiseáil faoi Airteagail 5(1)(a), 6(1) agus 9(1) de RGCS agus ar chuir RCS faisnéis shoiléir agus thrédhearcach go leor ar fáil do dhaoine aonair maidir leis an bpróiseáil, a mhéid a bhí sé intuartha do dhaoine aonair go bpróiseálfadh RCS a gcuid sonraí bithmhéadracha agus cuspóirí na próiseála. Ina theannta sin, mheas an Fiosrúchán ar chomhlíon Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) RCS ceanglais an mheasúnaithe faoi RGCS.

Sa Chinneadh uaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár aithin RCS Coimirce Sóisialaí bunús dlí bailí chun sonraí bithmhéadracha a phróiseáil agus dá bhrí sin gur sháraigh sí Airteagail 5(1)(a), 6(1) agus 9(1) de RGCS. Chinn an Coimisiún freisin gur sháraigh RCS Airteagal 5(1)(e) de RGCS trí aghaidhtheimpléid a choinneáil go neamhdhleathach. Chinn an Cinneadh freisin gur sháraigh RCS Airteagail 13(3)(c) agus 13(2)(a) de RGCS toisc nár chuir sí faisnéis shoiléir agus thrédhearcach go leor d'ábhair sonraí maidir le próiseáil sonraí bithmhéadracha agus gur sháraigh sí Airteagail 35(7)(b) agus (c) de RGCS toisc nár chuir RCS na sonraí san áireamh ina MTCS do chlárú SAFE 2, mar a cheanglaítear le RGCS.

**Sa Chinneadh uaidh, d'eisigh an Coimisiún iomardú foirmiúil do RCS agus ghearr sé fíneálacha dar luach iomlán €550,000 air.** D'ordaigh an Coimisiún do RCS scor de phróiseáil sonraí bithmhéadracha a bhaineann le clárú SAFE 2 laistigh de naoi mí, murar féidir bunús dlí bailí a aithint. Rinne RCS achomharc in aghaidh an Chinnidh seo.

Fiosrúchán maidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí

## Fiosrúchán maidir le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach a chinn gur sháraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (BOOCBÁC) Airteagail 5(1)(f), 32(1) agus 32(2), 33(1), 34(1) agus 34(4) de RGCS. Is údarás oideachais agus oiliúna é BOOCBÁC do Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sé freagrach freisin as Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (TCMLÉ), an t-údarás dámhachtana náisiúnta do dheontais mhic léinn.

Chuir BOOCBÁC an Coimisiún ar an eolas faoi shárú sonraí pearsanta maidir lena fhreastalaí gréasáin, a bhí ag coinneáil sonraí pearsanta iarratasóirí ar dheontas mic léinn a d'uaslódáil faisnéis a bhain lena n-iarratais ar dheontais trí shuíomh gréasáin TCMLÉ, agus fuair siad amach freisin go raibh bogearraí mailíseacha sa fhreastalaí gréasáin. Chuaigh an sárú i bhfeidhm ar thart ar 13,000 ábhar sonraí, a bhí inaitheanta trí sheoladh ríomhphoist, a chuir foirmeacha forlíontacha isteach trí shuíomh gréasáin TCMLÉ le linn na mblianta 2017 agus 2018. I measc na sonraí pearsanta a ndearnadh sáruithe orthu bhí ainmneacha, sloinnte, dátaí breithe, Uimhreacha PSP, sonraí teagmhála, sonraí aitheantais, agus catagóirí speisialta sonraí (amhail sonraí a nochtann bunús ciníoch nó eitneach agus sonraí sláinte).

Rinne an Coimisiún measúnú ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a bhí ag an BOOCBÁC chun slándáil na sonraí pearsanta a phróiseáil sé ar a shuíomh gréasáin a chinntiú, i bhfianaise na rioscaí a bhí i gceist. I measc na rioscaí sin bhí an riosca go bhfaighfí rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta nó go nochtfaí iad do thríú páirtithe. I measc na rioscaí sin freisin bhí rioscaí i leith scrios, athrú, nó chaillteanas infhaighteachta na sonraí pearsanta a próiseáladh ar an suíomh gréasáin de thaisme nó go neamhdhleathach.

D'fhéach an Coimisiún lena mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil na hoibleagáidí atá ar BOOCBÁC i ndáil leis an gCoimisiún a chur ar an eolas faoi sháruithe go pras á gcomhlíonadh aige, chomh maith le hoibleagáid BOOCBÁC chun ábhair sonraí a chur ar an eolas faoin sárú. Sa chás seo, d'iarr an Coimisiún go sonrach ar BOOCBÁC ábhair sonraí a ndeachthas i bhfeidhm orthu a chur ar an eolas, ach dhiúltaigh sé é sin a dhéanamh go dtí an 16 Nollaig 2020, níos mó ná dhá bhliain tar éis dó a bheith ar an eolas faoin sárú.

Sa Chinneadh uaidh, chinn an Coimisiún gur sháraigh BOOCBÁC:

- Airteagail 5(1)(f), 32(1) agus 32(2) de RGCS toisc nár cuireadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun leibhéal slándála a bheadh oiriúnach don riosca a bhain lena phróiseáil ar shonraí pearsanta ar shuíomh gréasáin TCMLÉ a chinntiú, agus toisc gur mainníodh an leibhéal cuí slándála a mheas;

- Airteagal 33(1) de RGCS toisc nár cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoin sárú gan moill mhíchuí;

- Airteagal 34(1) de RGCS toisc nár cuireadh na hábhair sonraí a ndeachthas i bhfeidhm orthu ar an eolas faoin sárú gan moill mhíchuí; agus

- Airteagal 34(4) de RGCS toisc nár cuireadh an sárú in iúl do na hábhair sonraí nuair a cheangail an Coimisiún orthu é sin a dhéanamh.

D'eisigh an Coimisiún roinnt bearta ceartaitheach de bhun na sáruithe a fuarthas san fhiosrúchán, lena n-áirítear: iomardú; **ordú BOOCBÁC a chóras próiseála a thabhairt i gcomhréir le ceanglais slándála RGCS; agus fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €125,000.**

Mar sin féin, mheas an Coimisiún go raibh na bearta a rinne BOOCBÁC agus a chuid idirghníomhaíochta leis an gCoimisiún, ó cuireadh torthaí molta an Choimisiúin i láthair i nDréachtchinneadh, le moladh. Ghlac BOOCBÁC le gach ceann de na fionnachtana sáruithe a leagadh amach sa Dréachtchinneadh, d'admhaigh sé an fhreagracht iomlán as an sárú, ghabh sé a leithscéal leis an mbeirt ábhar sonraí a ndeachthas i bhfeidhm orthu agus leis an gCoimisiún, agus ghlac sé céimeanna go réamhghníomhach, gan a bheith treoraithe go sonrach chuige sin ag an gCoimisiún, chun an dóchúlacht go dtarlódh sáruithe comhchosúla amach anseo a laghdú. Dá bharr sin, chinn an Coimisiún fíneáil iomlán a ghearradh a bhí i bhfad níos ísle ná an raon fíneála a moladh sa Dréachtchinneadh.

Fiosrúchán maidir le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

## Fiosrúchán maidir le hOllscoil Luimnigh

Idir an 30 Samhain 2018 agus an 20 Eanáir 2020, chuir Ollscoil Luimnigh an Coimisiún ar an eolas faoi 12 shárú sonraí pearsanta: I sé chás acu, fuair daoine neamhúdaraithe rochtain ar chuntais ríomhphoist oibre de chuid bhaill foirne UL trí ionsaithe fioscaireachta. Bhí úsáideoirí neamhúdaraithe in ann, i gcásanna áirithe, rialacha atreoraithe a bhunú a d'atreoraigh ríomhphoist ina raibh eochairfhocail shonraithe chuig fillteán a bhí cruthaithe acu i mbosca ríomhphoist an úsáideora. Bhí sonraí pearsanta sna cuntais ríomhphoist a bhí curtha i mbaol, lena n-áirítear faisnéis aitheantais, sonraí teagmhála, Uimhreacha PSP, faisnéis bhainc, doiciméid leighis nó dlí, taifid araíonachta agus taifid Acmhainní Daonna, agus sonraí a bhain le mic léinn, baill foirne, agus páirtithe seachtracha.

Rinne an Coimisiún an fiosrúchán seo dá dheoin féin faoi ailt 110 agus 111 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Rinneadh measúnú ar chomhlíonadh UL: Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) de RGCS (bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun slándáil chuí a chinntiú do na sonraí pearsanta a phróiseáiltear ar a sheirbhís ríomhphoist); Airteagal 30(1) de RGCS (coinneáil taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála); Airteagal 33(1) de RGCS (an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sháruithe ar shonraí pearsanta gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis a bheith ar an eolas fúthu); agus Airteagal 34(1) de RGCS (Fógra a thabhairt do na hábhair sonraí a ndeachthas i bhfeidhm orthu gan moill mhíchuí maidir le sáruithe ar shonraí pearsanta a mheastar a bheith ina n-ardriosca).

Sa Chinneadh Críochnaitheach uaidh i mí na Nollag 2025, chinn an Coimisiún go ndearna UL mainneachtain bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm chun slándáil sonraí pearsanta a chinntiú, mar a éilítear le hAirteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS. Chinn an Coimisiún freisin nár chomhlíon taifead tosaigh UL ar ghníomhaíocht phróiseála ceanglais Airteagal 30(1) de RGCS go hiomlán, cé gur chuir UL taifead comhlíontach ar ghníomhaíocht phróiseála i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2020, tar éis na tréimhse a mheas an Coimisiún san Fhiosrúchán seo. Chinn an Coimisiún gur comhdaíodh trí fhógra sáraithe níos mó ná 72 uair an chloig tar éis do UL a bheith ar an eolas fúthu agus, dá bhrí sin, nár tuairiscíodh iad gan moill mhíchuí i gcomhréir le hAirteagal 33(1) de RGCS. Maidir le hAirteagal 34(1) de RGCS, chinn an Fiosrúchán gur mhainnigh UL i dtrí chás daoine a ndeachthas an sárú ardriosca i bhfeidhm orthu a chur ar an eolas gan moill mhíchuí. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún **gur sáraíodh Airteagail 5(1)(f), 32(1), 30(1), 33(1), agus 34(1) de RGCS agus eisíodh iomardú agus gearradh fíneáil riaracháin de €98,000 ar Ollscoil Luimnigh.**

Chuir cinntí an Choimisiúin maidir le bearta ceartaitheacha san áireamh na céimeanna suntasacha a ghlac UL chun na heasnaimh ina phróiseáil ar shonraí pearsanta a sainaithníodh san Fhiosrúchán seo a leigheas. Bunaithe ar mhionsonraí na bhfeabhsuithe sin a chuir UL ar fáil ina chuid aighneachtaí, chinn an Coimisiún nach raibh sé riachtanach ná comhréireach dó ordú a eisiúint do UL chun an phróiseáil sin a thabhairt i gcomhréir le RGCS. Ní thugann admháil an Choimisiúin ar na feabhsuithe sin, áfach, faoiseamh do UL óna oibleagáid chun éifeachtacht a chuid beart a mheasúnú go leanúnach agus na bearta is gá chun leibhéal slándála atá oiriúnach don riosca dinimiciúil a bhaineann lena phróiseáil a chinntiú.

Fiosrúchán maidir le hOllscoil Luimnigh

# Cásanna Intíre a bhain Príomhchéim Imscrúdaithe amach sa bhliain 2025

## Permanent TSB plc

Thosaigh an Coimisiún an Fiosrúchán seo tar éis trí fhógra ar leith a fháil ó Permanent TSB plc (PTSB) faoi sháruithe i mí na Bealtaine 2022. Baineann na fógraí faoi sháruithe sonraí pearsanta le himthosca ina ndearna gníomhaithe mailíseacha, a raibh faisnéis áirithe custaiméirí ina seilbh acu, iarracht rochtain a fháil ar chuntais bhainc na n-ábhar sonraí agus sonraí na gcuntas a athrú trí ghlao a chur ar ionad glaonna Open24 PTSB agus iad ag ligean orthu gurbh iad féin na custaiméirí. Baineann raon feidhme an Fhiosrúcháin leis na bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chuir PTSB i bhfeidhm i lárionad glaonna Open24, chun slándáil sonraí pearsanta a chinntiú, agus leis an gceist ar chomhlíon PTSB a chuid oibleagáidí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sháruithe sonraí gan moill mhíchuí. D'eisigh an Coimisiún **Dréachtchinneadh chuig PTSB i mí Lúnasa 2025**. Rinne PTSB aighneachtaí ar an Dréachtchinneadh agus ag deireadh na bliana bhí an Coimisiún ag ullmhú a Chinnidh Chríochnaithigh san Fhiosrúchán.

## Sláinte Leanaí Éireann, Ospidéal Ollscoile Thamhlachta

Le linn na bliana 2025, fuair an Coimisiún nochtaí cosanta maidir le gníomhaíochtaí próiseála áirithe laistigh de shaoráid ar leith in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta de chuid Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ). Fuair an Coimisiún fógra faoi shárú sonraí freisin maidir le rochtain agus nochtadh neamhúdaraithe ar chomhad leighis linbh ag an tsaoráid seo.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na nochtaí seo agus idirghníomhú leis an oifigeach cosanta sonraí shaoráid SLÉ, rinne an Coimisiún cigireacht ar an láithreán gan fógra. I ndiaidh an iniúchta sin, chuir an Coimisiún tús le **Fiosrúchán ar an 14 Lúnasa 2025**. Bhí an t-ábhar fós idir lámha ag deireadh na bliana.

## Banc Ceannais na hÉireann

Thosaigh an Coimisiún Fiosrúchán dá dheoin féin i mí Dheireadh Fómhair 2023 tar éis do Bhanc Ceannais na hÉireann fógra a thabhairt faoi shárú sonraí pearsanta níos luaithe sa bhliain a bhain le bunachar sonraí an Phríomh-Chláir Creidmheasa.

D'eisigh an Coimisiún **Ráiteas maidir le Saincheisteanna i mí Mheán Fómhair 2025**, inar leagadh amach forléargas dírithe ar na fíricí a aimsíodh le linn an Fhiosrúcháin agus inar leagadh amach na nithe atá le cinneadh le linn chéim chinnteoireachta an Fhiosrúcháin. Chuir Banc Ceannais na hÉireann barúlacha faoin Ráiteas maidir le Saincheisteanna isteach. Ag deireadh na bliana, bhí an Coimisiún ag déanamh measúnú ar na haighneachtaí sin.

## An Post GeoDirectory DAC (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)

I mí Iúil 2023, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin maidir leis na táirgí agus na seirbhísí a thairgeann An Post GeoDirectory DAC. D'eisigh an Coimisiún **Ráiteas maidir le Saincheisteanna** chuig An Post GeoDirectory DAC i **mí na Samhna 2025**, a thug forléargas dírithe ar na fíricí a aimsíodh le linn an fhiosrúcháin agus a d'aithin réamh-shaincheist le cinneadh a dhéanamh ina leith le linn chéim chinnteoireachta an Fhiosrúcháin. Rinne An Post GeoDirectory DAC aighneachtaí mar fhreagra agus ag deireadh na bliana bhí an t-ábhar fós idir lámha.

### FSS Bhaile Átha Cliath agus Laighean Láir (Tulach Mhór)

Thosaigh an Coimisiún Fiosrúchán dá dheoin féin i mí Dheireadh Fómhair 2019 maidir le hionsaí bogearraí éirice a chuaigh i bhfeidhm ar an bpróiseáil a bhí ar siúl laistigh de chóras saotharlainne in Ospidéal Réigiúnach na Lár-Tíre, Tulach Mhór. Baineann raon feidhme an fhiosrúcháin leis na bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chuir FSS i bhfeidhm maidir leis an gcóras sin agus leis an gcaoi ar fhreagair FSS don ionsaí. Chríochnaigh an Coimisiún a Thuarascálacha Fiosrúcháin Críochnaitheacha ar na nithe sin i mí an Mhárta 2021 agus eisíodh an **Dréachtchinneadh uaidh do FSS i mí na Nollag 2025.**

## Cásanna Trasteorann

I gcás go mbaineann fiosrúchán nó gearán ar leith le scrúdú a dhéanamh ar phróiseáil trasteorann, ceanglaítear le RGCS ar an gCoimisiún, i gcás go bhfuil sé ag gníomhú mar Phríomhúdarás Maoirseachta (PÚM), an cinneadh uaidh a chur i gcrích de réir an tsásra comhair atá leagtha amach in Airteagal 60 de RGCS. Leagtar amach i sásra Airteagal 60 nós imeachta atá deartha chun cabhrú le cinntí a chur i gcrích trí chomhdhearcadh idir PÚM agus na hÚdaráis Eorpacha Cosanta Sonraí eile, ar a dtugtar Údaráis Mhaoirseachta lena mBaineann (ÚMB). I gcomhréir le RGCS agus leis an dualgas comhair dhílis atá air, oibríonn an Coimisiún i gcomhar lena chomhrialaitheoirí in AE/LEE ar fud an phróisis Fiosrúcháin ar fad. Trí shásra Airteagal 60, cuirtear ar chumas údarás maoirseachta lena mbaineann a dtuairimí a roinnt le PÚM maidir leis an bhfiosrúchán nó an gearán (de réir mar a bheidh), agus ní mór do PÚM aird chuí a thabhairt ar na tuairimí uathu. I gcás go gcuirtear na tuairimí sin in iúl i bhfoirm agóid ábhartha réasúnaithe, ní mór do PÚM aird a thabhairt ar na hagóidí sin tríd an dréachtchinneadh uaidh a leasú. Mura ndéanann sé é sin, ní mór dó na hagóidí a tharchur chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí lena gcinneadh aige de bhun an phróisis Réitigh Díospóide atá leagtha amach in Airteagal 65 de RGCS.

# Cásanna Trasteorann Mórscála a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025

## Fiosrúchán maidir le haistrithe sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a dhéanann TikTok Technology Limited chuig freastalaithe atá lonnaithe sa tSín

I gCinneadh Críochnaitheach a glacadh i mí Aibreáin 2025, chinn an Coimisiún gur sháraigh TikTok Technology Limited (TikTok) Airteagail 13(1)(f) agus 46(1) de RGCS mar gheall ar shonraí úsáideoirí in LEE a d'aistrigh sé go dtí an tSín. Bhain na haistrithe sonraí pearsanta a ndearnadh breithniú orthu sa Chinneadh le haistrithe TikTok de shonraí úsáideoirí in LEE go dtí an tSín, trí chianrochtain ar na sonraí pearsanta sin ag foireann de chuid ghrúpa cuideachtaí ByteDance atá lonnaithe sa tSín.

Sa Chinneadh, chinn an Coimisiún **gur sháraigh TikTok Airteagal 46(1) de RGCS** le linn raon feidhme ama an Fhiosrúcháin trí na haistrithe sonraí a chur i gcrích gan a fhíorú, a ráthú ná a léiriú go raibh leibhéal cosanta a bhí go bunúsach coibhéiseach leis an leibhéal a ráthaítear laistigh den Aontas Eorpach curtha ar fáil do shonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a bhí faoi réir na n-aistrithe sonraí.

Chinn an Coimisiún **gur sháraigh TikTok Airteagal 13(1)(f) de RGCS** ón 29 Iúil 2020 go dtí an 1 Nollaig 2022 toisc nár sholáthair sé faisnéis riachtanach do na hábhair sonraí maidir leis na haistrithe sonraí agus faisnéis faoi conas a bhain an phróiseáil le cianrochtain ar shonraí pearsanta a stóráladh sa tSín agus sna Stáit Aontaithe ag pearsanra a bhí lonnaithe sa tSín.

Tar éis na sáruithe ar RGCS mar atá leagtha amach thuas a bhreithniú, chinn an Coimisiún ordú a thabhairt **do TikTok na haistrithe sonraí a chur ar fionraí agus an phróiseáil a dhéanamh comhlíontach.** Ghearr an Coimisiún freisin **dhá fhíneáil riaracháin dar luach iomlán €530 milliún. Tá TikTok tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh seo.**

Le linn an Fhiosrúcháin, chuir TikTok an Coimisiún ar an eolas nár stóráil sé sonraí úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe atá lonnaithe sa tSín. Ina ionad sin, ba é seasamh TikTok, go dtí tar éis don Choimisiún an Dréachtchinneadh uaidh a chur faoi bhráid shásra comhair RGCS, ná gur chiallaigh a aistrithe Sonraí Úsáideoirí in LEE go dtí an tSín go raibh cianrochtain ar na sonraí pearsanta sin ag pearsanra de ghrúpa cuideachtaí ByteDance sa tSín. Dá réir sin, rinne an Cinneadh measúnú ar cé acu a chomhlíon na haistrithe trí chianrochtain sin Caibidil V de RGCS. Tá TikTok tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh seo (féach an chuid Dlíthíochta den tuarascáil seo).

I mí Aibreáin 2025, chuir TikTok an Coimisiún ar an eolas faoi fhadhb a d'aimsigh sé a d'fhág gur stóráladh sonraí teoranta úsáideoirí LEE ar fhreastalaithe sa tSín. Chuir TikTok in iúl don Choimisiún go raibh sé mar thoradh air seo gur chuir TikTok **faisnéis mhíchruinn** ar fáil don Fhiosrúchán. Cé go mbaineann an Cinneadh le haistrithe TikTok trí chianrochtain amháin, léirítear leis an gCinneadh imní mhór an Choimisiúin go raibh faisnéis mhíchruinn curtha ar fáil ag TikTok don fhiosrúchán sin.

An 4 Iúil 2025, thosaigh an Coimisiún **Fiosrúchán ar leith dá dheoin féin chun dlíthiúlacht na n-aistrithe seo a mheas**, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 48 den tuarascáil seo.

Fiosrúchán maidir le TikTok Technology Limited

# Cásanna Trasteorann Mórscála: Fiosruithe a Bhain Príomhchéim Imscrúdaithe Amach sa Bhliain 2025

## Fiosrúchán maidir le X Internet Unlimited Company

I mí Aibreáin 2025, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá i bpostálacha atá inrochtana go poiblí, a d'fhoilsigh úsáideoirí in LEE ar an ardán meán sóisialta X, agus a bhaineann le forbairt na múnlaí IS Grok.

Tá an Fiosrúchán ag breithniú ar chomhlíon X Internet Unlimited Company (XIUC) réimse forálacha RGCS, lena n-áirítear maidir le dleathacht na próiseála sonraí pearsanta, comhlíonadh phrionsabal an chuspóra theoranta agus na trédhearcachta. Eisíodh fógra faoi fhiosrúchán a thosú do XIUC i mí Aibreáin 2025 agus fuarthas aighneachtaí mar fhreagra ar roinnt babhtaí ceisteanna ó XIUC. Bhí an chéim bailithe faisnéise ar siúl ag deireadh na bliana.

## Fiosrúchán maidir le haistrithe sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a dhéanann TikTok Technology Limited chuig freastalaithe atá lonnaithe sa tSín

I mí Iúil 2025, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin maidir le haistrithe sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a dhéanann TikTok Technology Limited (TikTok) chuig freastalaithe atá lonnaithe sa tSín. Tagann an Fiosrúchán seo i ndiaidh Chinneadh an Choimisiúin ar an 30 Aibreán 2025 maidir le Fiosrúchán ar leith de chuid TikTok (féach thuas), inar breithníodh freisin aistrithe sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a rinne TikTok go dtí an tSín. Mar sin féin, le linn an Fhiosrúcháin sin roimhe, mhaígh TikTok gur trí chianrochtain amháin a aistríodh sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE go dtí an tSín agus nár stóráladh sonraí úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe a bhí lonnaithe laistigh den tSín, i.e. gur stóráladh sonraí úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe a bhí lonnaithe lasmuigh den tSín agus go bhfuair foireann TikTok cianrochtain orthu agus iad laistigh den tSín. Dá réir sin, níor bhreithnigh Cinneadh an Choimisiúin ar an 30 Aibreán 2025 stóráil sonraí pearsanta úsáideoirí in LEE a rinne TikTok ar fhreastalaithe atá lonnaithe sa tSín. I mí Aibreáin 2025, chuir TikTok an Coimisiún ar an eolas faoi fhadhb a d'aimsigh sé i mí Feabhra 2025, ina raibh sonraí teoranta úsáideoirí in LEE á stóráil i ndáiríre ar fhreastalaithe sa tSín, rud a tháinig salach ar fhianaise TikTok don Fhiosrúchán roimhe sin.

**Léirigh an Coimisiún an-imní go raibh faisnéis mhíchruinn curtha isteach ag TikTok don Fhiosrúchán roimhe sin**. I bpreaseisiúint uaidh a eisíodh tráth a tháinig deireadh leis an bhFiosrúchán sin, dúirt an Coimisiún go raibh sé 'an -dáiríre' faoi na forbairtí sin agus go raibh sé 'ag breithniú cé na gníomhartha rialaitheacha breise a d'fhéadfadh a bheith údaraithe, i gcomhairle lenár gcomh-Údaráis um Chosaint Sonraí san Aontas Eorpach'. Mar thoradh ar na tosca sin, chinn an Coimisiún an fiosrúchán nua seo a oscailt maidir le TikTok faoi alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Is é cuspóir an Fhiosrúcháin cinneadh ar chloí TikTok lena oibleagáidí ábhartha faoi RGCS i gcomhthéacs na n-aistrithe atá faoi chaibidil anois, lena n-áirítear dleathacht na n-aistrithe sin de bhun Chaibidil V de RGCS. Le linn na bliana, bhailigh an Coimisiún faisnéis ábhartha agus rinne sé cigireacht ar an láthair ag oifigí TikTok i mí na Samhna 2025.

## Meta Platforms Ireland Limited

Baineann an fiosrúchán gearánbhunaithe seo le cearta ábhar sonraí faoi RGCS. Rinne an gearánach iarratas scríofa ar Meta sa bhliain 2018, de bhun na gceart rochtana agus iniomparthachta sonraí. Bhain an t-iarratas seo le faisnéis áirithe a bhí á coinneáil i mbunachair shonraí Meta, nach raibh ar fáil d'úsáideoirí ar shlí eile trí uirlisí rochtana uathoibrithe. Ina dhiaidh sin, thosaigh an Coimisiún Fiosrúchán chun measúnú a dhéanamh cé acu ar chomhlíon diúltú Meta d'iarraidh an ghearánaí RGCS.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'eisigh an Coimisiún **Réamh-Dhréachtchinneadh**, inar leagadh amach anailís mhionsonraithe ar na saincheisteanna dlíthiúla agus fíorasacha a eascraíonn as, agus lena n-áirítear torthaí sealadacha an Choimisiúin. I mí na Nollag 2025, chuir Meta tús le himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh an Réamh-Dhréachtchinnidh.

# Cásanna Trasteorann a bhain le Gearánaigh Aonair ar Chuir an Coimisiún i gCrích iad trí Nós Imeachta Comhair an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2025

De bhreis ar na fiosrúcháin mhórscála sin, cuireann an Coimisiún cásanna trasteorann aonair i gcrích freisin trí nós imeachta comhair an Aontais Eorpaigh. Áirítear leis sin fógraí a thabhairt faoi thorthaí a baineadh amach i ngearáin a réitíodh go cairdiúil.

Chuir an Coimisiún 208 cás trasteorann i gcrích sa bhliain 2025 trí nós imeachta Airteagail 60, lena n-áirítear **163 fógra faoi ghearáin a réitíodh go cairdiúil agus sé chinneadh**. Is ionann é seo agus méadú **42%** ó 2024. Foilsítear sonraí na bhfógraí a réitíodh go cairdiúil ar chlár cásanna Airteagal 60 ó EDPB.

# Cinntí Gearánbhunaithe trasteorann a Cuireadh i gCrích sa Bhliain 2025

## Microsoft Ireland Operations Limited: An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad

Fuair an Coimisiún gearán go díreach ó shaoránach AE/LEE atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn. Bhain an gearán le hiarraidh ar an gCeart go nDéanfaí Ligean i nDearmad a cuireadh faoi bhráid Microsoft maidir le trí URL a d'aimsigh a inneall cuardaigh Bing nuair a cuireadh ainm an duine isteach mar théarma cuardaigh. Chuir na URLanna i gceist faisnéis bhreise ar fáil maidir le ciontú coiriúil a bhí ag an duine aonair roimhe sin i gcionta gnéis, ciontú a raibh pianbhreith choiméadta mar thoradh orthu, a n-ainm a bheith curtha ar an gClár um Chiontóirí Gnéis agus ordú coisc ar dhíobháil ghnéis a eisíodh ina aghaidh. D'áitigh an duine aonair gur chruthaigh Bing, trí leanúint leis an bhfaisnéis seo a chur ar fáil, leithcheal, gur chuir sé bac ar a dheiseanna fostaíochta, agus gurbh ionann é agus cur isteach neamhchomhréireach ar a gceart chun saoil phríobháidigh, i bhfianaise go raibh an phianbhreith curtha de aige cheana féin faoina ndlí náisiúnta.

Rinne an duine aonair iarratas ar dhíliostáil chuardaigh ar dtús chuig Microsoft (i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de RGCS). Bhain Microsoft URL amháin, de bharr gur mheas sé nach raibh a ábhar chomh hiontaofa céanna; mar sin féin, tar éis tástáil chothromúcháin a chur i bhfeidhm (measúnú ar chearta an duine aonair agus iad á gcothromú le cearta agus saoirsí daoine eile mar a éilítear le RGCS), dhiúltaigh sé an dá URL eile a ndearnadh gearán fúthu a dhíliostáil. Míshásta le freagra Microsoft, chuir an duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin.

Mar chuid dá fhiosrúcháin, rinne an Coimisiún breithniú ar thástáil chothromúcháin an rialaitheora i bhfianaise Airteagail 17 agus 21 de RGCS agus, go háirithe, ar an treoir ábhartha ó EDPB. Luaigh an Coimisiún breithniú Microsoft ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear tromchúis na gcionta, iontaofacht an bhunábhair agus leas dlisteanach an phobail i rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le cionta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rioscaí do leanaí. Chinn an Coimisiún gur bhreithnigh Microsoft iarratas an duine aonair ar dhíliostáil go cuí agus gur ghníomhaigh sé i gcomhréir lena chuid oibleagáidí faoi RGCS. Sa Chinneadh uaidh, dhíbh an Coimisiún an gearán i gcomhréir le halt 113(2)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arna leasú, agus le hAirteagal 57(1)(f) de RGCS faoi seach, **toisc nár thángthas ar aon sárú ar RGCS sa chás seo.**

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL:

Ní ceart iomlán é an Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad; Féadfar iarratais a dhiúltú i bpáirt, nó a dhiúltú go hiomlán, bunaithe ar na tosca aonair a bhaineann le gach iarratais. Léiríonn an cás seo an tábhacht a bhaineann le rialaitheoirí tástálacha cothromaithe cuí a dhéanamh i gcás iarratais den sórt sin, rud a chuirfeadh ar a gcumas an réasúnaíocht atá taobh thiar dá gcinntí diúlú d'iarraidh léirscriosta i bpáirt nó go hiomlán a mhíniú go leordhóthanach.

## Patreon Ireland Ltd: Iarratas Duine ar a Sonraí agus Raon Feidhme Fhreagracht an Rialaitheora

Tá dhá shaincheist ar leith ag baint le RGCS sa chás seo, is iad sin sárú sonraí líomhainte ar shuíomh gréasáin tríú páirtí; agus an chaoi ar láimhseáil Patreon Ireland Ltd. (Patreon) an t-iarratas ar rochtain agus an t-iarratas léirscriosta araon.

Cuireann Patreon seirbhís óstála gréasáin ar fáil do chustaiméirí. Luaigh an gearánach sa chás seo gur tharla sárú sonraí (i gcomhréir le Caibidil 3 de RGCS) ar shuíomh gréasáin tríú páirtí a bhí óstáilte ag Patreon. I dteannta an tsáraithe líomhainte, chuir an duine aonair in iúl go raibh iarratas léirscriosta (i gcomhréir le hAirteagal 17 de RGCS) seolta acu chuig Patreon, inar iarradh go mbainfí 'faisnéis bhréagach' fúthu ón suíomh gréasáin tríú páirtí céanna. Le linn an gearán a scrúdú, rinne an Coimisiún measúnú ar an sárú líomhainte agus tháinig sé ar an gconclúid nárbh é Patreon an Rialaitheoir Sonraí i leith aon phróiseála a rinneadh maidir le suíomh gréasáin an tríú páirtí, toisc nár oibrigh sé é, ná nár shocraigh sé cuspóirí agus modhanna na próiseála a rinne suíomh gréasáin an tríú páirtí. Ina theannta sin, iarradh ar an duine aonair dáta nó fianaise a sholáthar maidir leis an iarratas léirscriosta a rinneadh ar Patreon. Níor éirigh leis an duine aonair cóip den iarratas léirscriosta a aimsiú agus, dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar ghné ar bith den ghearán sin.

Dúirt an duine aonair go raibh Iarratas Duine ar a Sonraí déanta acu ar Patreon i gcomhréir le hAirteagal 15 de RGCS. D'áitigh Patreon go raibh iarratas rochtana an duine aonair doiléir agus gur seoladh é chuig an seoladh ríomhphoist mícheart. Chinn an Coimisiún gur iarratas ar rochtain bhailí a bhí i ríomhphost tosaigh an duine aonair, á thabhairt faoi deara go raibh tagairt ann do chearta RGCS, agus gur seoladh é chuig seoladh dlisteanach tacaíochta Patreon. Iarratais Duine ar a Sonraí an Choimisiúin: Leagtar amach sa Treoir do Rialaitheoirí Sonraí go soiléir gur féidir le duine is ábhar do na sonraí 'iarratas ar rochtain a chur isteach go bailí i gcónaí trí theagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht trí aon mhodh cumarsáide, bíodh sé ar an nguthán, tríd an bpost, i gcomhrá neamhfhoirmiúil nó go pearsanta', agus go bhféadfaidh rialaitheoir sonraí, amhail Patreon, 'an t-ábhar sonraí a atreorú chuig rannóg ábhartha na heagraíochta a phléann le hiarratais ar rochtain, nó féadfaidh sé an comhfhreagras a atreorú iad féin trí ríomhphost inmheánach nó tríd an bpost. Mar sin féin, tosaíonn an t-am ag imeacht chun an teorainn ama ábhartha a chomhlíonadh ón lá a fhaigheann an rialaitheoir sonraí an iarratais.

Sa Chinneadh uaidh, chinn an Coimisiún ar deireadh gur mhainnigh Patreon gníomhú ar Iarratas Duine ar a Sonraí a rinne an duine aonair ar dtús agus nár fhreagair sé dá n-iarratas ach roinnt míonna ina dhiaidh sin. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Patreon **Airteagal 12(2) agus 12(3) de RGCS** agus eisíodh **iomardú** chuig Patreon.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL:

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le rialaitheoirí a chinntiú nach nglacann siad le dearcadh róshrianta ar cad is iarratas bailí ar rochtain ann.

Léirítear sa chás seo tábhacht freisin ról an rialaitheora maidir le cinntiú go gcuirtear córais chuí i bhfeidhm chun iarratais ar rochtain a aithint agus a atreorú, más infheidhme, chuig an bhfoireann ábhartha laistigh dá eagraíocht.

Canna faoi Iarratais Duine ar a Sonraí

## Yahoo EMEA Limited: Trédhearcacht agus Scriosadh Cuntais

Scrúdaigh an Coimisiún gearán maidir le scriosadh sonraí a bhain le cuntas ríomhphoist Yahoo tar éis tréimhse fhada neamhghníomhaíochta úsáideora. Tar éis dóibh teagmháil a dhéanamh le Yahoo go díreach agus tar éis dóibh a bheith míshásta le freagra Yahoo ar na ceisteanna a tharraing siad anuas maidir le scriosadh a chuntais agus na sonraí gaolmhara, chuir an duine aonair a ngearán in iúl don Choimisiún.

Tar éis dóibh a fháil amach go raibh ríomhphoist, lena n-áirítear faisnéis phearsanta íogair de chatagóir speisialta (amhail sonraí leighis), bainte, lorg an duine aonair sonraí faoin scriosadh agus d'fhiafraigh siad cén fáth nár cuireadh in iúl dóibh roimh ré go raibh sonraí a bhain lena seoladh ríomhphoist á scriosadh. Mhínigh Yahoo don duine aonair go scriostar go huathoibríoch cuntais atá neamhghníomhach ar feadh breis agus 12 mhí, i gcomhréir le Téarmaí Seirbhíse na heagraíochta ag an am. Chuir Yahoo in iúl don Choimisiún gur thacaigh a logaí gníomhaíochta cuntais leis an ngniomh sin, rud a dheimhnigh nár logáil an duine aonair sa chás sin isteach ina gcuntas ríomhphoist le breis agus bliain. Ina theannta sin, shoiléirigh Yahoo go seolfaí fógraí córasghinte chuig seoladh ríomhphoist Yahoo an úsáideora agus chuig a ríomhphoist aisghabhála chláraithe, dá gcuirfí i bhfeidhm iad, sula ndéanfaí an scriosadh.

Le linn don Choimisiún an gearán sin a bhreithniú, sholáthair Yahoo dáta cruinn an scriosta agus d'admhaigh sé gur cheart dóibh faisnéis níos soiléire a thabhairt don duine aonair maidir lena chur chuige i leith an scriosta níos luaithe sa phróiseas. Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh Yahoo na hoibleagáidí trédhearcachta atá air faoi RGCS, lena n-áirítear soiléireacht faisnéise úsáideoirí, próisis fógra, agus inrochtaineacht polasaithe ábhartha, agus tháinig sé ar an gconclúid nár chomhlíon Yahoo na hoibleagáidí trédhearcachta. Cé gur chinn an Coimisiún go raibh sárú **ann maidir le hAirteagal 13(2)(a) de RGCS**, thug an Coimisiún faoi deara freisin go bhfuil a bheartas príobháideachais nuashonraithe ag Yahoo ina dhiaidh sin chun soiléireacht fheabhsaithe a sholáthar maidir le scriosadh agus coinneáil bhoscaí ríomhphoist a úsáideoirí. Dá bhrí sin, sa Chinneadh uaidh, **eisíodh iomardú** chuig Yahoo.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL:

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir agus réamhghníomhach a úsáideann rialaitheoirí lena n-úsáideoirí seirbhíse nuair atá polasaithe scriosta uathoibrithe a théann i bhfeidhm ar shonraí na n-úsáideoirí á gcur i bhfeidhm.

## Cubic Telecom: Iarratas Duine ar a Sonraí Nár Tuigeadh i gCeart agus Léirscriosadh Neamhdhleathach

Bhain an cás seo le hIarratas Duine ar a Sonraí a cuireadh faoi bhráid Cubic Telecom i ndiaidh iarracht an duine aonair clárú leis an tseirbhís. Tar éis don duine aonair gearán a dhéanamh le Cubic Telecom, ní raibh siad sásta leis an gcaoi ar láimhseáladh a n-iarratas agus chuir siad a ngearán in iúl d'Údarás Cosanta Sonraí na Réine Thuaidh-Viostfáile (DPA RTV). D'aistrigh DPA RTV an gearán chuig an gCoimisiún mar an Príomhúdarás Maoirseachta (PÚM) do Cubic Telecom, maidir leis an bpróiseáil a bhí i gceist sa ghearán.

Le linn don Choimisiún an gearán a scrúdú, thángthas ar an eolas, de bharr earráid i dtaca le tacaíocht do chustaiméirí, gur tuigeadh iarratas an duine aonair ar rochtain go mícheart mar iarratas léirscriosta tar éis don duine aonair scríobh chuig Cubic Telecom ag rá: 'Táim ag diúltú do do sheirbhís...'. Dúirt Cubic Telecom gur phróiseáil conraitheoir tacaíochta seachtrach an t-iarratas tosaigh ar rochtain, agus gur thuig siad go mícheart é agus gur aicmigh siad é mar iarratas léirscriosta. Dá bharr sin, scriosadh príomhshonraí pearsanta a bhain leis an duine aonair, lena n-áirítear a ndáta breithe, a sonraí teagmhála, sainaithintithe a gcuntais agus an ríomhphost iarrata ar rochtain bhí seolta acu chuig Cubic Telecom.

Rinne Cubic Telecom soiléiriú breise don Choimisiún gur scriosadh freisin sonraí pearsanta breise a bhain leis an duine aonair (amhail a n-ainm, a seoladh agus a sonraí seisiúin tráchta) ina dhiaidh sin, i gcomhréir le polasaí coinneála Cubic Telecom.

I ndiaidh idirghabháil an Choimisiúin, chuir Cubic Telecom na sonraí pearsanta uile a bhí coinnithe aige ar fáil don duine aonair. Chuir Cubic Telecom bearta i bhfeidhm freisin chun a chinntiú nach dtarlódh an earráid arís. Airíodh orthu sin athbhreithnithe breise a thabhairt isteach do gach iarratas ar rochtain agus iarratas léirscriosta amach anseo, agus oiliúint athnuachana a bhaineann le RGCS a chur ar fáil don fhoireann tacaíochta.

Chinn an Coimisiún gur sháraigh Cubic Telecom **Airteagal 15 de RGCS**, toisc gur mhainnigh sé cóip dá shonraí pearsanta a sholáthar don duine aonair agus toisc gur léirscriosadh a sonraí pearsanta de thaisme. Thug an Coimisiún faoi deara go raibh bearta déanta ag Cubic Telecom chun iarracht a dhéanamh an dóchúlacht go dtarlódh an cineál seo earráide daonna arís a laghdú, lena n-áirítear oiliúint athnuachana a chur ar fáil dá fhoireann. Sa Chinneadh uaidh, **eisíodh iomardú** chuig Cubic Telecom maidir leis an ngearán sin.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL:

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le hoiliúint leordhóthanach a chur ar fáil d'fhoireann agus do chonraitheoirí tacaíochta seachtracha i bpríomhróil ina ndéileáiltear le custaiméirí, chun a chinntiú go n-aithnítear iarratais duine ar a sonraí agus go gcuirtear i gcrích iad i gceart agus go tráthúil.

## Meta Platforms Ireland Limited: Iarratas Duine ar a Sonraí agus Airteagal 15(4) de RGCS

Bhain an gearán seo le duine aonair nár fhéad rochtain a fháil ar a chuntas Facebook tar éis do Meta é a dhíchumasú toisc gur cinneadh gur sárú tromchúiseach ar a Théarmaí Seirbhíse a bhí ann. Chuir an duine aonair Iarratas Duine ar a Sonraí isteach ag lorg a gcuid sonraí pearsanta ar fad a bhí sábháilte, lena n-áirítear a gcuid teagmhálaithe ar Messenger agus a n-uimhreacha gutháin. Thug Meta rochtain don duine ar an gcuid is mó dá sonraí pearsanta ar dtús trí 'nasc indiúscartha.' Mar sin féin, chinn Meta faisnéis áirithe a choinneáil siar, ag brath ar Airteagal 15(4) de RGCS, chun a thabhairt le fios go bhféadfadh nochtadh na sonraí pearsanta a coinníodh siar dochar a dhéanamh do chearta agus do shaoirsí daoine eile. Chuir an duine aonair, agus é míshásta le cinneadh Meta, gearán faoi bhráid an Choimisiúin.

Le linn scrúdú an Choimisiúin ar an ngearán sin, thug Meta mionsonraí faoina fhiosrúchán ar an gcuntas seo, faoin mbunús a bhí le díchumasú an chuntais ábhartha, agus faoin spleáchas a bhí aige ar Airteagal 15(4) de RGCS chun catagóirí sonracha sonraí a choinneáil siar, lena n-áirítear an t-ábhar a tuairiscíodh a bheith in aghaidh na rialacha, sonraí na dtuairisceoirí, agus faisnéis faoi athbhreithniú cuntais.

Tar éis dó tástáil chothromúcháin Meta agus an fhianaise thacaíochta a bhreithniú, chinn an Coimisiún go raibh na bearta cuí déanta ag Meta, sa chás sonrach seo, chun iarracht a dhéanamh cothromaíocht a bhaint amach idir ceart an duine aonair rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta agus cearta bunúsacha daoine eile, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Ba dheimhin leis an gCoimisiún, sa chás seo, gur léirigh Meta go leordhóthanach go raibh sé ag brath ar Airteagal 15(4) de RGCS chun srian a chur le ceart rochtana an duine aonair. Chinn an Coimisiún go raibh Meta tar éis cloí lena oibleagáidí agus é ag freagairt d'iarraidh an duine aonair ar rochtain sa chás seo, agus **nár thángthas ar aon sárú.**

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL:

Léirítear sa chás seo na cúinsí iomaíocha nach mór a chur san áireamh agus tástáil chothromúcháin Airteagal 15(4) de RGCS á cur i bhfeidhm. Is sampla maith é an cás seo den chumas atá ag rialaitheoir a mhíniú cén fáth nár scaoileadh catagóirí áirithe sonraí pearsanta agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar ag tacú lena chinneadh.

## Microsoft Ireland Operations Limited: Iarratas Duine ar a Sonraí

Bhain an Fiosrúchán seo le gearán maidir leis an gcaoi ar láimhseáil Microsoft Iarratas Duine ar a Sonraí agus lena dhiúltú cóip dá sonraí pearsanta a sholáthar don duine aonair tar éis a gcuntas a chur ar fionraí de bharr sárú líomhainte ar Chomhaontú Seirbhísí Microsoft. Cuireadh cuntas Microsoft OneDrive an duine aonair ar ceal ina dhiaidh sin tar éis don iarratas ar rochtain a bheith déanta agus scriosadh sonraí uile an daoine aonair.

D'fhéach Microsoft le brath ar Airteagal 15(4) de RGCS agus iad ag diúltú na sonraí pearsanta a sholáthar don duine aonair, agus dúirt sé go n-imreodh sé sin 'drochthionchar ar chearta agus ar shaoirsí daoine eile'.

Scrúdaigh raon feidhme an Fhiosrúcháin an chaoi ar láimhseáil Microsoft an t-iarratas ar rochtain faoi Airteagail 12(4), 15(4) agus 5(1)(a) RGCS. Scrúdaigh an Fiosrúchán an t-údar a thug Microsoft le haghaidh diúltú don iarratas ar rochtain, agus cé acu a rinne sé an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don duine aonair atá in Airteagal 12(4) de RGCS, i.e. cé acu a thug sé cúiseanna don duine aonair as rochtain a dhiúltú agus a rinne sé iad a chur ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta agus athbhreithniú breithiúnach a lorg gan moill mhíchuí. Scrúdaigh an Fiosrúchán freisin cé acu a chomhlíon Microsoft prionsabail na dlíthiúlachta, na cothroime agus na trédhearcachta faoi Airteagal 5(1)(a) de RGCS agus sonraí pearsanta an duine aonair á scriosadh aige tar éis don iarratas ar rochtain a bheith déanta.

Dheimhnigh an Fiosrúchán nach raibh polasaithe Microsoft soiléir maidir le: na nósanna imeachta a bhaineann le cuntais atá faoi ghlas, ar fionraí, dúnta agus scriosta; cén uair go beacht a scriosfaí sonraí cuntais i ndiaidh dhúnadh an chuntais; agus cad iad na roghanna achomhairc, más ann dóibh, atá ar fáil d'úsáideoirí ar Dhún Microsoft a gcuntais de bharr sárú líomhainte ar Chomhaontú Seirbhísí Microsoft. Léirscrios Microsoft sonraí chuntas OneDrive an duine aonair, cé nár chuir sé in iúl go soiléir don duine aonair go raibh a chuntas curtha ar ceal.

Chinn an Coimisiún sa deireadh go raibh easpa soiléireachta agus trédhearcachta i gceist i leith an duine aonair sa bhealach inar láimhseáil Microsoft an t-iarratas ar rochtain agus inar léirscriosadh sonraí an duine aonair ina dhiaidh sin. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur tharla léirscriosadh sonraí an duine aonair in ainneoin easpa soiléireachta agus trédhearcachta maidir le cibé an raibh an cuntas dúnta agus na sonraí sceidealaithe le léirscriosadh, agus in imthosca inar mhainnigh Microsoft an t-eolas iomlán riachtanach a sholáthar mar fhreagra ar Iarratas Duine ar a Sonraí. Dá bhrí sin, níor chomhlíon léirscriosadh shonraí an chuntais an dleathacht, an cothromas agus an trédhearcacht a cheanglaítear faoi Airteagal 5(1)(a) den RGCS.

Sa Chinneadh uaidh, chinn an Coimisiún go raibh dhá **shárú faoi Airteagail 12(4) agus 5(1)(a) de RGCS** ann. Go sonrach, mhainnigh Microsoft an duine aonair a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta agus faoin gcumas leigheas breithiúnach a lorg tar éis dá n-iarratas ar rochtain Airteagal 12(4) RGCS a shárú. Sháraigh Microsoft Airteagal 5(1)(a) de RGCS sa bhealach inar láimhseáil sé iarratas an ghearánaigh ar rochtain agus ina chinneadh a chuid sonraí a léirscriosadh tar éis an t-iarratas ar rochtain a fháil. **D'eisigh an Coimisiún iomardú** i leith an dá shárú a sainaithníodh, i gcomhréir lena chumhachtaí faoi Airteagal 58(2)(b) de RGCS.

Ordaíodh sa Chinneadh freisin do Microsoft **a chuid polasaithe agus nósanna imeachta a leasú chun a chóras próiseála a dhéanamh comhlíontach**, go háirithe: a chuid polasaithe coinneála a shoiléiriú i gcás cuntais a chuir Microsoft ar ceal de bharr sárú ar Chomhaontú Seirbhísí Microsoft; na cúinsí ina scriostar sonraí den sórt sin go buan a shoiléiriú; agus chun a leagan amach conas is féidir le húsáideoirí achomharc a dhéanamh i gcoinne foirceannadh cuntais den sórt sin.

Sula ndearnadh an Cinneadh seo a thabhairt chun críche, i gcomhréir leis an sásra comhoibrithe a sholáthraítear le hAirteagal 60 RGCS, fuair an Coimisiún agóid ábhartha agus réasúnaithe ó Údarás Maoirseachta lena mBaineann (ÚMB). D'oibrigh an Coimisiún leis an údarás maoirseachta lena mbaineann sin chun teacht ar chomhréiteach maidir le Dréachtchinneadh leasaithe, a cuireadh faoi bhráid na n-údarás maoirseachta lena mbaineann arís agus ar ghlac siad go léir leis.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL:

Léirítear sa chás seo an gá atá ann soiléire a sholáthar d'úsáideoirí i ndoiciméadacht polasaí maidir leis an méid a tharlaíonn do shonraí cuntais úsáideora nuair a chuirtear a gcuntas ar fionraí nó nuair a chuireann an rialaitheoir deireadh leis.

# Forfheidhmiú Cumhachtaí Ceartaitheacha d’fheidhmigh an Coimisiún

## Comhairle Chontae Shligigh

I Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún a phróiseas forfheidhmithe i gcrích tar éis don Choimisiún glacadh leis an gCinneadh Críochnaitheach i mí na Samhna 2024. Bhain an Cinneadh sin le Fiosrúchán maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Comhairle Chontae Shligigh (an Chomhairle) trí úsáid a bhaint as córais TCI agus Córais Uathaitheanta Uimhirphlátaí, agus aon teicneolaíochtaí eile a d’fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine aonair.

Bhí sé mar aidhm ag an bhFiosrúchán measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí próiseáil sonraí pearsanta ag an gComhairle i gcomhréir le RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Chinn an Coimisiún gur sháraigh an Chomhairle Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 5(1)(e), 5(1)(f), 13, 24(1), 25, 30 agus 32(1) de RGCS mar aon le hailt 71(1)(a), 71(1)(c), 71(1)(e), 71(1)(f), 71(10), 72, 72(1), 72(2), 75(1), 75(3) 76(2), 78, 79, 81, 82(2), 84 agus 90(1) d’Acht 2018.

I measc na mbeart ceartaitheach a chuir an Coimisiún i bhfeidhm, bhí:

- cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta trí cheamaraí TCI agus ceamaraí UAUP ag roinnt láithreacha go dtí go bhféadfaí bunús dlí bailí a shainaithint;
- ordú do Chomhairle Chontae Shligigh a próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh comhlíontach trí ghníomhartha áirithe a shonraítear sa Chinneadh a dhéanamh;
- iomardú maidir le sárú alt 79 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, a rinne Comhairle Chontae Shligigh; agus
- fíneáil riaracháin €29,500.

Rinne an Coimisiún **cigireacht ar an láthair ar an 16 Meitheamh 2025** chun comhlíonadh an Chinnidh a chinntiú. Bhí cruinnithe le hoifigigh na Comhairle i Halla an Chontae san áireamh sa chigireacht, chomh maith le cuairteanna ar shuímh TCI na Comhairle agus ar na seomraí rialaithe sa Chrann Mór agus i gCuan Shligigh. Thug an fhoireann cigireachta athruithe dearfacha éagsúla a rinne an Chomhairle faoi deara, lena n-áirítear mapáil dhigiteach ar cheamaraí TCI, comharthaíocht a tógadh agus bearta slándála feabhsaithe a cuireadh i bhfeidhm i seomraí rialaithe TCI.

Rinne an Coimisiún tuilleadh idirghníomhaíochta leis an gComhairle i ndiaidh na cigireachta agus dheimhnigh sé ina dhiaidh sin gur chuir an Chomhairle a phróiseáil i gcomhréir le RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, maidir leis na saincheisteanna a bhí mar ábhar d’Fhiosrúchán an Choimisiúin.

## Ollscoil Mhá Nuad

I mí Aibreáin 2025, chuir an Coimisiún a phróiseas forfheidhmithe i gcrích tar éis dó glacadh leis an gCinneadh Críochnaitheach i mí na Samhna 2024. Bhain an Cinneadh sin le Fiosrúchán maidir le hOllscoil Mhá Nuad. Bhain an Fiosrúchán le sárú sonraí pearsanta a chuir Ollscoil Mhá Nuad in iúl i mí na Samhna 2018. Chuaigh an sárú i bhfeidhm ar chuntais ríomhphoist roinnt fostaithe de chuid na hollscoile.

Rinne an Coimisiún measúnú ar bheartais theicniúla agus eagraíochtúla Ollscoil Mhá Nuad chun slándáil na sonraí pearsanta a phróiseáil sí a chinntiú, agus scrúdaigh sé comhlíonadh maidir le hoibleagáid an rialaitheora sáruithe a chur in iúl go pras. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Ollscoil Mhá Nuad Airteagail 5(1)(f), 32 agus 33 de RGCS. D'eisigh an Coimisiún iomardú d'Ollscoil Mhá Nuad, d'fhorchuir sé fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €40,000 uirthi, agus d'ordaigh sé d'Ollscoil Mhá Nuad a córas próiseála a thabhairt i gcomhréir le ceanglais slándála RGCS.

I mí Eanáir 2025, chuir Ollscoil Mhá Nuad **tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin** inar sonraíodh bearta teicniúla agus eagraíochtúla athbhreithnithe maidir le slándáil, oiliúint d'fhoireann agus do mhic léinn, agus lena chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais RGCS. I measc na mbeart tá úsáid an Fhíordheimhnithe Ilmhodha, athbhreithniú ar bhearta agus ar pholasaithe frith-bhogearraí mailíseacha, nuashonruithe slándála do bhogearraí agus athruithe ar pholasaithe pasfhocal. Rinne an Coimisiún anailís ar a bearta slándála nuashonraithe Ollscoil Mhá Nuad agus fuarthas amach gur chomhlíon Ollscoil Mhá Nuad ordú an Choimisiúin.

# 6. Dlíthíocht

# 6. Dlíthíocht

## Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh a rinneadh in 2025

# Uimh.1

**Uimhir Thaifid.**
[2023] 341 JR

**Teideal**
An Lárionad Eorpach um Chearta Digiteacha (LECD) v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Athbhreithniú Breithiúnach – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
16 Eanáir 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích

**Toradh:**
Le hOrdú arna dhéanamh le toiliú an 16 Eanáir 2025, scrios an Ard-Chúirt amach athbhreithniú breithiúnach LECD i ndiaidh do LECD aontú na himeachtaí a tharraingt siar seachas iad a thabhairt chun trialach.

Sna himeachtaí, rinne LECD agóid inar maíodh gur mhainnigh an Coimisiún sraith "saincheisteanna discréideacha" a d'eascair as trí ghearán a rinne LECD roimhe seo i gcoinne Facebook, Instagram agus WhatsApp faoi seach a imscrúdú, agus a raibh Cinntí glactha ag an gCoimisiún cheana ina leith ina raibh torthaí a bhí neamhfhabhrach do na rialaitheoirí sin.

Chuir an Coimisiún go hiomlán i gcoinne na n-imeachtaí ar gach foras.

Trí chomhaontú, d'ordaigh an Chúirt LECD ranníocaíocht a dhéanamh do chostais an Choimisiúin i méid socraithe.

# Uimh.2

**Uimhir Thaifid.**
Uimhreacha Taifid na Cúirte Ginearálta
T-70/23,
T-84/23,
T-111/23

**Teideal**
An Coimisiún um Chosaint Sonraí v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc – Cúirt Ghinearálta an AE

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
29 Eanáir 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích

**Toradh:**
Trí bhreithiúnas a tugadh ar an 29 Eanáir 2025, dhíbh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh (CBAE) caingean a thionscain an Coimisiún i gcoinne an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) i gCásanna Uamtha T-70/23, T-84/23 agus T-111/23.

Bhí baint ag na himeachtaí le hagóid an Choimisiúin i gcoinne ceann amháin de réimse Cinntí arna nglacadh ag EDPB ar an 5 Nollaig 2022 i leith gearáin arna dtaisceadh ó LECD. Sna Cinntí faoi thrácht, threoraigh EDPB don Choimisiún imscrúduithe úra a dhéanamh i leith próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta ag rialaitheoirí ardáin Facebook, Instagram agus WhatsApp i gcomhthéacsanna áirithe. (Chinn an Coimisiún go raibh 'sonraí catagóire neamhspeisialta' á bpróiseáil ag na rialaitheoirí chun críocha fógraíochta iompraíochta gan bonn dleathach, contrártha d'Airteagal 6 de RGCS).

Sna hImeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, d'áitigh an Coimisiún go raibh údarás EDPB sáraithe faoi Airteagal 65(1)(a) de RGCS, agus mhaígh sé nach féidir le Cinntí ceangailteacha EDPB imscrúdú saincheisteanna breise nó dréacht-Chinntí i leith saincheisteanna den chineál sin a éileamh.

D'easaontaigh an Chúirt, agus cinneadh aici go bhféadfadh 'agóid ábhartha agus réasúnaithe' faoi Airteagal 4(24) de RGCS aghaidh a thabhairt ar raon feidhme fiosrúcháin, lena n-údaraítear mar sin do EDPB, agus Cinneadh ceangailteach á ghlacadh aige faoi Airteagal 65(1)(a) de RGCS, Príomh-Údarás Maoirseachta a ordú chun raon feidhme a fhiosrúcháin agus an anailís ghaolmhar a leathnú agus, más gá, tabhairt faoi fhiosrúcháin úra agus dréacht-Chinneadh leantach a chur ar fáil i leith nós imeachta comhair Airteagal 60. D'fhormhínigh an Chúirt maidir leis an sásra comhair agus comhsheasmhachta faoi Chaibidil VII de RGCS chomh maith.

Díbheadh gearán an Choimisiúin mar sin. Dámhadh costais i gcoinne an Choimisiúin chomh maith.

# Uimh.3

**Uimhir Thaifid.**
[2024] 3881

**Teideal**
Mullan & Mullan v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc Reachtúil – an Chúirt Chuarda

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
26 Feabhra 2025

**Stádas Reatha**
Níor leanadh leis na himeachtaí

**Toradh:**
Ar an 26 Feabhra 2025, rinne an Chúirt Chuarda Ordú ina dtaifeadtar go raibh deireadh le hachomharc arna thionscnamh ag na Gearánaigh i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin a rinneadh ar an 16 Lúnasa 2024.

Bhain an Cinneadh faoi achomharc le dhá ghearán ghaolmhara arna n-imscrúdú ag an gCoimisiún faoin réimeas réamh-RGCS maidir le sonraí pearsanta an Achomharcóra á bpróiseáil le linn glacadóireachta.

Bhí ocht dtoradh fhoirmiúla i gCinneadh an Choimisiúin, a sheasann le gnéithe áirithe den ghearán ach a dhiúltaíonn do ghnéithe eile de. Go sonrach, fuair an Coimisiún amach gur mhainnigh an rialaitheoir faisnéis, faisnéis a bhí sé d'oibleagáid air a chur ar fáil, a chur ar fáil do na hábhair sonraí faoi alt 2D d'Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus gur nocht sé sonraí pearsanta go neamhdhleathach in 2015. Ar leithligh uaidh sin, fuair sé amach, go raibh bonn dleathach ag an rialaitheoir chun sonraí an Achomharcóra a fháil agus a phróiseáil chun críche glacadóireachta.

Chomhdaigh an Coimisiún páipéir i gcoinne an achomhairc ar an 15 Eanáir 2025. Roimh na himeachtaí teacht os comhair na Cúirte arís ar an 26 Feabhra 2025, ba léir nach raibh sé ar intinn ag na hAchomharcóirí dul ar aghaidh lena n-achomharc a thuilleadh. Ar an dáta sin, marcáladh go cuí go raibh na himeachtaí scortha.

# Uimh.4

**Uimhir Thaifid.**
[2022] 699 JR

**Teideal**
McShane v an Coimisiún um Chosaint Sonraí (agus FSS)

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Athbhreithniú Breithiúnach – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
3 Aibreán 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích

**Toradh:**
Ar an 3 Aibreán 2025, dhiúltaigh an Ard-Chúirt (an Breitheamh O'Donnell) d'iarraidh ar athbhreithniú breithiúnach arna thabhairt ag an Uasal McShane, lena gcuirtear i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin a rinneadh ar an 23 Bealtaine 2022, i leith gearáin a rinne an tUasal McShane de bhun an chibearionsaí ar an FSS i mBealtaine 2021.

Ina chinneadh, chinn an Coimisiún nach 'rialaitheoir sonraí' é FSS i dtaca le sonraí pearsanta neamhoibre arna stóráil ar ghuthán oibre eisithe ag an FSS chuig a fhostaí, an tUasal McShane. Dá réir sin, díbheadh an gearán.

Ina imeachtaí, líomhain an tUasal McShane (i measc nithe eile) gur chuir an Coimisiún RGCS chun mífheidhme le linn dó a ghearán a imscrúdú.

Ina bhreithiúnas, chinn an Chúirt gur ghníomhaigh an Coimisiún go dleathach agus go comhréireach agus an gearán a cuireadh ar aghaidh á láimhseáil aige, gearán a bhí dírithe ar shonraí pearsanta neamhoibre a dúradh go raibh ar ghuthán oibre an Uasail McShane. Ghlac an Chúirt le tuairim an Choimisiúin nár cheart FSS a mheas mar rialaitheoir na sonraí sin toisc nár chinn sé cuspóirí agus modhanna na próiseála sonraí. Dhiúltaigh an Chúirt go raibh ar an gCoimisiún tabhairt faoi Fhiosrúchán níos leithne ar phróiseáil FSS ar shonraí oibre an Uasail McShane, agus thug sí le fios go raibh saincheisteanna dá leithéid laistigh de raon feidhme an ghearáin. Diúltaíodh don iarratas ar athbhreithniú breithiúnach dá bhrí sin.

Ar an 3 Meitheamh 2025, d'ordaigh an Chúirt don Uasal McShane costais an Choimisiúin (agus costais FSS) a íoc ón dáta a ceadaíodh saoire (an 3 Samhain 2023).

Ina dhiaidh sin, rinne an tUasal McShane achomharc in aghaidh Bhreithiúnas na hArd-Chúirte agus Orduithe na Cúirte Achomhairc.

# Uimh.5

**Uimhir Thaifid.**
[2025] IECA 97

**Teideal**
Meta Platforms Ireland Limited v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Athbhreithniú Breithiúnach – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
12 Bealtaine 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích

**Toradh:**
Ar an 12 Bealtaine 2025, chinn an Chúirt Achomhairc i bhfabhar an Choimisiúin, in achomharc a rinne an Coimisiún in aghaidh bhreithiúnas (agus Orduithe gaolmhara) na hArd-Chúirte a tugadh roimhe sin.

In iarratas a tugadh roimhe, d'iarr Meta Platforms Ireland Limited ar an gCúirt achomharc Meta in aghaidh Chinneadh áirithe an Choimisiúin (cinneadh ina raibh cinntí déanta ag an gCoimisiún in aghaidh Meta) a chur ar atráth agus/nó a bac a chur air, fad a bhí cinneadh imeachtaí eile, nach mbaineann, ar feitheamh os comhair CBAE (WhatsApp, Cás T-709/21).

Chuir an Coimisiún i gcoinne na caingne sin, agus é ag maíomh gur cheart don achomharc dul ar aghaidh chun éisteachta, cibé acu go hiomlán nó go páirteach.

Cheadaigh an Ard-Chúirt an t-atráth ginearálta a d'iarr Meta. Rinne an Coimisiún achomharc de réir mar is cuí.

Ina breithiúnas ar an 12 Bealtaine 2025, chuir an Chúirt Achomhairc breithiúnas na hArd-Chúirte ar ceal, agus thug sí dá haire:

- gur cheart an lánrogha chun imeachtaí chur ar ceal a fheidhmiú go hannamh agus i gcásanna amháin inar gá chun éagóir a sheachaint amháin;
- níor léirigh Meta dá leanfaí leis na himeachtaí in Éirinn go ndéanfaí dochar nó dúbláil nach bhféadfaí a bhainistiú le bearta bainistithe cásanna; agus
- ní údar le bac uileghabhálach é go bhfuil imeachtaí AE gaolmhara ann, go háirithe sa chás nach raibh na saincheisteanna mar an gcéanna agus go bhféadfaí bac a chur ar fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin.

Maidir le costais, rialaigh an Chúirt gur éirigh go hiomlán leis an gCoimisiún agus leis na hiarratais os a chomhair a chosaint agus dá bhrí sin go raibh sé i dteideal a chostais a aisghabháil ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Achomhairc araon.

# Uimh.6

**Uimhir Thaifid.**
[2025] IECA 195

**Teideal**
Nowak v an Coimisinéir um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc ón Ard-Chúirt – An Chúirt Achomhairc

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
19 Meán Fómhair 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích ag brath ar an gCúirt Uachtarach ag breithniú iarratais ar chead chun achomharc breise a thabhairt chun na cúirte sin

**Toradh:**
Ar an 19 Meán Fómhair 2025, thug an Chúirt Achomhairc (an Breitheamh Faherty agus an Breitheamh Meenan) breithiúnas lenar diúltaíodh d'achomharc an Uasail Nowak i gcoinne Bhreithiúnas agus Ordú na hArd-Chúirte, inar sheas an Ard-Chúirt le diúltú na Cúirte Cuarda d'achomharc an Uasail Nowak i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin a rinneadh ar an 21 Aibreán 2022.

D'eascair Cinneadh an Choimisiúin ón 21 Aibreán 2022 as gearán a rinne an tUasal Nowak chuig an gCoimisiún in 2010, inar líomhain sé gur dhiúltaigh Chartered Accountants Ireland go mícheart dó rochtain a fháil ar scripteanna scrúdaithe áirithe an Uasail Nowak, mar fhreagra ar iarratas duine is ábhar do na sonraí ar a sonraí a rinne an tUasal Nowak.

I ndiaidh rialú CBAE i gCás C-434/16, fuair an tUasal Nowak rochtain ar a script scrúdaithe fada ó shin, ach níos déanaí líomhain an tUasal Nowak gur mhainnigh an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar chúig shaincheist eile a d'eascair óna ghearán bunaidh.

Ina chinneadh ar an 21 Aibreán 2022, scrúdaigh an Coimisiún na cúig shaincheist a bhí i gceist, agus rialaigh sé i gcoinne an Uasail Nowak i ngach aon cheann acu.

Diúltaíodh d'achomhairc an Uasail Nowak i gcoinne an Chinnidh sin sa Chúirt Chuarda (ar an 9 Deireadh Fómhair 2023) agus sa Chúirt Uachtarach (ar an 2 Iúil 2024).

Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc d'achomharc breise an Uasail Nowak chuig an gCúirt sin, agus seasadh le hanailís an Choimisiúin ar na cúig shaincheist leantacha go léir a luaigh an tUasal Nowak.

Faoi Ordú breise dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2025, d'ordaigh an Chúirt go n-íocfaidh an tUasal Nowak costais an Choimisiúin ón achomharc le breithniú cheal comhaontú.

Ina dhiaidh sin chuir an tUasal Nowak isteach ar chead chun achomharc breise a thabhairt os comhair na Cúirte Uachtaraí, agus bhí an t-iarratas sin ar feitheamh ag deireadh na bliana.

# Uimh.7

**Uimhir Thaifid.**
[2024] 533 MCA agus [2025] 6 MCA

**Teideal**
Meta Platforms Ireland Limited v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc Reachtúil – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
31 Deireadh Fómhair 2025

**Stádas Reatha**
Imeachtaí fós ar siúl maidir le costais

**Toradh:**
Faoi Ordú Toilithe a rinneadh ar an 25 Meitheamh 2025 in achomharc (neamhghaolmhar) a thionscain LinkedIn Ireland Unlimited Company i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin, d'ordaigh an Ard-Chúirt gur cheart na ceithre shaincheist a sainaithníodh a shocrú sula ndéanfaí éisteacht le haon achomharc bunúsach nó substaintiúil de chuid LinkedIn. (Go bunúsach, baineann na saincheisteanna sin le cineál an achomhairc a shainaithint a d'fhéadfadh rialaitheoir a thabhairt i gcoinne chinneadh an Choimisiúin sa chás gur aimsigh an Coimisiún gur sháraigh an rialaitheoir foráil amháin nó níos mó d'fhorálacha sainaitheanta RGCS agus ghearr sé fíneáil riaracháin i leith na sáruithe sin.)

Ar an 31 Deireadh Fómhair 2025, thug an Ard-Chúirt (an Breitheamh Cahill) breithiúnas ex tempore lenar diúltaíodh d'iarratas Meta ar thriail ar na ceithre réamh-shaincheist chéanna i gcomhthéacs dhá achomharc ar leith a thionscain Meta Platforms Ireland Limited i gcoinne Chinntí an Choimisiúin.

I gcomhthéacs a iarratais, d'áitigh Meta (i measc nithe eile) gur chóir, ar chúiseanna cothromais agus comhréireachta, go n-éistfí le Meta maidir le réamh-shaincheisteanna LinkedIn, cibé acu ag an am céanna is a bhí na saincheisteanna sin á mbreithniú i gcomhthéacs imeachtaí LinkedIn, nó go díreach ina dhiaidh sin.

Chuir an Coimisiún (agus an Stát) i gcoinne iarratas Meta, agus maíodh, ar an ngnáthbhealach, nach raibh Meta i dteideal éisteacht in imeachtaí de chuid páirtí eile dá réir sin, ba cheart dó fanacht le toradh na trialach ar réamh-shaincheisteanna LinkedIn. Chomh maith leis sin, ghlac an Chúirt leis go mbeadh dúbailt i gceist dá ndéanfaí triail ar na réamh-shaincheisteanna céanna i gcomhthéacs achomharc Meta, agus go gcuirfeadh sé sin ualach míchuí ar an gCúirt agus ar na páirtithe dá bharr. Ar na cúiseanna sin agus ar chúiseanna eile, dhiúltaigh an Chúirt d'iarratas Meta.

Faoi dheireadh na bliana, níor cinneadh saincheisteanna maidir le costais an iarratais.

# Uimh.8

**Uimhir Thaifid.**
[2025] IEHC 619

**Teideal**
TikTok Technology Limited agus TikTok Information Technologies UK Limited v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc Reachtúil – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
13 Samhain 2025

**Stádas Reatha**
ceadaíodh bac eatramhach; achomharc ar feitheamh

**Toradh:**
Ar an 30 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach ina ndearna sé torthaí áirithe neamhfhabhracha do TikTok maidir le haistriú sonraí go dtí an tSín. I measc rudaí eile, bhain na torthaí sin le próiseáil sonraí úsáideoirí TikTok in LEE sa tSín i gcúinsí ina bhfaightear cianrochtain ar na sonraí (agus déantar iad a phróiseáil) ón tSín, cé go bhfuil siad á stóráil ar fhreastalaithe atá suite i dtíortha eile. Éascaítear an rochtain sin trí 'réiteach cianrochtana' atá curtha i bhfeidhm ag TikTok nó thar a cheann, agus deirtear go bhfuil foireann rialuithe teicniúla agus rialuithe eile mar chuid de.

De bhun na dtorthaí sáraithe, rinne an Coimisiún ordú lena gceanglaítear ar TikTok a phróiseáil ar shonraí dá leithéid a dhéanamh comhlíontach laistigh de thréimhse sé mhí ('an tOrdú Ceartaitheach'). Chomh maith leis sin, d'ordaigh sé do TikTok a aistrithe sonraí úsáideoirí ó LEE go dtí an tSín a chur ar fionraí sa chás nach gcomhlíonfaí an dlí laistigh den tréimhse sin de sé mhí ('an tOrdú Fionraíochta').

Ar leithligh uaidh, ghearr an Coimisiún fíneálacha riaracháin ar luach €530 milliún iad i gcomhiomlán.

Rinne TikTok achomharc i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin. I gcásanna nach n-éistfí leis an achomharc sin go ceann tamaill, rinne TikTok iarratas ar leith chun bac a chur ar theacht i bhfeidhm an Ordaithe Fionraíochta agus an Ordaithe Cheartaithigh fad a bhí toradh an achomhairc ar feitheamh. I gcomhthéacs an iarratais sin, d'áitigh sé (i measc nithe eile), dá gcomhlíonfaí an tOrdú Fionraíochta agus an tOrdú Ceartaitheacha go mbeadh air dó bearta dochúlaithe a dhéanamh, lena n-áirítear na mílte ball foirne a athlonnú, na billiúin dollar i dtaca le costais a chailliúint agus cáilíocht na seirbhíse a dhíghrádú dá úsáideoirí.

Chuir an Coimisiún i gcoinne iarratas TikTok ar bhac, agus luaigh sé, i measc nithe eile, na rioscaí ar chearta bhonn úsáideoirí TikTok in LEE mura gcuirfí deireadh leis na haistrithe sonraí go dtí an tSín laistigh den tréimhse ama sonraithe i gcinneadh an Choimisiúin.

I ndiaidh éisteacht a rinneadh thar ceithre lá go luath i mí Dheireadh Fómhair 2025, thug an Ard-Chúirt (an Breitheamh Mulcahy) breithiúnas ar an 13 Samhain 2025. D'aontaigh an Chúirt d'iarratas TikTok, lenar cuireadh teacht i bhfeidhm an Ordaithe Fionraíochta agus an Ordaithe Cheartaithigh ar fionraí faoi réir coinníollacha áirithe. Go sonrach, d'ordaigh an Chúirt go gcuirfeadh TikTok faisnéis bhreise in iúl dá bhonn úsáideoirí in LEE maidir le haistriú a sonraí go dtí an tSín; chomh maith leis sin, d'ordaigh an Chúirt do TikTok tabhairt faoi gach beart réasúnta chun a chinntiú go n-éistfí lena achomharc bunúsach i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin chomh luath agus is indéanta.

Dámhadh costais an iarratais ar bhac do TikTok.

Chuir an Coimisiún achomharc i gcoinne Bhreithiúnas agus Ordú na hArd-Chúirte. Trí chinneadh a tugadh ar an 23 Nollaig 2025, cheadaigh an Chúirt Uachtarach cead éisteachta le hachomharc a rinne an Chúirt sin (seachas an Chúirt Achomhairc).

# Uimh.9

**Uimhir Thaifid.**
[2024] 1279

**Teideal**
Dáil Éireann & Ors v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc Reachtúil – an Chúirt Chuarda

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
25 Samhain 2025

**Stádas Reatha**
Cuireadh na himeachtaí i gcrích

**Toradh:**
Achomharc reachtúil faoi Alt 150 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 i gcoinne Fógra Forfheidhmithe a d'eisigh an Coimisiún ar an 16 Feabhra 2024. D'ordaigh an Fógra sin do Thithe an Oireachtais cloí le hiarratas Duine ar a Sonraí a chuir duine is ábhar do na sonraí a sainaithníodh isteach i mí Iúil 2018. (Dhiúltaigh an tOireachtas an t-iarratas ar rochtain atá i gceist a phlé ar an mbonn gur mheas sé go raibh aon phróiseáil sonraí pearsanta a rinne an tOireachtas lasmuigh de raon feidhme dhlí an AE agus/nó go raibh srian ar an ábhar sonraí a gceart rochtana a fheidhmiú de bhun Alt 60 agus/nó Alt 43 den Acht 2018.)

I ndiaidh an t-achomharc a thabhairt, agus forbairtí áirithe faoi dhlí an AE á léiriú, ghlac Tithe an Oireachtais bearta chun déileáil leis an iarraidh ar rochtain a bhí eisithe de réir a tuillteanais.
Ar bhonn dhearcadh coiteann na bpáirtithe go bhfuil an Fógra Forfheidhmithe gan bhunús, d'aontaigh an tOireachtas deireadh a chur lena achomharc. Rinne an Chúirt Chuarda Ordú chuige sin go cuí ar an 25 Samhain 2025.

Ní dhearna an Chúirt aon Ordú i leith costas.

# Uimh. 10

**Uimhir Thaifid.**
[2024] 580 MCA

**Teideal**
LinkedIn Ireland Unlimited Company v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Achomharc Reachtúil – An Ard-Chúirt

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
2 Nollaig 2025

**Stádas Reatha**
Breithiúnas ar feitheamh

**Toradh:**
Achomharc reachtúil faoi ailt 142 agus 150 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin ar an 22 Deireadh Fómhair 2024. Sa Chinneadh sin, chinn an Coimisiún go ndearna LinkedIn sáruithe ar Airteagail 5(1)(a), 6(1)(a), 6(1)(b), 6(1)(f), 13(1)(c), 14(1)(c) de RGCS i ndáil lena phróiseáil ar shonraí pearsanta úsáideoirí an ardáin chun críocha anailíse iompraíochta agus fógraíochta spriocdhírithe. Mar ghné amháin den anailís, chinn an Coimisiún nach bhféadfadh LinkedIn brath go bailí ar na bunúis dlí 'toiliú', 'riachtanas conarthach' ná 'leasanna dlisteanacha' do na hoibríochtaí próiseála a bhí á n-imscrúdú.

De bhun na dtorthaí sáraithe sin, lean an Coimisiún ar aghaidh agus thug sé Ordú lena gceanglaítear ar LinkedIn a chóras próiseála a dhéanamh comhlíontach agus a bheartas príobháideachais a leasú. Ghearr sé fíneálacha riaracháin ar luach €310 milliún iad i gcomhiomlán, chomh maith.

Rinne LinkedIn achomharc i gcoinne gach gné de chinneadh an Choimisiúin ar an 18 Samhain 2024.

Ar an 25 Meitheamh 2025, d'ordaigh an Ard-Chúirt (an Breitheamh Gearty), le toiliú na bpáirtithe, go gcinnfear na ceithre shaincheist ar leith a eascraíonn as an achomharc sula dtabharfar an t-achomharc féin chun éisteachta. Áirítear an méid seo a leanas sna réamh-shaincheisteanna atá i gceist:

- cibé acu, sa chás go ngearrann cinneadh an Choimisiúin fíneáil riaracháin, an féidir achomharc i gcoinne an Chinnidh sin ina iomláine a thabhairt faoi Alt 142 den Acht 2018, nó cé acu a bhaineann an t-alt sin go heisiach le gné na fíneála riaracháin de chinneadh an Choimisiúin, agus gur faoi Alt 150 den Acht 2018 a phléifear leis na pointí achomhairc eile;

- caighdeán/raon feidhme an athbhreithnithe is infheidhme faoi gach ceann de na hAilt 142 agus 150 den Acht 2018; agus

- cibé acu a d'fhéadfadh an Chúirt, chun críocha achomhairc ar bith, fianaise agus argóintí nua a ghlacadh nár tugadh anuas roimhe sin os comhair an Choimisiúin.

Bhí triail ar siúl ar na réamh-shaincheisteanna sin ar feadh trí lá ón 2 Nollaig 2025. (Cuireadh an tArd-Aighne le héisteacht an iarratais i bhfianaise na ngnéithe bunreachtúla agus dhlí an AE ar eascraíodh as).

D'fhorchoimeád an Chúirt a Breithiúnas faoi dheireadh na bliana.

# Uimh.11

**Uimhir Thaifid.**
[2025] 5323

**Teideal**
Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath v an Coimisiún um Chosaint Sonraí

**An cineál caingne agus an t-ionad**
Iarratas ar Fhíneáil Riaracháin a Dheimhniú – An Chúirt Chuarda

**Dáta an Bhreithiúnais/ Ordaithe**
16 Nollaig 2025

**Stádas Reatha**
Curtha i gcrích

**Toradh:**
Iarratas ón gCoimisiún faoi alt 143(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ar Ordú lena ndeimhnítear a Chinneadh ar an 18 Meitheamh 2025 chun fíneálacha riaracháin ar leith a ghearradh ar an bhFreagróir i ndiaidh Fiosrúchán ar shárú sonraí pearsanta a cuireadh in iúl ar an 16 Samhain 2018.

Ina Chinneadh, chinn an Coimisiún go raibh sáruithe ar Airteagail 5(1)(f), 32(1), 32(2), 33(1), 34(1) agus 34(4) de RGCS, lena n-áirítear mainneachtain bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm, mainneachtain an sárú a chur in iúl gan moill mhíchuí, agus mainneachtain an sárú a chur in iúl do na hábhair sonraí nuair a ordaíodh é.

Chomh maith le hiomardú a eisiúint faoi Airteagal 58(2)(b) de RGCS, agus Ordú a d'ordaigh don rialaitheoir a chóras próiseála a dhéanamh comhlíontach faoi Airteagal 58(2)(d) de RGCS, ghearr an Coimisiún fíneálacha riaracháin ar an rialaitheoir ar luach €125,000 san iomlán.

Faoi alt 143(1), ceanglaítear ar an gCoimisiún iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt chun a chinneadh fíneáil riaracháin a ghearradh a dheimhniú. Sa chás sin, thug an Chúirt Chuarda éisteacht leis an iarratas sin (gan freasúra) ar an 16 Nollaig 2025. Dheimhnigh an Chúirt go cuí na fíneálacha a ghearr an Coimisiún agus dhámh sí costais an Choimisiúin i leith an iarratais.

# 7.

# Maoirseacht

# 7. Maoirseacht

Tugann rannpháirtíocht réamhghníomhach leis na rialaitheoirí agus na próiseálaithe sonraí a rialaíonn an Coimisiún, deiseanna chun aighneas a dhéanamh ar son chosaint chearta sonraí daoine aonair agus chun sáruithe féideartha a chosc sula dtarlaíonn siad. Bíonn torthaí níos fearr do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne mar thoradh ar idirghníomhú le heagraíochtaí trí rannpháirtíocht chomhairliúcháin agus trí idirghabhálacha maoirseachta. Is gné lárnach de threalamh rialála an Choimisiúin, é an cur chuige réamhghníomhach, coisctheach seo.

Chomh maith le comhlíonadh eagraíochtúil maidir le cosaint sonraí a thacú, cuireann rannpháirtíocht réamhghníomhach ar chumas an Choimisiúin, imní a aithint go luath agus bearta maolaithe nó leasaithe a mholadh sula dtosaítear ar phróiseáil sonraí. Ligeann an cur chuige seo don Choimisiún beart cuí a dhéanamh freisin nuair a léiríonn idirghníomhaíocht go bhféadfadh eagraíocht a bheith ag sárú, nó gur dócha go sáróidh sí, dlí na cosanta sonraí. Cinntíonn sé seo go ndírítear acmhainní rialála san áit is mó a mbeidh tionchar acu, rud a sheachadann torthaí níos fearr do na páirtithe leasmhara uile.

Cuireann an cur chuige rannpháirteach seo maidir le maoirseacht agus comhairliúchán feidhmeanna an Choimisiúin faoin RGCS i bhfeidhm chun feasacht rialaitheoirí agus próiseálaithe a ardú maidir lena n-oibleagáidí cosanta sonraí, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta, tráchtála agus eile a bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta. I dtimpeallacht theicneolaíoch atá ag athrú go tapa, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún coinneáil suas leis an nuálaíocht. Is cuid thábhachtach de seo é an t-idirghníomhú díreach le páirtithe leasmhara.

Trí rannpháirtíocht mhaoirseachta dhearfach agus chomhairleach, is féidir leis an Coimisiún a thuiscint conas a phróiseálann eagraíochtaí sonraí pearsanta agus conas a chomhlíonann siad a gcuid freagrachtaí mar rialaitheoirí sonraí. Trí chaidrimh oscailte agus cumarsáideacha a chothú le páirtithe leasmhara, is féidir leis an Coimisiún oibriú chun comhlíonadh, cuntasacht, agus cultúr feasachta ar chosaint sonraí a neartú i ngach earnáil. In 2025, bhí an Coimisiún in ann acmhainní breise a thiomnú do shroicheadh agus do rannpháirtíocht earnálach, caidrimh nua a chruthú agus ag síneadh amach chuig páirtithe leasmhara ar bhealaí nuálacha. In 2026, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún leanúint ar aghaidh ar an mbealach seo, agus leanúint ar aghaidh ag feabhsú comhlíonadh cosanta sonraí trí thacaíocht agus treoir a sholáthar d'eagraíochtaí.

## Bhí 1,222 rannpháirtíocht mhaoirseachta ag an gCoimisiún i rith 2025.

Tá an miondealú de réir earnála mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Forghníomhú an Dlí<br>80 | Sláinte<br>123 | An Earnáil Phoiblí<br>162 |
| Carthanachtaí/ Coistí Deonacha<br>191 | Leanaí/Teaghlach<br>41 | An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais<br>127 |
| Teicneolaíocht Ilnáisiúnta<br>498 | Iomlán<br>1,222 | |

Ina theannta sin, thar gach earnáil, ghlac an Coimisiún páirt in **280** cruinniú maoirseachta le heagraíochtaí in 2025. Is féidir a fheiceáil ón méid thuas go mbíonn cuid shuntasach de rannpháirtíocht an Choimisiúin le hearnáil na teicneolaíochta ilnáisiúnta. Baineann an rannpháirtíocht réamhghníomhach seo le comhairliúchán, rannpháirtíocht agus obair leantach rialta, idir na rialtóirí lena mbaineann agus comhrialtóirí an Choimisiúin agus é mar aidhm aici comhsheasmhacht rialála a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh.

As na 498 rannpháirtíocht maoirseachta teicneolaíochta Cuireadh 352 i leith cuideachtaí teicneolaíochta go díreach.

**Bhí 152 (43%) frithghníomhach**
(i.e. cuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta ag déanamh teagmhála leis an gCoimisiún)

**Bhí 200 (57%) réamhghníomhach**
(i.e. an Coimisiún ag teagmháil go gníomhach leis an rialaitheoir sonraí)

## Comhairliúchán Reachtúil

Is é príomhfheidhm reachtúil frithghníomhach ná comhairliúchán réamh-mheasartha ar bhearta reachtacha a bhaineann le próiseáil sonraí. Éilíonn an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 araon ar ranna rialtais dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le haon bhearta reachtacha nó rialála (amhail Cód Cleachtais reachtúil) a mbeidh baint ag próiseáil sonraí leo. Tá raon feidhme an oibleagáid seo leathan, mar go mbaineann sé le gach reachtaíocht a théann i bhfeidhm ar phróiseáil sonraí pearsanta. Tá sí thar a bheith tábhachtach, áfach, nuair atá sé mar aidhm ag reachtaíocht bonn dlí nua a thabhairt isteach do phróiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí poiblí nó cearta daoine aonair faoin dlí cosanta sonraí a shrianadh.

Nuair a bhíonn sé mar aidhm ag reachtaíocht bonn dlíthiúil nua a sholáthar chun sonraí pearsanta a phróiseáil, ní mór di na ceanglais atá leagtha amach san RGCS a chomhlíonadh. Ní mór a léiriú go bhfuil an phróiseáil sonraí riachtanach chun cuspóir atá sainithe go soiléir i leas an phobail a bhaint amach, agus nach mbeidh tionchar díréireach aici ar na daoine lena mbaineann. Ina theannta sin, ba cheart don bheart reachtach a bheith soiléir agus beacht maidir le conas a phróiseálfar sonraí pearsanta, as a dtiocfaidh toradh intuartha do dhaoine aonair. Má tá sé mar aidhm ag reachtaíocht bonn dlíthiúil a sholáthar chun catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a phróiseáil, i dteannta na gceanglas ginearálta, ní mór di freisin bearta oiriúnacha agus sonracha a leagan síos chun cearta bunúsacha agus leasanna ábhair na sonraí a chosaint. I gcás ina bhfuil sé mar aidhm ag beart reachtach cearta ábhair sonraí a shrianadh, tugann an tÚdarás comhairle do dhréachtóirí maidir le conas ceanglais Airteagal 23 den RGCS a chomhlíonadh, chun a chinntiú go bhfuil aon sriantach riachtanach agus comhréireach chun leas soiléir an phobail a chosaint agus go dtabharfar urraim do bhunbhrí na gceart agus na saoirsí bunúsacha atá i gceist.

Chomh maith le comhairliúchán ar phríomhreachtaíocht agus ar reachtaíocht thánaisteach, déanann an Coimisiún teagmháil freisin le páirtithe leasmhara maidir le Cóid Chleachtais a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta, agus le doiciméadú coimhdeach amhail measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí. Cuidíonn sé seo lena chinntiú go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí sonraí a phróiseáil go dleathach nuair a thiocfaidh reachtaíocht nua i bhfeidhm.

In 2025, chuir an Coimisiún treoir agus barúlacha ar fáil maidir le 77 beart reachtach agus rialála a bhí beartaithe, lena n-áirítear:

- Acht na mbóithre 1993, arna leasú ag Acht 2023 (Comhroinnt Sonraí Timpistí Tráchta Bóthair);
- Treoir Ilghnéitheach maidir le hAon Phointe Rochtana Eorpach, lena leasaítear Treoir IORA II (2016/2341);
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Margadh Intíre i Leictreachas) (Uimh. 2) 2022, Ionstraim Reachtúil Uimh. 37 de 2022 (I.R. 37/2022) - Códanna Rochtana do Mheadair Chliste;
- CROS 2268/2025 FBM Leasú Alt 851A den Acht um Chomhthiomsú Cánacha (Rialachán De Ginimis);
- Rialacháin an Chórais Sábhála Scoir um Chlárú Uathoibríoch 2025;
- Bille um an tSláinte (Leasú) (Soláthraithe Tacaíochta Baile) 2025;
- An Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta, 2023
- Rialacháin 2024 um Leasú na Rialachán um Iompar ar Bhóthar (Iarratas ar Cheadúnas Oibreora);
- Bille um Leigheas Lochtanna Áras agus Dteiléacs 2025;
- Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2025; agus
- Bille um Thorthaí Coireachta (Leasú).

## Claochlú agus Rannpháirtíocht na Seirbhíse Poiblí

Le linn 2025, bhí an Coimisiún ag plé go gníomhach le raon de chomhlachtaí ón earnáil phoiblí agus le ranna rialtais thar roinnt mórthionscadal agus grúpaí oibre. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht maidir **le foilsiú** beartaithe **Dhaonáireamh 1926 ag na Cartlanna Náisiúnta**, chun a chinntiú gur tugadh aghaidh go cuí ar chearta cosanta sonraí daoine atá os cionn céad bliain d'aois a bhí san áireamh sa Daonáireamh. Ghlac an Coimisiún páirt freisin i gcáil chomhairleach i nGrúpa Oibre Straitéis Sonraí na hEarnála Poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis cáilíocht, inrochtaineacht, agus éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí do shaoránaigh a fheabhsú. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an deis saineolas a chur ar fáil sna tionscadail seo, agus cuidiú lena chinntiú go bhfuil cúrsaí cosanta sonraí ar thús cadhnaíochta.

Sna rannpháirtíochtaí seo, chuir an Coimisiún treoir ar fáil maidir le cosaint sonraí a leabú de réir dearaidh agus mar réamhshocrú, agus maidir le dearbhú go bhfuil bearta slándála i bhfeidhm chun ábhair sonraí a chosaint. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag comhoibriú le comhlachtaí san earnáil phoiblí chun a chinntiú go bhfanann cosaint sonraí i gcroílár na dtionscadal, agus ag cur chun cinn forbairt agus soláthar seirbhísí poiblí feabhsaithe.

## Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí agus Foilsiú Sonraí Pearsanta

I mBealtaine 2025, thug an Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí (CLRG) cuireadh don Choimisiún Sonraí freastal ar a Chruinniú um Rialachas Corparáideach (CRC) chun foilsiú seoltaí cónaithe stiúrthóirí cuideachta a phlé, mar a fhoráiltear le hAcht na gCuideachtaí 2014. Thug an CLRG cuireadh don Choimisiún chun comhairle a chur ar fáil maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cosaint sonraí a eascraíonn as an ábhar seo.

Cé go gcruthaíonn an tAcht Cuideachtaí 2014 oibleagáid dhlíthiúil ar an Oifig Chláraithe Cuideachtaí (OCC) sonraí pearsanta stiúrthóirí cuideachta a phróiseáil trína seoladh cónaithe a fhoilsiú ar chlár poiblí, tá ceisteanna tagtha chun cinn maidir leis an gcomhlíonann an phróiseáil seo ceanglais an dlí um chosaint sonraí a bheith riachtanach agus comhréireach chun críoch a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail.

Mar chuid dá bhreithniú, scrúdaigh an Coimisiún an bhfuil na cosaintí, a sholáthraítear faoi alt 150(11) den Acht um Chuideachtaí 2014, a cheadaíonn do stiúrthóir iarratas a dhéanamh ar a seoladh cónaithe a bhaint den chlár ar bhonn riosca (bagairt shuntasach dá sábháilteacht phearsanta), éifeachtach ina gcur i bhfeidhm.

Dhírigh comhairle an Choimisiúin don CLRG ar a chinntiú **go ndéanfaí measúnú ar** an oibleagáid dhlíthiúil sonraí pearsanta a fhoilsiú **maidir lena riachtanas agus lena comhréireacht chun trédhearcacht a chinntiú i** ndáil le stiúrthóireacht cuideachtaí, agus go ndéanfaí aon **chosaintí** a mheasúnú maidir lena bhfíor-éifeachtacht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh a eascraíonn as foilsiú sonraí pearsanta.

I Meán Fómhair 2025, d'eisigh an CLRG tuarascáil inar glacadh leis na tuairimí a leag an Coimisiún amach ag an CGM, agus moladh go leasófaí an reachtaíocht chun nach mbeadh seoltaí cónaithe ar fáil ar chlár an OCC.

Léiríonn an rannpháirtíocht seo cur chuige an Choimisiúin maidir le hábhar fhoilsiú sonraí pearsanta ag comhlachtaí poiblí i gcoitinne, áit a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí cothromaíocht chuí idir leas an phobail san oscailteacht agus sa trédhearcacht agus **cearta bunúsacha daoine aonair**, agus a gcuid imní dhlisteanach maidir le rochtain phoiblí ar a gcuid sonraí pearsanta.




**Clé go Deas:** An Coimisinéir Des Hogan, an Leas-Choimisinéir Clare Barry, Tim Hanly, ón Oifig Náisiúnta um Chosaint, an HSE, Babiana Savin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Sage Advocacy, agus an Leas-Choimisinéir David Murphy ag seoladh Fhoireann Uirlisí an Choimsiúin maidir le Cumhdach Aosach, Iúil 2025.

## Foireann Uirlisí maidir le Cumhdach Aosach

In 2025, lean an Coimisiún air ag **tabhairt tús áite do chosaint daoine fásta leochaileacha** i gcomhréir lena Straitéis Rialála 2022-2027. Clár fíorthábhachtach ab ea foilsiú na Foirne Uirlisí maidir le Cumhdach Aosach i mí Iúil 2025. Soláthraíonn an Fhoireann Uirlísí atá forbartha i ndiaidh comhoibriú forleathan trasfhoirne agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear grúpaí abhcóideachta, soláthraithe seirbhíse ar fud na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha, mar aon le comhlachtaí rialála ábhartha eile), treoir phraiticiúil ar ghnéithe éagsúla de dhlí na cosanta sonraí i gcomhthéacs sonrach na Cumhdach Aosach. Soláthraíonn sé Ceisteanna Coitianta ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna coitianta a fhaigheann an Coimisiún ón earnáil sláinte, agus acmhainní chun tacú le heagraíochtaí atá ag obair le daoine fásta i mbaol.

Foireann Uirlisí maidir le Cumhdach Aosach

Mar thacaíocht don sheoladh, **d'óstáil an Coimisiún imeacht do pháirtithe leasmhara** ina oifigí ar Shráid Pheambróg, ar ar fhreastail os cionn **120 ionadaí** ó sholáthraithe cúraim sláinte, ó eagraíochtaí cúraim shóisialta, ó chomhlachtaí dlíthiúla agus gairmiúla, ó chomhlachtaí abhcóideachta agus ionadaithe ó na meáin.

Tar éis fhoilsiú na Foirne Uirlisí rinne an Coimisiún roinnt imeachtaí for-rochtana chun cabhrú le heagraíochtaí an treoir a chur i bhfeidhm i ndáiríre. Áiríodh orthu seo cur i láthair a tugadh d'oibrithe sóisialta i réigiún Chorcaí agus Chiarraí, chomh maith le ceardlanna a reáchtáil ag Seimineár Náisiúnta Foghlama agus Forbartha an FSS i nGaillimh.

Bhuail an Coimisiún freisin le Tithe Altranais Éireann agus leis an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta chun réimsí le haghaidh comhoibrithe sa todhchaí in 2026 maidir le cúrsaí bainteach le cumhdach Aosach, a fhiosrú.




## Rannpháirtíocht san Earnáil Spóirt

Ag leanúint leis an obair a rinneadh leis an earnáil spóirt in 2024, agus i gcomhréir le Sprioc 4 den Straitéis Rialála 2022-2027, lean an Coimisiún air ag neartú a rannpháirtíochta agus a thacaíochta d'eagraíochtaí ar fud an tsaoil spóirt. Ag tógáil ar an móiminteam dearfach a gineadh in 2024, bhunaigh an Coimisiún grúpa fócais tiomnaithe ar a raibh 20 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta (NGBanna) agus Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla (LSPanna) páirteach.

I rith na bliana, tháinig an grúpa le chéile ar roinnt ócáidí chun plé a dhéanamh ar dhúshláin nua, ar shaincheisteanna praiticiúla a bhíonn roimh chomhlachtaí spóirt, agus ar bhealaí praiticiúla inar féidir leis an gCoimisiún cúnamh a thabhairt.

IMar fhreagra díreach ar aiseolas ón ngrúpa fócais, d'óstáil an **Coimisiún an Comhlíonadh Kick Start: Cosaint Sonraí sa Spórt Comhdháil Uile-Oileáin** ar an 28ú Samhain i bPáirc an Chrócaigh – **an chéad imeacht dá leithéid a d'eagraigh an Coimisiún, agus le hiontrálacha ó bhrainse Oifig an Choimisinéara Faisnéise (ICO) i dTuaisceart Éireann**. Thug an t-imeacht saineolaithe le chéile ó réimsí na cosanta sonraí, an spóirt agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear iar-lúthchleasaithe gairmiúla, agus cuireadh seisiúin ar fáil maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an RGCS agus le húsáid teicneolaíochtaí nua. Phléigh an chomhdháil freisin réimse casta phróiseáil sonraí leanaí agus an idirghníomhaíocht leis an gcumhdach.

Mar chomhlánú ar an obair seo, d'fhoilsigh an Coimisiún sraith d'ábhar gonta, grafaicí eolais éasca le n-úsáid, bhí curtha in oiriúint go sonrach d'earnáil an spóirt. Forbraíodh na hacmhainní seo i ndiaidh aiseolais ón ngrúpa fócais, a leag béim ar an ngá atá le treoir shimplí, inrochtana chun cabhrú le heagraíochtaí a gcuid oibleagáidí cosanta sonraí a stiúradh. Mar chuid dá hacmhainní leanúnacha dóibh siúd atá ag obair le sonraí pearsanta, tá na taifeadtaí den chomhdháil curtha ar fáil ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin faoin táb 'Le hAghaidh Eagraíochtaí'.

Taifeadtaí de Chomhdháil Chomhlíonta Kick Start

Grafaicí eolais ó Chomhdháil Chomhlíonta Kick Start



**Ó chlé go deas:** Anna Morgan (Grúpa Idirnáisiúnta Príobháideachais agus Cosanta Sonraí Bird & Bird), Caroline Mooney (ICO), Kelly Cunningham (GAA), Jenny Dolan (an Coimisiún), Colin Gorman (TUSLA) ag Comhdháil Chomhlíonta Kick Start, Samhain 2025.






**Ó chlé go deas:** Dale Sunderland (an Coimisiún), David Murphy (an Coimisiún), Ellen Hayes (Sport Ireland), Caroline Mooney (ICO), Des Hogan (an Coimisiún), Kate Colleary (Pembroke Privacy) ag Comhdháil Chomhlíonta Kick Start, Samhain 2025.

## Rannpháirtíocht Carthanas

Ag teacht le Sprioc 5 de Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-2027, a gheallann tacú le heagraíochtaí de gach méid agus comhlíonadh a spreagadh, **chuir an Coimisiún roinnt seisiún ar líne ar fáil a bhí curtha in oiriúint do charthanas agus d'eagraíochtaí deonacha** i rith 2025. Thóg na seisiúin seo ar rannpháirtíocht 2024 an Choimisiúin agus thug siad aghaidh go díreach ar na dúshláin cosanta sonraí a bhíonn roimh an earnáil sheachbhrabúsach. Ag aithint na ndúshlán uathúil atá roimh an earnáil, chuir an Coimisiún tús le clár cuimsitheach rannpháirtíochta chun tacú leis na heagraíochtaí ríthábhachtacha seo agus iad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí cosanta sonraí. Cuireann go leor de na carthanachtaí a mbíonn an Coimisiún ag plé leo, seirbhísí ar fáil i réimsí na sláinte agus an chúraim shóisialta, agus oibríonn siad le húsáideoirí seirbhíse atá leochaileach agus i mbaol i gcomhthéacsanna éagsúla. Is féidir leis seo dúshláin bhreise a chruthú maidir le próiseáil sonraí catagóire speisialta do na heagraíochtaí seo.

Mar chuid den tiomantas seo, d'eagraigh an Coimisiún seacht seisiún duine le duine de *'Let's Talk Data Protection'* i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Carthanas Éireann, i réigiúin éagsúla den tír. Chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí alt ar fáil freisin don *Charity Leader*, iris hInstitiúid Carthanas Éireann do cheannairí seachbhrabúsacha, maidir le príomh-mholtaí cosanta sonraí do charthanachtaí.

Chuaigh an Coimisiún i mbun oibre freisin le roinnt mór-eagraíochtaí in earnáil na carthanachta chun cur i láthair ar líne saincheaptha a sholáthar dá mbaill. I mí na Bealtaine, chuir an Coimisiún seimineár gréasáin ar siúl do chomhlachtaí cláraithe i gcomhar leis an Rialálaí Carthanas dar teideal *Cosaint Sonraí do Charthanas,* agus i mí Dheireadh Fómhair chuir sé seisiún ar líne ar siúl do charthanas a bhaineann le hIonad Carmichael dar teideal *Ag Seoladh Trí Chlisteacht Shaorga agus Cosaint Sonraí.*

Chlúdaigh na láithreoireachtaí ar líne agus go pearsanta topaicí ríthábhachtacha do charthanas, ar nós sáruithe sonraí, iarratais ó chomhlachtaí forfheidhmithe dlí ar nós An Garda Síochána ar fhaisnéis faoi úsáideoirí seirbhíse, úsáid na hIntleachta Saorga, agus iarratais ó chliaint ar rochtain ar shonraí mar ábhar sonraí.

Cuireadh feabhas freisin ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara san earnáil in 2025 trí rannpháirtíocht fhoireann an Choimisiúin i seastán faisnéise ag *Cruinniú Mullaigh The Wheel 2025: Thriving Through Change* a bhí ar siúl i mí Bealtaine i bPáirc an Chrócaigh.

Trí chomhpháirtíocht le heagraíochtaí ar nós Carmichael, The Wheel, agus Institiúid Carthanas Éireann, is féidir leis an gCoimisiún cur go mór le cáilíocht agus méid na rannpháirtíochta leis an earnáil carthanais.

## Foireann Uirlisí um Chosaint Sonraí do Scoileanna

Tá cosaint sonraí pearsanta leanaí ar cheann de na cúig sprioc straitéiseacha i Straitéis Rialála 2022-2027 an Údarás um Chosaint Sonraí. Agus aitheantas á thabhairt aige do na dúshláin a bhíonn roimh scoileanna, go háirithe scoileanna níos lú, ar bhonn laethúil agus iad ag cinntiú go gcomhlíontar a gcuid **oibleagáidí maidir le cosaint sonraí i leith leanaí, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir nua** Foireann Uirlisí um Chosaint Sonraí do Scoileanna (an Trealamh) mar acmhainn i ndeireadh 2024. I bhfianaise an tábhachta a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta leanaí faoin RGCS, dhírigh an acmhainn seo ar phróiseáil sonraí pearsanta daltaí/leanaí i dtimpeallacht scoile.

Foireann Uirlisí um Chosaint Sonraí do Scoileanna

Tar éis an Fhoireann Uirlisí a fhoilsiú, chuir an Coimisiún tús leis an obair chun an acmhainn a chur chun cinn san earnáil oideachais le linn 2025, go háirithe trí chomhoibriú le hionaid réigiúnacha Ionad Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ITOÉ) ar fud na tíre. Le tacaíocht ó na hionaid seo **chuir an Coimisiún sraith ceardlann agus seisiún faisnéise ar fáil do fhoireann cheannaireachta na scoile, ag leibhéal bunscoile agus iarbunscoile araon**, ag plé ábhar éagsúil ón bhFoireann Uirlisí.

I dteannta a chomhoibrithe leis an ITOÉ, d'fhreastail an Coimisiún ar roinnt comhdhálacha a bhí dírithe ar earnáil an oideachais chun feasacht a chothú faoin bhFoireann Uirlisí agus chun aghaidh a thabhairt ar aon imní a d'fhéadfadh a bheith ar cheannaireacht na scoile i suíomh níos neamhfhoirmiúla.

## Próiseáil Sonraí Pearsanta ag Scoileanna le linn Réamh-Rollú scoile

Le linn 2025, chuaigh an Coimisiún i ngleic le roinnt scoileanna bunscoile i ndiaidh imní a cuireadh in iúl don Choimisiún maidir le bailiú sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí catagóire speisialta, le linn chéim réamh-rollú scoile den phróiseas iontrála. Léirigh na hábhair imní seo fadhbanna maidir le méid agus cineál na sonraí a bhí á n-iarraidh sula raibh aon áit scoile tairgthe ná glactha.

Tríd an rannpháirtíocht seo, thug an Coimisiún faoi deara cleachtais éagsúla i measc scoileanna maidir leis an eolas a iarradh ag an gcéim réamh-rollú scoile, lena n-áirítear bonn dlíthiúil bailí a bheith acu chun sonraí catagóire speisialta a phróiseáil ag an gcéim seo. Thagair roinnt scoileanna freisin d'úsáid teimpléad caighdeánaithe laistigh d'ardáin riaracháin scoile, rud a d'fhéadfadh, trí dhearmad, a bheith ina chúis le réimsí a chuimsiú a bhí ag lorg sonraí nach raibh riachtanach ná oiriúnach ag an gcéim seo den phróiseas iontrála.

Chun tacú le scoileanna lena n-oibleagáidí faoin RGCS a chomhlíonadh, agus chun cur chuige níos comhréire a spreagadh maidir le bailiú sonraí le linn réamh-rollú scoile, **d'fhoilsigh an Coimisiún postáil blag—Próiseáil Sonraí Pearsanta le linn Réamh-rollú Scoile: An tEolas a Theastaíonn ó Scoileanna**—ar a shuíomh gréasáin in 2025. Cuireann an blag treoir phraiticiúil ar fáil maidir leis an eolas ar cheart agus nár cheart do scoileanna a iarraidh ag an gcéim réamh-rollú scoile, leagann sé amach na prionsabail ábhartha de chuid an RGCS, agus áirítear ann príomhcheisteanna ar féidir le scoileanna a úsáid chun a mheas, a bhfuil a gcleachtais bailithe sonraí riachtanach, dleathach agus trédhearcach.

Blag: Próiseáil Sonraí Pearsanta le linn Réamh-rollú Scoile: An tEolas a Theastaíonn ó Scoileanna

## TCI agus Scoileanna

In 2025, ardaíodh roinnt imní maidir le próiseáil sonraí pearsanta i scoileanna trí chórais TCI, go háirithe i gcás ina raibh na ceamaraí suite i ngar do sheomraí folctha. Rinne an Coimisiún idirphlé le go leor scoileanna maidir leis na cleachtais phróiseála sonraí seo.

Cé nach bhfuil cosc ar úsáid TCI i scoileanna, tá sé tábhachtach go mbeadh cosaintí cuí i bhfeidhm ag scoileanna. Áirítear leis seo:

- **Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** (MTS) a dhéanamh sula mbaintear feidhm as a leithéid de theicneolaíocht, chun aon rioscaí féideartha a aithint agus a mhaolú;
- **beartas cosanta sonraí TCI** atá cothrom le dáta a bheith i bhfeidhm;
- leas a bhaint as teicneolaíocht masctha nó scagaire príobháideachais nuair is gá;
- comharthaíocht chuí a bheith ar taispeáint chun a chur in iúl do dhaoine go bhfuil an TCI i mbun oibre; agus
- a chinntiú go bhfuil **slándáil chuí** ar na sonraí atá á bpróiseáil tríd an gcóras TCI.

Fá tuilleadh treorach maidir le húsáid TCI le fáil i dtreoir an Choimisiúin. Foireann Uirlisí um Chosaint Sonraí do Scoileanna agus nóta treorach Treoir TCI do Rialaitheoirí.

Foireann Uirlisí um Chosaint Sonraí do Scoileanna

Treoir TCI do Rialaitheoirí

## Feachtas Comhlíonta in Earnáil Ollmhargaí agus Siopaí Áise

I ndiaidh scrúdú comhlíonta tosaigh fud fad ar Earnáil Mhiondíola na hÉireann in 2024, a raibh sé mar aidhm leis léargais níos doimhne a fháil ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta agus ar leibhéil chomhlíonta na hearnála, **chuir an Coimisiún tús lena chuid gníomhaíochtaí maoirseachta in 2025 trí dhul i ngleic go díreach le rialaitheoirí ollmhargaí agus siopaí áise.** I measc na rialaitheoirí seo, a bhfuil láithreacht shuntasach acu i bpróiseáil sonraí ar fud na hÉireann, bhí:

- príomhcheannairí an mhargaidh (a bhfuil sciar comhcheangailte den mhargadh de 66.8% acu[4]);
- oibreoirí miondíola lascaine;
- líonraí miondíola áise agus speisialaithe; agus
- oibríochtaí miondíola idirnáisiúnta.

Chuir an athbhreithniú go mór le tuiscint an Choimisiúin ar an earnáil agus ar na gníomhaíochtaí próiseála sonraí a bhaineann léi. D’aithin sé forbairtí teicneolaíochta nua agus cleachtais phróiseála sonraí a bhí faoi thionchar brúnna eacnamaíocha, ag cur béime ar an ngá atá le hathbhreithniú leanúnach chun comhlíonadh marthanach agus cosaint chearta ábhar sonraí a chinntiú.

Sainaithníodh sa léirmheas roinnt forbairtí suntasacha earnálacha i gcúrsaí cosanta sonraí, lena n-áirítear:

- an t-aitheantas, i gcás brandaí miondíola áirithe, go **bhfeidhmíonn aipeanna dílseachta agus suíomhanna gréasáin mar rialaitheoirí sonraí ar leith** óna miondíolphointí fisiciúla faoi seach;
- **an úsáid a bhaintear as réitigh theicneolaíocha agus an measúnú leanúnach orthu, chun caillteanais eacnamaíocha a laghdú** agus chun sábháilteacht foirne a fheabhsú mar fhreagairt ar leibhéil mhéadaitheacha coireachta miondíola, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe ceamaraí coirp ag foireann slándála agus imscaradh taispeántas monatóireachta TCI beo ag cuntair amach féinseirbhíse chun monatóireacht a dhéanamh ar idirbhearta agus custaiméirí ag scanadh a gcuid ceannachán; agus
- **iontráil agus measúnú teicneolaíochtaí na hintleachta saorga le haghaidh próiseáil íomhánna** i dtimpeallachtaí siopaí agus i n-oibríochtaí an tslabhra soláthair araon.

Léirigh an earnáil tiomantas suntasach do chomhlíonadh cosanta sonraí, mar is léir ó **835 Iarratas ar Rochtain Ábhair** a chomhlánú faoi Airteagal 15 den RGCS sa 12 mhí roimh an tiomantas, agus ó **215 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** a rinneadh faoi Airteagal 35 den RGCS sna trí bliana roimhe sin.

D’aithin agus d’éascaigh an próiseas athbhreithnithe réiteach ar roinnt míchomhlíontachtaí suntasacha maidir le cosaint sonraí ar fud an tionscail, agus ar an gcaoi sin cuireadh dlús le tiomantas rialaitheoirí dá gcuid oibleagáidí faoin RGCS.

Mar shampla, chuir Rialaitheoir Sonraí Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála isteach, mar chuid dá fhreagra ar an gceistneoir, nár chomhlíon Airteagal 30(1)(c) agus (d) den RGCS, toisc go raibh sé bunaithe ar theimpléad ón Ríocht Aontaithe agus nár léirigh sé go leordhóthanach na hoibríochtaí próiseála a bhain go sonrach le hÉirinn. I gcás eile, níor chomhlíon Beartas Príobháideachais rialaitheora ceanglais Airteagal 13 den RGCS toisc nár chuir sé an fhaisnéis riachtanach uile ar fáil do dhaoine aonair. Ina theannta sin, i roinnt cásanna níor chuir rialaitheoirí a dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ar fáil ar dtús nuair a lorg an Coimisiún é sin orthu.

D’aithin agus d’éascaigh an próiseas maoirseachta réiteach roinnt easnamh ábhartha maidir le comhlíonadh cosanta sonraí ar fud na hearnála, rud a chinntigh go raibh rialaitheoirí ag cloí níos fearr lena n-oibleagáidí faoin RGCS. Leanann castacht na ngníomhaíochtaí próiseála a bhaineann le brath agus le cosc gníomhaíochtaí coiriúla de bheith ag cruthú

4 Scair an Mhargaidh Ghrósaeireachta—Worldpanel by Numerator

dúshlán ar leith maidir le cosaint sonraí do rialaitheoirí sonraí san earnáil mhiondíola. Trína thionscnaimh mhaoirseachta le déanaí, d'aithin an Coimisiún an géarghá atá le cosaintí láidre a chosnódh cearta ábhair sonraí agus a thacódh le hiarrachtaí dlisteanacha chun dul i ngleic le méadú na coireachta miondíola. Níor tharraing an athbhreithniú aon ábhar imní aníos maidir le húsáid taispeántais monatóireachta TCI ag cuntair amach féinseirbhíse ná aon ábhar imní suntasach maidir le húsáid ceamaraí coirp, ach cuirfear teicneolaíochtaí eile atá á mbreithniú faoi athbhreithniú breise.

**Cinnteoidh tiomantas an Choimisiúin don chomhoibriú agus don fhaireachán rialála leanúnach go bhfanfaidh athbhreithnithe earnálacha dírithe ar chleachtais phróiseála chomhlíontacha a fheabhsú.** Ag aithint cé chomh tábhacht is atá na forbairtí seo, neartóidh an Coimisiún a rannpháirtíocht agus a threoir spriocdhírithe sa réimse seo a thuilleadh i rith 2026. Trí chomhráite, measúnú agus tacaíocht leanúnach a chothú do rialaitheoirí sonraí, tá an Coimisiún fós tiomanta do sheasmhacht earnálach a neartú agus do chaighdeáin arda comhlíonta cosanta sonraí a chur chun cinn mar fhreagairt ar rioscaí atá ag athrú.

## Tionscadal FBM

Le linn 2025, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach maidir le tuiscint a fháil ar an tírdhreach casta de phróiseáil sonraí i micrifhiontair, i bhfiontair bheaga agus i bhfiontair mheánacha.

Ag teacht le Sprioc 5 den Straitéis Rialála, dhírigh an Coimisiún ar fhorbairt treorach do mhicrifhiontair, do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide a thabhairt chun tosaigh. D'fhonn tuiscint a bhaint amach ar an bhfeasacht ar chosaint sonraí i measc na bpríomhghníomhaithe sa réimse seo, chuaigh an Coimisiún i mbun oibre go forleathan le comhlachtaí ionadaíocha, lena n-áirítear; Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann (ISME), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Digital Business Ireland, Cumann Iompair Iasta na hÉireann, Cumann na Siopaí Áise agus na Nuachtán, an Oifig Fiontar Áitiúil, Fiontraíocht Éireann, agus Cumainn Tráchtála na hÉireann. Tá roinnt seimineár gréasáin a ndearna an Coimisiún comhóstáil orthu freisin le haghaidh na hearnálacha chun tuiscint agus feasacht ar oibleagáidí cosanta sonraí a fheabhsú. I mí na Samhna, foilsíodh comhairliúchán poiblí chun tacú le tuiscint níos fearr ar na dúshláin a bhíonn roimh úinéirí micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide agus RGCS agus a n-oibleagáidí cosanta sonraí, á gcomhlíonadh acu.
Áireofar i measc na gcéad chéimeanna eile ag an gCoimisiún, athbhreithniú cuimsitheach ar thorthaí an chomhairliúcháin agus rannpháirtíocht leanúnach leis an earnáil chun cabhrú le treoir agus foirne uirlisí saincheaptha a fhorbairt.

## Transact Payment Malta Limited: Nochtadh Cosanta

In 2023, fuair an Coimisiún nochtadh cosanta i ndáil le roinnt comharchumann creidmheasa a raibh sé de cheangal orthu, de bhua a gComhaontaithe Údarú Cláir le Transact Payments Malta Limited (TPML), cóip de Thuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha a chur ar aghaidh chuig oifig tuairiscithe sciúrtha airgid TPML atá lonnaithe i Málta. Mhúscail an nochtadh imní go raibh TPML, trí éileamh a dhéanamh ar chomhair chreidmheasa, tuairiscí ar idirbhearta amhrasacha a sholáthar dó, ag éileamh ar chomhair chreidmheasa sonraí pearsanta a nochtadh, rud a bhí, in éagmais bonn dlíthiúil nó reachtúil substaintiúil do thuairisciú déach STR faoi dhlíthe AML, ina ghníomh próiseála sonraí pearsanta a bhí iomarcach, neamhréireach agus gan aon ghá leis faoin RGCS.

Tar éis idirghníomhaíochta le PAYAC Services CLG, a d'fheidhmigh mar idirghabhálaí tráchtála sa chaidreamh idir TPML agus na comhair chreidmheasa chun na seirbhísí ábhartha a éascú, agus idirghníomhaíochta le comhghleacaithe in Oifig Mháltais an Choimisiúin um Fhaisnéis agus um Chosaint Sonraí agus san Aonad um Anailís Faisnéise Airgeadais i Málta, nuashonraíodh an Comhaontú Údarú Cláir chun deireadh a chur le comhroinnt tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha idir na comhair chreidmheasa agus TPML.

Léiríonn an cás seo an tábhacht a bhaineann le struchtúir láidre rialachais sonraí a bheith i bhfeidhm agus na buntáistí a bhaineann le hidirghníomhaíocht dhearfach leis an Rialálaí.

## Cód um Chosaint Tomhaltóirí

Seoladh an Cód um Chosaint Tomhaltóirí i mí an Mhárta 2025 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí an Mhárta 2026. Cód chun na hábhair imní a d’ardaigh an Coimisiún a léiriú maidir le **sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh sé bliana** nuair a dhéanann duine teagmháil le gnólacht ach nach dtéann sé/sí ar aghaidh le bheith ina chustaiméir - mar shampla, agus luachan árachais á lorg aige/aici nó iarratas ar mhorgáiste á dhéanamh aige/aici ar líne. Dearbhaíonn an cód nuashonraithe um chosaint tomhaltóirí nach bhfuil sé riachtanach ná comhréireach a leithéid de shonraí a choinneáil ar feadh sé bliana agus **éilíonn an cód nuashonraithe ar ghnólachtaí a leithéid d’fhaisnéis a choinneáil ar feadh 12 mhí.** Léiríonn rannpháirtíocht den chineál seo go soiléir tiomantas an Choimisiúin do chosaint an cheart bhunúsaigh chun cosaint sonraí do chách.

## LinkedIn: Úsáid Sonraí Céadpháirtí chun Samhlacha IS a Oiliúint

I mí an Mhárta 2025, chuir LinkedIn an Coimisiún ar an eolas faoina rún a shamhlacha AI giniúnacha dílseánaigh féin a oiliúint le sonraí pearsanta bhaill LinkedIn atá lonnaithe san AE, ag tosú go luath i mí na Samhna 2025. Tar éis dul i ngleic go fairsing leis an gcuideachta, d’aithin an Coimisiún roinnt fadhbanna leis an bpróiseáil atá beartaithe ar shonraí pearsanta. Chuir an Coimisiún na hábhair imní seo in iúl agus rinne sé roinnt moltaí do LinkedIn maidir le **trédhearcacht, íoslaghdú sonraí, sonraí catagóire speisialta, agus próiseáil sonraí do dhaoine aonair faoi 18 mbliana d’aois.**

Dá bharr sin, ghlac LinkedIn le roinnt athruithe ar a phlean, lena n-áirítear:

- **fógraí trédhearcachta feabhsaithe** d’úsáideoirí a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar na sonraí pearsanta a phróiseálfaidh LinkedIn chun a shamhlacha IS a oiliúint agus ar a gcumas díliostáil más mian leo;
- **Laghdú ar raon feidhme na sonraí pearsanta** a phróiseálfaidh LinkedIn chun a chuid samhlacha a oiliúint, ó thaobh na sonraí a úsáidfear agus na tréimhse ama óna mbainfear iad;
- **bearta feabhsaithe chun cosc a chur ar** shonraí pearsanta úsáideoirí LinkedIn **faoi bhun 18 mbliana d’aois** a úsáid chun na samhlacha a oiliúint; agus
- **bearta feabhsaithe chun úsáideoirí a chosaint**, lena n-áirítear trí scagairí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar bhailiú faisnéise a d’fhéadfadh a bheith íogair agus a roinntear ar leathanaigh agus i ngrúpaí áirithe LinkedIn, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le ceardchumainn.

Níor cheadaigh an Coimisiún úsáid LinkedIn ar shonraí pearsanta úsáideoirí chun samhlacha intleachta saorga giniúnacha a oiliúint, ná níor aimsigh sé go raibh an úsáid sin comhlíontach. Mar sin féin, tugadh **aghaidh leordhóthanach ar imní an Choimisiúin** trí na bearta breise a chuir LinkedIn i bhfeidhm, **sa chaoi** nach meastar go bhfuil tuilleadh idirghabhála rialála riachtanach faoi láthair.

Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh LinkedIn leis an RGCS agus tá sé á cheangal ar LinkedIn tuarascáil a chur le chéile laistigh de chúig mhí ó thús na próiseála. Áireofar sa tuarascáil sin, i measc nithe eile, measúnú nuashonraithe ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht na mbeart agus na gcosaintí atá i bhfeidhm.

## Measúnú Cosanta Sonraí ar Rochtain Forbróirí Tríú Páirtí ar Shonraí Pearsanta Úsáideoirí Meta – Nuashonrú

In 2024, d'eisigh an Coimisiún Measúnú chuig Meta ina raibh roinnt moltaí maidir lena rochtain forbróirí tríú páirtí ar shonraí pearsanta. Bhain an Measúnú go príomha le rochtain ar shonraí pearsanta atá i seilbh Meta agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe mar chuid d'fhorbairt aipeanna do na hardáin Meta. I mí Feabhra 2025, thug Meta freagra ar an tuarascáil agus ar na céimeanna mionsonraithe atá glactha aige chun gníomhú de réir mholtaí an Choimisiúin.

Bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin, rinne Meta athbhreithniú ar na meicníochtaí rialachais agus rialaithe a bhí ann maidir le rochtain forbróirí tríú páirtí ar shonraí, d'fhorbair sé córas nua chun go mbeadh sé in ann maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm a threoracha maidir le bainistiú riosca tríú páirtí ó thús go deireadh, agus thug sé cothrom le dáta beartas agus nósanna imeachta a bhain le comhlíonadh, forfheidhmiú, agus maoirseacht ar an ardán forbróirí, ar phróisis ionghabhála aipeanna, agus ar phróisis athbhreithnithe aipeanna.

Ina theannta sin, rinne Meta tástáil chun a chinntiú go raibh na próisis imscrúdaithe agus forfheidhmithe ag feidhmiú go héifeachtach. Rud atá thar a bheith tábhachtach, dheimhnigh Meta go gcaillfidh forbróirí nach gcomhlíonann go hiomlán le próisis athbhreithnithe bhliantúla rochtain ar shonraí pearsanta go dtí go gcríochnófar na próisis seo.

Bhí cumas Meta forbróir a d'iarr rochtain ar shonraí pearsanta a aithint ina ábhar imní eile a bhí ag an gCoimisiún. Mhol an Coimisiún an próiseas a úsáidtear chun forbróirí a aithint a athmheas agus é a athdhearadh i gcás inar gá, chun níos mó deimhnithe a thabhairt maidir le céannacht an fhorbróra, agus ar an gcaoi sin bonn níos fearr a thabhairt do Meta chun measúnú riosca a dhéanamh ar fhorbróirí. Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm trí na próisis fhíoraithe agus seiceála atá ann cheana a leathnú chuig gach forbróir, chomh maith le ceistneoir nua maidir le láimhseáil sonraí a thabhairt isteach, lena n-áirítear próisis chun céannacht an fhorbróra agus an ghnó a ndéanann siad ionadaíocht air a fhíorú—mar aon le measúnú riosca a dhéanann Meta chun a chinneadh an bhfuil riosca méadaithe do phríobháideachas daoine aonair i gceist mar gheall ar chéannacht an fhorbróra.

Ina theannta sin, shoiléirigh Meta, chun go mbeadh rochtain ag forbróir tríú páirtí ar shonraí tomhaltóirí, go gcaithfidh siad, ar a laghad, na seiceálacha comhlíontachta seo a leanas a chur i gcrích:

- cruthú agus fíorú rathúil cuntais forbróra;
- aontú le Téarmaí an Ardáin agus le Polasaithe an Fhorbróra;
- comhlánú Fíorú Gnó; agus
- comhlánú ceistneora láimhseála sonraí.

Chuir Meta in iúl go bhfuil sé de cheangal anois ceistneoir láimhseála sonraí a chomhlánú mar chuid dá bpróiseas measúnaithe riosca sula ndeonaítear rochtain ardleibhéil d'fhorbróir. Cuirfear seo san áireamh freisin i Seiceáil Bhliantúil Úsáide Sonraí Meta do gach forbróir a bhfuil rochtain ardleibhéil acu. Ní féidir le forbróirí a seiceáil bhliantúil ar shonraí a chur i gcrích go dtí go gcuireann siad an cheistneoir láimhseála sonraí i gcrích. Mura gcuireann an forbróir tríú páirtí na céimeanna seo i gcrích go rathúil, ní bhfaighidh siad rochtain ardleibhéil agus féadfar a rochtain a chúlghairm.

**Aithníonn an Coimisiún go bhfuil bearta déanta ag Meta chun rioscaí do dhaoine aonair a íoslaghdú trí na hathruithe a rinneadh de bharr mheasúnú an Choimisiúin.** Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Meta leis an RGCS agus úsáidfidh sé cumhachtaí rialála breise más gá.

## Meta: Úsáid Sonraí den Chéad Pháirtí chun Samhlacha IS a Oiliúint

Le linn 2025, lean an Coimisiún dá rannpháirtíocht rialála fhairsing le Meta maidir le pleananna na cuideachta a Samhail Mhór Teanga (LLM) a oiliúint ag baint úsáide as ábhar poiblí (ar a dtugtar sonraí céadpháirtí) a roinn daoine fásta ar Facebook agus Instagram ar fud an Aontais Eorpaigh.

I mí Feabhra 2025, fuair an Coimisiún doiciméadacht nuashonraithe cosanta sonraí ó Meta tar éis don chuideachta cinneadh a dhéanamh próiseáil a chur ar fionraí i mí an Mheithimh 2024, tar éis di aontú le hiarratas bunaidh an Choimisiúin.

Chuir Meta roinnt beart agus feabhsuithe i bhfeidhm bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin, lena n-áirítear:

- fógraí trédhearcachta nuashonraithe d'úsáideoirí, lena n-áirítear fógraí sonracha do gach úsáideoir in 2024 agus 2025;
- foirm agóide nuashonraithe agus níos éasca le húsáid;
- tréimhse fógra níos faide a thabhairt d'úsáideoirí agus faisnéis faoi na rialuithe atá ar fáil chun gach post foilsithe a athrú ó phoiblí go príobháideach chun srian a chur go n-úsáidfí iad chun an tsamhail a oiliúint;
- a chinntiú go n-oibríonn foirmeacha agóide laistigh den aip agus i ngach dlínse ar fud na hEorpa; agus
- bearta cosanta sonraí nuashonraithe, amhail dí-shainaithint sonraí, scagadh tacar sonraí agus scagairí aschuir.

Ina theannta sin, d'éiligh an Coimisiún ar Meta tuarascáil a chur le chéile ina leagtar amach oiriúnacht na mbeart agus na gcosaintí a thug sé isteach. Tá an tuarascáil le cur faoi bhráid an Choimisiúin nuair a bheidh babhta oiliúna a úsáideann sonraí ón AE/LEE curtha i gcrích. Mar a tharlaíonn i ngach idirghníomhaíocht dá chuid, níor cheadaigh an Coimisiún ná níor dhearbhaigh sé go bhfuil úsáid Meta as sonraí pearsanta úsáideoirí chun samhlacha IS giniúnaí a oiliúint comhlíontach. Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Meta leis an RGCS agus úsáidfidh sé cumhachtaí rialála breise más gá.

## Meta: Daoine Cáiliúla a Mhealladh (Celeb-Bait)

I mí Mheán Fómhair 2024, chuir Meta in iúl don Choimisiún go raibh sé beartaithe aige teicneolaíocht aitheantais aghaidhe a chur i bhfeidhm chun cabhrú le láithreacht pearsana poiblí i bhfógraí a aithint mar bheart breise chun **íomhánna neamhúdaraithe a úsáidtear mar "Daoine Cáiliúla a Mhealladh" a bhrath.** Is éard is daoine cáiliúla a mhealladh ann ná ábhar fógraíochta a úsáideann íomhánna de phearsana poiblí agus a bhaineann leas as a gcáil agus as muinín an phobail chun daoine a mhealladh agus calaois a dhéanamh orthu.

Dúirt Meta gur gné roghnach a bhí ann, teoranta do phearsana poiblí os cionn 18 mbliana d'aois a mheastar a bheith i mbaol ard go n-úsáidfí a n-íomhánna mar dhaoine cáiliúla a mhealladh agus a thug a dtoiliú lena n-íomhá a phróiseáil. Ina theannta sin, ní chuirfí an phróiseáil seo i bhfeidhm ach ar fhógraí a aithníodh trí mhodhanna eile mar fhógraí a d'fhéadfadh a bheith ina gcamscéimeanna. Le linn na rannpháirtíochta seo, chomhoibrigh an Coimisiún go dlúth le hÚdarás Cosanta Sonraí na Polainne, a bhí ag déileáil le gearáin ghníomhacha ó dhaoine aonair maidir le húsáid a n-íomhánna agus daoine cáiliúla a mhealladh ar bun.

Le linn an phróisis rannpháirtíochta, d'aithin an Coimisiún roinnt réimsí ina bhféadfadh Meta an fhaisnéis a thugann sé do dhaoine aonair a dhéanamh **níos trédhearcaí agus rinne sé roinnt moltaí maidir le feabhsúcháin.**

Mar fhreagra ar na moltaí sin, nuashonraigh Meta an téacs sna fógraí laistigh den aip chun a dhéanamh níos soiléire do dhaoine aonair cé hiad na grianghraif a phróiseálfaí agus cá fhad a gcoinneofaí iad. Rinne Meta na hailt ábhartha san Ionad Cabhrach a nuashonrú freisin chun faisnéis níos soiléire a thabhairt do dhaoine aonair maidir leis na tréimhsí coinneála do na leabaithe digiteacha a ghintear mar chuid den phróiseáil. Tuigeann an Coimisiún gur thosaigh Meta ar an bpróiseáil san AE i mí an Mhárta 2025.

Mar chuid dá mhonatóireacht leanúnach, d'éiligh an Coimisiún ar Meta tuarascáil a chur le chéile ina leagtar amach measúnú nuashonraithe ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht na mbeart agus na gcosaintí atá tugtha isteach aige. Fuarthas an tuarascáil sin i mí Lúnasa 2025 agus roinneadh ina dhiaidh sin í le comhghleacaithe ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. Sa tuarascáil, thug Meta le fios go raibh aiseolas dearfach faighte aige ó roinnt pearsana poiblí agus óna bhfoirne maidir lena chuid iarrachtaí an fhadhb daoine cáiliúla a mhealladh a theorannú tríd an teicneolaíocht seo a úsáid chun braite agus forfheidhmiú a fheabhsú.

## OpenAI: Gníomhaire ChatGPT

I mí Feabhra 2025, chuir OpenAI an Coimisiún ar an eolas faoi phleananna chun eispéireas roghnach darb ainm ChatGPT Agent a sheoladh san Aontas Eorpach. Is féidir le ChatGPT Agent tascanna ilchéime a dhéanamh thar ceann duine aonair, mar shampla táirge áirithe a aimsiú, praghsanna eitiltí a chur i gcomparáid nó bord a chur in áirithe i mbialann. Tá ChatGPT Agent oilte chun dearbhú úsáideora a iarraidh sula ndéanann sé gníomhartha suntasacha, amhail áirithint a chur i gcrích nó logáil isteach i gcuntas príobháideach. Nuair a chuireann an duine aonair an gníomh i gcrích, féadfaidh sé/sí an smacht a thabhairt ar ais do Ghníomhaire ChatGPT.

Mar chuid den **rannpháirtíocht réamhsheolta, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) OpenAI agus ar dhoiciméid eile**. Le linn an athbhreithnithe sin, d'iarr an Coimisiún taispeántas teicniúil de chúlchóras Ghníomhaire ChatGPT chun na cosaintí a thug OpenAI le fios a bhí i bhfeidhm a thuiscint níos fearr. Chuir OpenAI taispeántas ar fáil don Choimisiún ar na bearta a bhí curtha i bhfeidhm. Tríd an rannpháirtíocht seo, **d'aithin an Coimisiún roinnt réimsí ina raibh feabhsúchán riachtanach,** go háirithe maidir le trédhearcacht úsáideoirí, lena n-áirítear feabhas a chur ar an bhfaisnéis bhunúsach faoi theicneolaíocht ghníomhaíoch nuálach atá á roinnt le daoine aonair agus feabhas a chur ar na fógraí bordála san aip ionas go mbeidh siad níos sainiúla don Ghníomhaire ChatGPT.

Mar fhreagairt ar mholtaí an Choimisiúin, **rinne OpenAI roinnt athruithe**, lena n-áirítear:

- Rannóg athbhreithnithe "Sábháilteacht agus Príobháideachas" in alt an Ionaid Chabhrach;
- Eispéireas cláraithe nuashonraithe do Ghníomhaire ChatGPT le nasc "Tuilleadh Eolais" a threoraíonn úsáideoirí chuig an rannóg nuashonraithe sin; agus
- Teanga bhreise a chur leis na fógraí laistigh den aip atá sonrach do Ghníomhaire ChatGPT, ag tarraingt aird ar an tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar an nGníomhaire ChatGPT ós rud é go bhfuil údarás suntasach aige gníomhú thar ceann an úsáideora.

Sheol OpenAI an ghné Gníomhaire ChatGPT san Aontas Eorpach i mí Iúil 2025. Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh OpenAI le RGCS.

### Etsy: Bota Comhrá

I mí an Mhárta 2025, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le Etsy maidir le seoladh bota comhrá tacaíochta custaiméara san Aontas Eorpach. Dúirt Etsy gur mhian leis an bota comhrá a úsáid chun cabhrú lena úsáideoirí san AE trí fhreagraí a sholáthar ar cheisteanna comónta agus ceisteanna coitianta. D'úsáid Etsy táirge tríú páirtí chun é sin a dhéanamh. Cuireadh oiliúint ar an mbota comhrá ag baint úsáide as ailt ó Ionad Cabhrach Etsy agus stórtha eile seirbhíse custaiméara, agus socraíodh é gan páirt a ghlacadh i gcomhráite ginearálta ná réasúnaíocht a úsáid chun freagraí a chumadh lasmuigh dá bhunachar eolais.

Le linn a rannpháirtíochta le Etsy, **d'aithin an Coimisiún roinnt ábhar imní maidir le trédhearcacht a chur ar fáil agus a chinntiú go raibh custaiméirí ar an eolas faoi na himpleachtaí cosanta sonraí a bhain leis** an mbota comhrá. Ina theannta sin, bhí imní ar an gCoimisiún faoin mbealach a roghnaigh Etsy na tréimhsí coinneála a bhaineann le húsáid an bhota comhrá a chur in iúl. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an eolas a chuir Etsy ar fáil, d'eisigh an Coimisiún moltaí i mí an Mheithimh 2025 a leag béim ar an ngá atá le feabhsuithe ar thrédhearcacht, go háirithe chun a chinntiú go mbeadh daoine aonair ar an eolas faoi na sonraí pearsanta a phróiseálfaí mar thoradh ar úsáid bota comhrá Etsy.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht an Choimisiúin thug **Etsy faoi fheabhsuithe**, lena n-áirítear:

- hipearnasc chuig alt an Ionaid Chabhrach ar an scáileán beannaithe tosaigh nuair a bhíonn an bota comhrá beo; agus
- tagairt shoiléir do na tréimhsí coinneála is infheidhme maidir le faisnéis tacaíochta do chustaiméirí, lena n-áirítear tras-scríbhinní comhráite, i bPolasaí Príobháideachais Etsy.

Dheimhnigh Etsy gur nuashonraíodh a Pholasaí Príobháideachais i mí Lúnasa 2025 agus gur seoladh an bota comhrá i mí Mheán Fómhair 2025. Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh RGCS ag bota comhrá Etsy.

## Gnóthaí Idir-Rialála

Cuireadh béim ar chomhar idir-rialála mar thosaíocht do 2025 mar gheall ar na hionchais go gcuirfeadh pacáiste nua reachtaíochta digití an Aontais Eorpaigh (m.sh. an tAcht um Margaí Digiteacha, an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha, agus reachtaíocht nua eile de chuid an AE) castacht agus méadú breise ar ualach oibre an Choimisiúin. Is amhlaidh a tharla, agus le linn 2025 bhí ról suntasach ag an gCoimisiún maidir le saineolas agus treoir i réimse chosaint sonraí a chur ar fáil do rialtóirí eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Ó rannpháirtíocht ghníomhach ar shaincheisteanna comhspéise agus comhthrasnaithe go bunú meicníochtaí agus nósanna imeachta nua comhair, reáchtáil an Coimisiún **breis agus 50 cruinniú** le rialtóirí eile agus le comhlachtaí eile a láimhseálann gearáin in 2025.




**Ó chlé go deas:** na Coimisinéirí Dale Sunderland, Niamh Sweeney agus Des Hogan in éineacht le Niamh Hodnett (CnaM) agus John Evans (CnaM) agus iad ag síniú an Chomhaontaithe Comhair maidir le cosaint leanaí ar líne.

## Foilsiú Comhaontaithe Comhair agus Ráitis Chomhpháirtigh le Coimisiún na Meán

Ba mhórchloch mhíle é mí Dheireadh Fómhair i dtiomantas an Choimisiúin do chomhar idir-rialála nuair a foilsíodh Comhaontú Comhair le Coimisiún na Meán (CnaM), chomh maith le ráiteas comhpháirteach maidir le cosaint leanaí ar líne.

Mar rialtóirí gníomhacha sa spás digiteach, aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar le CnaM i réimsí ina bhféadfadh sineirgí a bheith ann chun saineolas a roinnt agus cur chuige comhsheasmhach agus comhtháite i leith rialála a chur chun cinn. Is é cuspóir an Chomhaontaithe Chomhair seo ná caidreamh oibre struchtúrtha agus éifeachtach a chur ar bun idir an dá eagraíocht, lena n-áirítear faisnéis a roinnt go cuí agus comhoibriú ar ábhair chomhleasa. Tá an Coimisiún tiomanta don Chomhaontú Comhair seo a chur i bhfeidhm agus tá sé ag súil le rannpháirtíocht leanúnach thairbheach le CnaM in 2026.

D’fhoilsigh an Coimisiún agus CnaM ráiteas comhpháirteach freisin maidir le sábháilteacht leanaí agus cosaint a sonraí pearsanta ar líne a chur chun cinn, i gcomhréir le Colún 3 de Straitéis Rialála an Choimisiúin, a leagann amach cuspóir straitéiseach chun tosaíocht a thabhairt do chosaint leanaí agus daoine leochaileacha. Tá an Coimisiún tiomanta d’obair i gcomhar le CnaM chun caighdeáin láidre a chur chun cinn a chosnaíonn cearta leanaí sa timpeallacht dhigiteach, áit a bhfuil cosaint sonraí agus sábháilteacht ar líne fite fuaite sa dearadh ón tús. Léiríonn an ráiteas comhpháirteach seo tiomantas comhroinnte chun a chinntiú go n-urramaítear agus go gcosnaítear cearta agus leasanna is fearr leanaí ag na seirbhísí ar líne a rialaíonn an Coimisiún agus Coimisiún na Meán.

Tá an Coimisiún ag súil le comhar leanúnach maidir leis an ábhar tábhachtach seo. Beidh rannpháirtíocht rialta, struchtúrtha idir an dá eagraíocht in 2026 faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Chomhair, agus d’fhéadfadh malartú léargais ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn maidir le sábháilteacht leanaí agus cosaint a sonraí pearsanta ar líne, chomh maith le hobair chomhpháirteach ar acmhainní oideachais a bhaineann le cosaint leanaí ar líne, a bheith mar chuid den chomhar amach anseo.

Comhaontú Comhair




Coimisinéir Des Hogan ag glacadh páirte i bpainéal a rinne iniúchadh ar an gcothromaíocht idir nuálaíocht agus rialáil ag Cruinniú Mullaigh Digiteach an AE sa Bhruiséil.

## Grúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann

Lean an Coimisiún de ról gníomhach a imirt mar bhall de Ghrúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann (DRG) le linn 2025. Is ardán comhair é an DRG — ina bhfuil an Coimisiún, CnaM, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) — idir rialálaithe a bhfuil sainchúram acu sa spás digiteach agus a mbíonn tionchar díreach ag a gcuid oibre ar gheilleagar digiteach na hÉireann. Is é cuspóir an ghrúpa seo, a thagann le chéile gach mí, cur chuige comhsheasmhach agus comhtháite i leith rialáil dhigiteach in Éirinn a chur chun cinn agus comhar rialála a threorú agus a fhorbairt maidir le saincheisteanna substainteacha comhspéise sa spás digiteach.

I mbliana, chomhoibrigh baill an DRG chun Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach, a fhoilsiú, a raibh sé mar aidhm aici róil agus freagrachtaí éagsúla rialálaithe digiteacha in Éirinn a shoiléiriú agus daoine aonair a threorú chuig an gcomhlacht ceart ar cheart dóibh a gcuid ceisteanna agus gearán a chur faoina bhráid maidir le hábhair éagsúla.

Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach




## Líonra Rialálaithe Eacnamaíocha

In 2025, chuaigh an Coimisiún isteach i Líonra Rialálaithe Eacnamaíocha na hÉireann (LRE). Is fóram neamhfhoirmiúil é an LRE a éascaíonn comhar idir rialálaithe eacnamaíocha ar shaincheisteanna comhspéise, d'fhonn cur le timpeallacht rialála níos fearr agus níos comhtháite in Éirinn. Cuimsíonn ballraíocht reatha an LRE roinnt rialálaithe Éireannacha, eadhon CnaM, an CCPC, ComReg, Banc Ceannais na hÉireann (CBI), an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus an Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ). Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag sonraí pearsanta sa gheilleagar digiteach, d'éirigh leis an gCoimisiún chun a bheith ina bhall den LRE de bharr ról rialála a bheith aige.

## Líonra Idirnáisiúnta um Rialáil Dhigiteach

Lean an Coimisiún, trína bhallraíocht i nGrúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann, de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcruinnithe an Líonra Idirnáisiúnta um Chomhar Rialála Digití (INDRC) le linn 2025. Faoi láthair, cuimsíonn an líonra seo na comhlachtaí comhordaithe rialálaithe digiteacha óna Astráil, Ceanada, Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe, agus tagann sé le chéile gach sé mhí chun plé a chothú idir rialálaithe idirnáisiúnta maidir le comhsheasmhacht idir réimis dhigiteacha ina ndlínsí féin agus chun léargais a bhailiú ar an gcaoi a bhfuil siad ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna sin.

## Comhghníomhaíocht agus Comhoibriú Tras-Rialála

Ar leibhéal an AE, lean an Coimisiún de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfoghrúpa saineolaithe an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le Comhghníomhú agus Comhar Tras-Rialála (CIC), a bunaíodh go déanach in 2024. Oibríonn an grúpa seo chun leas a bhaint as na sineirgí idir na creataí rialála a bhaineann le cosaint sonraí, dlí iomaíochta agus cosaint tomhaltóirí, agus chun faisnéis a mhalartú agus dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le rialachas agus comhar tras-rialála, i gcomhréir le Ráiteas Heilsincí 2025 an EDPB maidir le soiléireacht, tacaíocht agus rannpháirtíocht fheabhsaithe.[5]

## Ardghrúpa Ardleibhéil an Achta um Margaí Digiteacha

Bhí an-áthas ar an gCoimisiún a bheith athcheaptha mar ionadaí de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB) ar Ghrúpa Ardleibhéil an DMA i mí Aibreáin 2025. Tá an grúpa seo comhdhéanta d'ionadaithe ainmnithe ó Chomhlacht Rialálaithe Eorpacha na Cumarsáide Leictreonaí (BEREC), ón EDPB, ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (EDPS), ón Líonra Eorpach Iomaíochta (ECN), ón Líonra um Chomhar i gCosaint Tomhaltóirí (CPC Network), agus ón nGrúpa Rialála Eorpach um Sheirbhísí Closamhairc (ERGA). Is é cuspóir an ghrúpa seo cur chun feidhme éifeachtach an DMA a chinntiú, sainchomhairle a chur ar fáil, agus ailíniú rialála a chur chun cinn ar fud reachtaíocht éagsúla an Aontais Eorpaigh.

Lean an Coimisiún de bheith rannpháirteach go gníomhach freisin i bhfoghrúpa na nOibleagáidí a Bhaineann le Sonraí de chuid Ardghrúpa Ardleibhéil an DMA tar éis a athcheaptha mar ionadaí de chuid an EDPB ar an ngrúpa sin in 2025.

## Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú i bhFógraíocht Pholaitiúil

I mí Dheireadh Fómhair 2025 tháinig Rialachán (AE) 2024/900, ar a dtugtar an Rialachán um Thrédhearcacht agus Fógraíocht Pholaitiúil Spriocdhírithe (TTPA), i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an TTPA saoránaigh a chumhachtú chun roghanna eolasacha a dhéanamh i dtoghcháin trí thrédhearcacht agus cuntasacht i bhfógraíocht pholaitiúil a fheabhsú. Rinneadh an Rialachán seo a thrasuíomh i ndlí na hÉireann trí I.R. Uimh. 474 de 2025, na Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fógraíocht Pholaitiúil) 2025.

Faoi I.R. Uimh. 474, ainmníodh an Coimisiún mar údarás inniúil maidir le hAirteagail 18 agus 19 den TTPA, a bhaineann le teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí i gcomhthéacs fógraíochta polaitiúla ar líne. Ainmníodh An Coimisiún Toghcháin agus Coimisiún na Meán mar údaráis inniúla freisin faoin ionstraim reachtúil seo. Oibreoidh an Coimisiún go dlúth leis an dá údarás araon in 2026 chun comhar a éascú i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna faoi seach, agus Rialachán 7 do I.R. Uimh. 474 ag soláthar bunús do chomhaontuithe comhair idir na trí eagraíocht.

5 Féach www.edpb.europa.eu/system/files/2025-07/edpb-statement-20250702-enhanced-clarity-support-engagement_en_0.pdf

# 8. Cearta Cosanta Sonraí Leanaí

# 8. Cearta Cosanta Sonraí Leanaí

## Beartas Leanaí

Ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha agus comhar trasrialála go seoladh feachtas mór múscailte feasachta poiblí, d'fhan cosaint sonraí pearsanta leanaí mar phríomhthosaíocht agus mar phríomhréimse fócais don Choimisiún sa bhliain 2025.




### Smaoinigh sula bPostálann Tú

I mí na Samhna 2025, sheol an Coimisiún feachtas náisiúnta feasachta poiblí dar teideal ***Smaoinigh sula bPostálann Tú***. Is é is aidhm don tionscnamh seo béim a chur ar na rioscaí méadaitheacha a bhaineann le 'sharenting'—is é sin, an nós a bhíonn ag tuismitheoirí faisnéis phearsanta, grianghraif agus físeáin a bhaineann le leanaí a roinnt ar líne go rialta.

Ba mhór ag an gCoimisiún é dul i mbun oibre lenár gcomhpháirtí Francach, Commission Nationale de l'Informatique et des Libertés (CNIL), ar an bhfeachtas seo. Tá an dá Choimisiún um Chosaint Sonraí tiomanta do leanaí a chosaint ar líne agus do litearthacht dhigiteach tuismitheoirí a thacú; cuireann an comhthionscnamh seo príomhthosaíochtaí straitéiseacha na dá eagraíochta chun cinn go díreach.

Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an tsaincheist seo i suirbhé digiteach tuismitheoireachta sa bhliain 2024, a rinne an Meitheal idirnáisiúnta um Oideachas Digiteach de chuid Chomhthionól Domhanda na an Phríobháideachais. Sainaithníodh sa suirbhé gur ábhar imní é an sharenting, a bhféadfadh impleachtaí díobhálacha a bheith aige do chearta leanaí agus do shonraí pearsanta.

Ba é príomhchuspóir an fheachtais Smaoinigh sula bPostálann Tú aird a dhíriú ar na rioscaí dúchasacha atá ann nuair a chuireann tuismitheoirí sonraí pearsanta a bpáistí ar líne. D'oibrigh an Coimisiún in éineacht le gníomhaireacht sheachtrach ar an gcoincheap cruthaitheach agus léiríodh físeán 40 soicind le craoladh ar an teilifís náisiúnta agus i bpictiúrlanna ar feadh tréimhse sé seachtaine i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Ghin an feachtas níos mó ná **150 milliún amharc** ar fud an domhain agus **45 milliún amharc** ar chainéil shóisialta an Choimisiúin.

Go hidirnáisiúnta, d'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas, le clúdach agus plé i dtíortha amhail na Stáit Aontaithe, an Astráil, an Bhrasaíl, an Ríocht Aontaithe, an Nigéir, agus an Afraic Theas. Pléadh agus rinneadh caint faoin bhfíseán ar phodchraoltaí agus ar chláir theilifíse, **rud a spreag comhrá domhanda forleathan faoi na rioscaí bunúsacha atá ann nuair a chuireann tuismitheoirí sonraí pearsanta a bpáistí ar líne.**




## Ceannlínte Idirnáisiúnta

Sa bhaile, bhí an feachtas le feiceáil ar gach mór-asraon nuachta Éireannach agus spreag sé díospóireacht náisiúnta shuntasach faoin tsaincheist. Léiríonn taighde a rinne comhpháirtí gníomhaireachta an Choimisiúin, Core, go bhfuil an fógra feicthe ar bhealach éigin ag seachtar as gach deichniúr tuismitheoir a **bhfuil páistí acu i mbunscoil in Éirinn.** Léiríonn anailís bhreise gurb é an fógraíocht Éireannach is mó a ndearnadh féachaint uirthi le cúig bliana anuas.

**Sháraigh tionchar agus rath an tionscnaimh seo gach súil**, mar gur theith a theachtaireacht go láidir le tuismitheoirí, le gairmithe príobháideachais, le heagraíochtaí um chearta leanaí, leis na meáin agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha araon.

Chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar ábhar 'sharenting', **d'imigh an Coimisiún i muinín suirbhé freisin ar** bhreis is 1,000 tuismitheoir a rinneadh in Éirinn agus sa Fhrainc chun léargas a fháil ar úsáid na meán sóisialta agus ar chleachtais tuismitheoirí maidir le faisnéis a roinnt i ndáil lena gcuid leanaí. Rinneadh an obair allamuigh don suirbhé i ngach ceann den dá thír i nDeireadh Fómhair/Samhain 2025, sular seoladh an fógra, agus foilseofar na torthaí sa bhliain 2026.

> 'Pause before you post' – Irish advertisement on online safety and 'sharenting' goes viral
>
> – Irish Independent

> This 'terrifying' Irish ad about online child safety plays out like a dystopian horror movie
>
> – The Journal

Smaoinigh sula bPostálann Tú

# Tagairtí ar an Léarscáil




Léarscáil a léiríonn tagairtí don fhógra ar fud an domhain, curtha ar fáil ag Core.

## Imeachtaí Labhartha Seachtracha

Le linn na bliana 2025, chuir an Coimisiún leis na himeachtaí a bhí dírithe ar na forbairtí agus na treochtaí is déanaí i réimse chosaint sonraí leanaí agus na sábháilteachta ar líne. Áiríodh leis seo díospóireachtaí painéil ar straitéisí domhanda do shábháilteacht leanaí agus do phríobháideacht (IAPP Washington, Aibreán 2025), ar chothromú na nuálaíochta le freagracht agus ar chumasú úsáideoirí óga chun an t-idirlíon a úsáid go sábháilte (Siompóisiam Príobháideachais na Veinéise, Bealtaine 2025), agus ar an gcrosbhealach idir an Intleacht Shaorga agus cosaint leanaí sa domhan digiteach, áit ar tháinig an Coimisiún um Chosaint Sonraí, Coimisiún na Meán agus CyberSafeKids le chéile chun an t-ábhar ríthábhachtach sin a phlé.

Bhí an Coimisiún um Chosaint Sonraí buíoch freisin as an deis a bheith páirteach le **Tascfhórsa Sláinte Ar Líne** na hÉireann i mbliana. Bhunaigh an tAire Sláinte an tascfhórsa sin sa bhliain 2024 chun freagairt sláinte poiblí a fhorbairt ar na díobhála a dhéantar do leanaí agus do dhaoine óga de bharr cineálacha áirithe gníomhaíochta ar líne, agus is saineolaithe i réimse na sábháilteachta leanaí iad a chomhaltaí. Rinne an Coimisiún cur i láthair don tascfhórsa i mí an Mheithimh 2025 maidir lena obair leanúnach ar chosaint sonraí pearsanta leanaí ar líne.

D'fhreastail an Coimisiún ar imeachtaí iomadúla le linn na bliana 2025 i réimse chosaint sonraí leanaí chun eolas a fhorbairt agus a chothú, agus chun bualadh le páirtithe leasmhara tábhachtacha san earnáil. Clúdaíodh na himeachtaí sin go leor topaicí a bhí dírithe ar leanaí, mar shampla litearthacht IS, dearbhú aoise, algartaim, agus cosaint sonraí de réir dearaidh agus de réir réamhshocraithe. I measc na n-imeachtaí ar freastalaíodh bhí imeacht páirtithe leasmhara *Lá na Sábháilteachta Idirlín* na hÉireann, a d'óstáil Webwise; *Ag Fás Aníos sa Ré Dhigiteach* de chuid Google; *Fóram Príobháideachais* na nÓg de chuid Meta; imeacht lae iomlán de chuid Privacy Laws & Business ar shaincheisteanna maidir le cosaint sonraí leanaí; agus an *Cruinniú Mullaigh Domhanda Dearbhaithe Aoise*.

Lean an Coimisiún freisin de bheith páirteach mar chomhalta i roinnt meithleacha seachtracha a dhírigh ar shaincheisteanna cosanta sonraí leanaí, lena n-áirítear Meitheal Idirnáisiúnta um Dheimhniú Aoise de chuid Oifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe a bhíodh ag reáchtáil roinnt cruinnithe agus 'seisiún oideachais' le linn na bliana. Is ball gníomhach é an Coimisiún freisin de Mheitheal um Oideachas Digiteach de chuid Chomhthionól Domhanda na Príobháideachta, atá faoi chathaoirleacht an CNIL, agus sa bhliain 2025, chuamar isteach i

dtascfhórsa na meithle ar thuismitheoireacht dhigiteach mar chuid de Bhliain Eorpach an Oideachais ar Shaoránacht Dhigiteach.

## Caidreamh le Comhaltaí Reachtúla

Bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le roinnt comhlachtaí reachtúla chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse na saincheisteanna cosanta sonraí leanaí. Sampla amháin den sórt sin is ea Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile, a chuaigh i dteagmháil leis an gCoimisiún chun léargas a fháil ar an taithí a bhí againn maidir le treoir 'bunsraitheach' an Choimisiúin a fhorbairt, toisc go raibh sé de chúram orthu cód do pháistí a fhorbairt san Astráil. Ba mhór ag an gCoimisiún é éileamh na hOifige a éascú chun ábhair oideachais ghaolmhara a úsáid i gcomhthéacs comhairliúcháin phoiblí a bhí beartaithe acu a sheoladh i scoileanna na hAstráile.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, shínigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus Coimisiún na Meán Comhaontú Comhair agus d'eisigh siad Ráiteas Comhpháirteach maidir le Leanaí dar teideal Sábháilteacht Leanaí agus Cosaint a Sonraí Pearsanta ar Líne a Chur Chun Cinn. Cuireann an Comhaontú Comhoibrithe ar chumas an dá rialtóir oibriú go dlúth le chéile, lena n-áirítear chun comhoibriú ar chúrsaí leasa choitinn, agus réimse amháin den sórt sin is ea an gá a chinntiú go ndéantar cearta agus leasanna foriomlána na leanaí a urramú agus a chothabháil ag na seirbhísí ar líne a rialaíonn Coimisiún na Meán agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

Leagtar amach sa ráiteas comhpháirteach go bhféadfadh comhar amach anseo a chuimsiú malartú léargais ar rioscaí nua a bhaineann le sábháilteacht agus cosaint sonraí pearsanta leanaí ar líne, comhoibriú ar acmhainní oideachais a bhaineann le cosaint leanaí ar líne, agus réimsí eile a bhfuil comhleas iontu. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh go dtí 2026.

Sábháilteacht Leanaí agus Cosaint a Sonraí Pearsanta ar Líne a Chur Chun Cinn.

## Oibreacha ar Shaincheisteanna Leanaí laistigh den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí

Lean fócas agus tiomantas an Choimisiúin don tsaincheist chasta maidir le dearbhú aoise sa timpeallacht dhigiteach ar aghaidh ag leibhéal an Aontais Eorpaigh le linn na bliana 2025. Chuir an Coimisiún leis an dréachtú ar an Ráiteas a bhí á ullmhú ag an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le prionsabail ghinearálta chosanta sonraí agus critéir do chórais dearbhaithe aoise. Foilsíodh an Ráiteas seo, ina leagtar amach 10 bprionsabal threoracha chun a chinntiú go dtabharfaidh modhanna dearbhaithe aoise ómós do chearta bunúsacha daoine aonair agus go seasfar le luachanna RGCS, i mí Feabhra 2025. Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas freisin cur chuige Eorpach comhsheasmhach a chinntiú maidir le dearbhú aoise, chun leanaí a chosaint agus comhlíonadh ag an am céanna le prionsabail an chosaint sonraí.

Ráiteas maidir le Dearbhú Aoise

# 9.

# Oifigigh um Chosaint Sonraí

# 9. Oifigigh um Chosaint Sonraí

Tá ról Oifigigh um Chosaint Sonraí (OCS), mar atá leagtha amach faoin RGCS, ina cholún riachtanach chun comhlíonadh agus cuntasacht rialaitheoirí sonraí a chinntiú. Tugann OCSanna atá ainmnithe faoi Airteagail 37-39 den RGCS comhairle dá n-eagraíochtaí maidir le próiseáil sonraí agus déanann siad monatóireacht ar chomhlíonadh, amhail cloí le beartas cosanta sonraí agus comhaontuithe próiseála sonraí. Is minic a bhíonn ról lárnach acu in oiliúint laistigh dá n-eagraíocht, rud a chuidíonn le cultúr feasachta ar chosaint sonraí a fhorbairt agus a chuireann le torthaí níos fearr do na hábhair sonraí maidir leis an gcaoi a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta.

Nuair a ainmníonn eagraíocht OCS, ní mór don bhainistíocht tacaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, agus is sárú ar an RGCS é gan é sin a dhéanamh. Ciallaíonn acmhainní leordhóthanacha rochtain ar na hacmhainní airgeadais, an bonneagar, an fhoireann tacaíochta agus an oiliúint riachtanach. Má bhíonn feidhmeanna eile ag OCS laistigh den eagraíocht, ní mór a chinntiú go bhfuil dóthain ama agus cumais acu a gcuid dualgas OCS a chomhlíonadh, go gceadaítear dóibh gníomhú go neamhspleách, agus nach mbíonn coinbhleacht leasa mar thoradh ar aon obair eile.

I gcás earnálacha agus eagraíochtaí áirithe, tá ceapachán OCS éigeantach faoin RGCS (comhlachtaí poiblí; rialaitheoirí a dhéanann monatóireacht rialta, córasach agus ar mhórscála ar ábhair sonraí; agus rialaitheoirí a phróiseálann catagóirí speisialta sonraí pearsanta nó sonraí a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla ar mhórscála). Nuair atá ceapachán OCS ina cheanglas reachtúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcomhlíonfaidh rialaitheoirí a ndualgais chun tacú leis an bhfeidhm seo agus acmhainní cuí a chur ar fáil, mar gheall ar nádúr agus scála na próiseála sonraí pearsanta. Le linn 2025, rinne an Coimisiún roinnt scrúduithe maoirseachta ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil le haghaidh OCSanna agus leanfaidh sé den obair seo in 2026.

Tá ról tábhachtach ag OCSanna freisin mar phríomhphointe teagmhála lena n-eagraíocht don Choimisiún, agus mar sin is grúpa tábhachtach páirtithe leasmhara iad. Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do OCSanna agus feasacht a ardú faoi thábhacht a róil in 2025. I rith na bliana 2025 thug an Coimisiún tacaíocht do OCSanna ainmnithe agus d’fhoirne comhlíonta cosanta sonraí ar fud na n-earnálacha uile, lena n-áirítear:

- Líonra Cosanta Sonraí um Thaighde Sláinte;
- OCSanna agus oifigigh chomhlíonta na hearnála spóirt;
- OCSanna agus oifigigh chomhlíonta na hearnála carthanachta agus deonaí;
- Líonra OCS na Státseirbhíse;
- Líonra OCS na nÚdarás Áitiúil de chuid an LGMA

Mar chuid de cheanglais an RGCS, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi ainmniú foirmiúil OCS ag eagraíocht. Faoi dheireadh 2025, bhí fógra faighte ag an gCoimisiún faoi ainmniú **4,218 OCS** roinnte de réir earnála mar seo a leanas:







Thug an Leas-Choimisinéir David Murphy cur i láthair ag Cruinniú OCS na Státseirbhíse a tionóladh in oifigí an Choimisiúin ar Shráid Pheambróg i mí an Mheithimh 2025.

## Líonra OCS an Choimisiúin

is tionscnamh de chuid an Choimisiúin é Líonra OCS an Choimisiúin, atá deartha chun tacú le OCSanna agus le gairmithe príobháideachais ar fud na hÉireann. Déanann an líonra iarracht tacaíocht ardchaighdeáin a sholáthar trí dheiseanna líonraithe a éascú agus faisnéis a scaipeadh faoi imeachtaí agus faoi threoir nua, agus é mar phríomhaidhm aige feasacht ar an RGCS agus ar thábhacht chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí a mhéadú.

In 2025, chuir Líonra OCS an Choimisiúin lena chuid oibre chun feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn trí rannpháirtíocht i roinnt imeachtaí, lena n-áirítear:

- sheas Foireann Líonra OCS an Choimisiúin ag seastán faisnéise ag Cruinniú Mullaigh Carthanachta an Wheel i bPáirc an Chrócaigh;
- sheas Foireann Líonra OCS an Choimisiúin ag seastán faisnéise ag Cruinniú Mullaigh PDP um Chomhlíonadh IS agus Sonraí in oifigí William Fry Solicitors; agus
- D'óstáil Foireann Líonra OCS an Choimisiúin seastán faisnéise ag Comórtas Treabhdóireachta Náisiúnta 2025 i dTulach Mhór mar chuid de Shráidbhaile Rialtas na hÉireann, sa phuball *"Ag Tacú le Daoine/Ag Tacú le Gnó"*.

Chuir gach ceann de na himeachtaí seo deis ar fáil do dhaoine aonair teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún, rud a chuir ar chumas Líonra OCS an Choimisiúin tacaíocht a thairiscint agus daoine a threorú chuig an treoir úsáideach atá ar fáil ón gCoimisiún.

# Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

# 10.

# 10. Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

## An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus Comhlachtaí Maoirseachta

I ngach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus i ngach tír sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)[6] tá údarás maoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí atá freagrach as dlíthe maidir le cosaint sonraí agus as rialú a fhorfheidhmiú laistigh dá ndlínse. Is comhlacht neamhspleách é an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear RGCS agus an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí i bhfeidhm go comhsheasmhach in AE agus in LEE. Ar EDPB, tá cathaoirleach, beirt leaschathaoirleach agus comhaltaí de gach údarás náisiúnta um chosaint sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Tagann sé le chéile ag cruinnithe míosúla iomlánacha agus sain-fhoghrúpa agus tá na príomhthascanna seo a leanas aige:

- tuairimí, treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint chun tuiscint choiteann ar RGCS agus ar an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí a chur chun cinn;
- comhairle a chur ar an gCoimisiún Eorpach maidir le haon saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta san Aontas;
- cur le cur i bhfeidhm comhsheasmhach RGCS, go háirithe i gcásanna trasteorann maidir le cosaint sonraí; agus
- comhoibriú agus malartú éifeachtach faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta.

In 2025, d'fhreastail an Coimisiún ar bhreis agus **140** cruinniú agus ghlac sé páirt ghníomhach iontu, lena n-áirítear cruinnithe míosúla iomlánacha uile EDPB, chomh maith le cruinnithe an tsain-fhoghrúpa.

## Comhoibriú Leanúnach le hÚdaráis Mhaoirseachta Eile de chuid EDPB in 2025

Ag aithint dó, an tábhacht a leagtar ar chomhoibriú i gcúrsaí trasteorann faoi RGCS, lean an Coimisiún lena rannpháirtíocht lena chomh-Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha um Chosaint Sonraí.

Mar chuid den chomhoibriú leanúnach agus den chumarsáid idir an Coimisiún agus na húdaráis mhaoirseachta eile de chuid AE/LEE in 2025, fuair an Coimisiún **1,015** iarratas deonach agus foirmiúil ar chúnamh frithpháirteach[7] ó rialálaithe Eorpacha eile.

In 2025, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid phróiseas comhair Airteagal 60[8] de RGCS:

- **88** Cinneadh Sealadach i gcásanna gearáin trasteorann agus ceisteanna de dheoin féin;
- **7** gCinneadh Deiridh i gcásanna gearáin trasteorann agus ceisteanna de dheoin féin;
- **163** fógra faoi réitigh chairdiúla a baineadh amach i gcásanna gearáin trasteorann agus
- **28** Díbhe, sa chás gurbh é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta agus ceithre cinn sa chás gur ceanglaíodh ar an údarás maoirseachta a bhí ag cur an ghearáin faoi bhráid an Choimisiúin Cinneadh Deiridh a dhréachtú chun an gearán a dhíbhe.

Le comhoibriú feabhsaithe, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil lena phiar-rialalaithe ar gach leibhéal le linn 2025, agus béim ar a chinntiú go raibh údaráis mhaoirseachta EDPB ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le dréachtchinntí agus Cinntí deiridh ag gach céim de na himeachtaí.

6 An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach. Áirítear le LEE an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua
7 Airteagal 61 de RGCS – *Cúnamh frithpháirteach*
8 Airteagal 61 de RGCS – *Comhar idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann*

Dréachtchinntí/Dréachtchinntí Athbhreithnithe Airteagal 60 a Athbhreithníodh




Mar Údarás Maoirseachta lena mbaineann, rinne an Coimisiún **athbhreithniú ar 158 Dréachtchinneadh/Dréachtchinneadh athbhreithnithe Airteagal 60** ó phríomhúdaráis mhaoirseachta eile arbh ionann an méid sin agus méadú **40%** ar na Dréachtchinntí a athbhreithníodh sa bhliain roimhe sin. Ghlac sé páirt freisin in **27** Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil a cuireadh faoina bhráid ó phiarúdaráis cosanta sonraí i rith na bliana.

D'éascaigh an Coimisiún cruinnithe iomadúla rannpháirtíochta déthaobhaí freisin le comhaltaí d'údaráis mhaoirseachta EDPB ar gach leibhéal maidir le hábhair éagsúla lena n-áirítear gearáin, ceisteanna, dea-chleachtais agus ábhair a bhain le húdaráis mhaoirseachta shonracha.

Mar chuid dá rannpháirtíocht le húdaráis mhaoirseachta ar leibhéal Eorpach, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas:

- bhí rannpháirtíocht ar leibhéal na gcoimisinéirí aige le húdaráis mhaoirseachta éagsúla EDPB, lena n-áirítear cuairteanna ar an bhFionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Iodáil chomh leis an Ríocht Aontaithe;
- ghlac sé páirt i gcruinniú ardleibhéil an Bhoird Eorpach um Chosaint Sonraí, ag ar glacadh le Ráiteas Heilsincí;
- ghlac sé páirt sa Cheardlann Eorpach um Láimhseáil Cásanna i bPristine, an Chosaiv;
- rinne sé ionadaíocht don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag an nGrúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha;
- rinne sé ionadaíocht ar Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag Foghrúpa an Ghrúpa Ardleibhéil le haghaidh oibleagáidí a bhaineann le sonraí de chuid an Ghnímh um Margaí Digiteacha;
- rinne sé ionadaíocht don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag Grúpa Oibre 6 – Cosaint na Mionaoiseach de chuid an Bhoird Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha;
- chuir sé fáilte roimh Údarás Cosanta Sonraí na hOstaire le haghaidh cuairt staidéir ar an gCoimisiún;
- chuir sé fáilte roimh shaineolaithe ó Údaráis Cosanta Sonraí na Fraince agus na hIorua; agus
- bhí sé ina shaineolaí le hÚdarás Cosanta Sonraí na hIorua.

### Comhdháil na nÚdarás Cosanta Sonraí i Lár agus in Oirthear na hEorpa (CEEDPA)

I mí an Mheithimh 2025, d'fhreastail ionadaithe ón gCoimisiún ar Chomhdháil na nÚdarás Cosanta Sonraí i Lár agus in Oirthear na hEorpa (CEEDPA), a reáchtáil Údarás Cosanta Sonraí na Polainne i Kraków.

Bhí cuir i láthair agus pléití an-léargasach ag an gcomhdháil ar ábhar na teicneolaíochta candamaí, a chuir cainteoirí éagsúla i láthair, lena n-áirítear fisiceoirí, eolaithe ríomhaireachta agus rialálaithe. Bhí teagmháil fhiúntach ag an gCoimisiún lenár leithéidí in údaráis cosanta sonraí i Lár agus in Oirthear na hEorpa maidir le comhlíonadh RGCS ag FBManna.

### Ceardlann Eorpach um Láimhseáil Cásanna i bPristine, an Chosaiv

I mí na Samhna 2025, d'fhreastail ionadaithe ó fhoirne náisiúnta agus trasteorann láimhseála gearán an Choimisiúin ar an gCeardlann Eorpach um Láimhseáil Gearán (ECHW), 2025, a bhí ar siúl i bPristine, an Chosaiv.

Ag an gceardlann sin, a reáchtáil an Ghníomhaireacht Faisnéise agus Príobháideachais sa Chosaiv agus a mhaoinigh Comhairle na hEorpa, tugadh le chéile breis agus 70 ionadaí ó údaráis cosanta sonraí ó 23 tír san Eoraip, agus bhíothas in ann taithí agus eolas ar na hábhair atá roimh gach údarás a roinnt ar bhealach fiúntach.

### Grodchúrsa Iniúchóireachta IS EDPB

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhreastail ionadaithe ón gCoimisiún ar ghrodchúrsa EDPB, a bhí dírithe ar iniúchadh i gcomhthéacs na samhlacha agus na gcórais IS. Ba éard a bhí i gceist leis an ngrodchúrsa ná sraith ceardlann agus cur i láthair, faoi stiúir EDPB agus údaráis mhaoirseachta éagsúla.




Na Coimisinéirí Dale Sunderland agus Des Hogan, in éineacht le hionadaithe ó Údaráis Eorpacha Cosanta Sonraí ag cruinniú EDPB i Heilsincí, mí Iúil 2025.

## Ráiteas Heilsincí[9]

I mí an Iúil 2025, d'fhreastail na Coimisinéirí Hogan agus Sunderland ar chruinniú ardleibhéil de chuid Choimisinéirí Cosanta Sonraí AE i Heilsincí. Ag an gcruinniú sin, ghlac EDPB Ráiteas ceannródaíoch maidir le soiléireacht fheabhsaithe, tacaíocht agus rannpháirtíocht.

Leagtar amach i Ráiteas Heilsincí tionscnaimh nua chun comhlíonadh RGCS a dhéanamh níos éasca, go háirithe do mhicreagraíochtaí, eagraíochtaí beaga agus eagraíochtaí meánmhéide, an chomhsheasmhacht a neartú agus comhar trasrialála a spreagadh.

Ráiteas Heilsincí

De réir Chathaoirleach EDPB, Anu Talus: *'Tá sé d'aidhm ag EDPB a chinntiú gur féidir comhlíonadh RGCS a bhaint amach ar bhealach níos éasca. Trí chearta bunúsacha a chur i gcroílár a gclaochlaithe dhigitigh, is féidir le heagraíochtaí a chinntiú go bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta agus meas ar luachanna Eorpacha ag teacht le chéile, agus ar an gcaoi sin geilleagar digiteach níos láidre agus níos athléimní a fhorbairt sa deireadh... Tá EDPB tiomanta do chabhrú le heagraíochtaí comhlíonadh RGCS a bhaint amach ar bhealach níos éasca agus níos éifeachtaí. Le treoir thráthúil ghonta agus le huirlisí atá réidh le húsáid, amhail teimpléad coiteann fógra sáraithe sonraí, seicliostaí, treoracha praiticiúla agus Ceisteanna Coitianta, leanfaimid d'ailíniú RGCS a dhéanamh indéanta agus inrochtana do chách'.*

Leagtar amach sa Ráiteas seo an chaoi a ndéanfaidh EDPB an méid seo a leanas:

- plé le páirtithe leasmhara a neartú;
- feabhas a chur ar chomhsheasmhacht chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú RGCS; agus
- tuilleadh rannpháirtíochta réamhghníomhaí a dhéanamh le rialálaithe eile chun tacú leis an tírdhreach trasrialála nua.

9 Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/statements/helsinki-statement-enhanced-clarity-support-and-engagement_en



Bhuail na Coimisinéirí Dale Sunderland agus Niamh Sweeney le Michael McGrath, Coimisinéir AE um an Daonlathas, an Ceartas, Riail an Dlí agus Cosaint Tomhaltóirí.

## Attaché na Bruiséile

Tar éis céim phíolótach rathúil lenar cuireadh tús i lár 2023, rinne an Coimisiún an cinneadh láithreacht lánaimseartha a choinneáil sa Bhruiséil trína Attaché atá lonnaithe sa Bhruiséil. Rud thar a bheith luachmhar ab ea go raibh an Coimisiún in ann a bheith sa Bhruiséil go buan ar bhonn ó lá go lá, agus lean sé sin ar aghaidh ó thús go deireadh in 2025.

Le linn na bliana, thacaigh an Attaché le rannpháirtíocht rialta an Choimisiúin le páirtithe leasmhara atá lonnaithe sa Bhruiséil trí idirghníomhaíocht struchtúrtha, leanúnach, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Rúnaíocht EDPB agus piarúdaráis mhaoirseachta. Tá an obair sin ag teacht le béim an Choimisiúin ar rannpháirtíocht le gach páirtí leasmhar den sórt sin a bhaineann le hinstitiúidí AE agus le go leor nach iad.

Choinnigh an Attaché rannpháirtíocht rialta chomh maith le sochaí sibhialta agus le heintitis rialaithe, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí poiblí agus i gcruinnithe spriocdhírithe, nuair is iomchuí. Ag an am céanna, coinníodh teagmháil laethúil le foirne ar fud an Choimisiúin chun aiseolas agus comhordú inmheánach tráthúil a chinntiú a d'eascair as coinní a bhí ar siúl sa Bhruiséil.

Ceann de na gníomhaíochtaí suntasacha le linn 2025 ná socrú cruinnithe i mí an Mhárta idir na Coimisinéirí agus FPEnna na hÉireann, ag ar leagadh amach obair an Choimisiúin, sa bhaile agus mar an bpríomhúdarás maoirseachta le haghaidh go leor cuideachtaí móra ilnáisiúnta atá lonnaithe in AE/LEE. Bhí rannpháirtíocht leanúnach le FPEnna ag a raibh suim ar leith i gcosaint sonraí fós ina tosaíocht.

Bhuail na Coimisinéirí le Coimisinéir AE Michael McGrath agus le hIonadaí Buan na hÉireann chuig AE, Aingeal O'Donoghue, agus bhí pléití leis an duine deireanach sin dírithe go háirithe ar Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh atá le teacht sa dara leath de 2026. Chomh maith leis sin, bhuail Coimisinéirí le comhaltaí de Chomhthionól Náisiúnta na Fraince sa Bhruiséil, rud a chuir le forbairt tuarascála maidir le TikTok, agus béim ar mhionaoisigh.

Ag teacht le fócas níos leithne an Choimisiúin ar rannpháirtíocht phoiblí, ghlac an Attaché páirt i mbreis agus 30 imeacht poiblí i rith na bliana (lena n-áirítear comhdhálacha, díospóireachtaí painéil agus cruinnithe comhchéime). Lean an

Attaché freisin de pháirt ghníomhach a ghlacadh in obair EDPB agus d'fhreastail sé ar 22 cruinniú sain-fhoghrúpa EDPB, chomh maith le freastal ar Chruinniú Iomlánach EDPB. Gné thábhachtach eile d'obair an Attaché ab ea dul chun cinn an Rialacháin nua maidir le Comhchuibhiú Nóis Imeachta a leanúint, a chomhaontaigh comhreachtóirí AE i mí na Samhna 2025, agus tá sé d'aidhm aige rialacha nóis imeachta a chomhchuibhiú i gcásanna trasteorann faoi RGCS, a bhfuil feidhm ag an sásra um Ilionad Ilfreastail maidir leo.

Leanfaidh an Attaché d'ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún sa Bhruiséil, rud a léiríonn an tábhacht leanúnach a leagann an Coimisiún ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú.

Ag breathnú chun cinn, áireofar le tosaíochtaí rannpháirtíocht, a bhféadfadh méadú teacht uirthi le linn ré Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle in 2026, agus faireachán leanúnach ar phríomhchomhaid bheartais AE a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa idirbheartaíocht fúthu, lena n-áirítear Omnibus Digiteach agus Omnibus IS de chuid an Choimisiúin atá beartaithe.

## Tionscadal Príomhchoincheap EDPB

Tá sé d'aidhm ag Tionscadal na bPríomhchoincheap, a sheol EDPB, sonraí ar ghníomhaíochtaí na nÚdarás Cosanta Sonraí go léir a bhailiú ar fud na gcomhaltaí ar bhealach aonfhoirmeach. Ó thaobh EDPB de, áirítear le cuspóirí an tionscadail:

- a chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil chun RGCS a mheas agus a athbhreithniú go rialta (Airteagal 97);
- léargas cruinn ar obair iarbhír na nÚdarás Maoirseachta a fháil agus tacú lena dtionscnaimh (lena n-áirítear iarratais ar acmhainní breise); agus
- trédhearcacht a fheabhsú agus cur le tuiscint níos fearr ar ghníomhaíocht agus seasamh na nÚdarás Maoirseachta.

Tacaíonn an Coimisiún leis an tionscadal seo agus tá sé ag súil lena ghníomhaíochtaí a léireofar sna tacair sonraí sin nuair a fhoilseoidh EDPB iad.



An Coimisinéir Des Hogan ag comhrá i dteannta Pascale Davies ó Euronews ag Cruinniú Mullaigh Gréasáin 2025 i Liospóin, an Phortaingéil.



**Ó chlé go deas:** Shínigh Coimisinéir ICO John Edwards, Coimisinéir an Choimisiúin Dale Sunderland, Uachtarán CNIL Marie-Laure Denis agus Cathaoirleach Choimisiún na Cóiré um Chosaint Faisnéise Pearsanta, Haksoo Ko, dearbhú comhpháirteach ag an gCruinniú Mullaigh Gníomhaíochta IS i bPáras.

## Comhoibriú le hÚdaráis Mhaoirseachta Idirnáisiúnta in 2025

Sa bhreis ar rannpháirtíocht ar leibhéal Eorpach, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le húdaráis mhaoirseachta idirnáisiúnta, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí déthaobhacha leis na húdaráis seo a leanas: Oifig Coimisinéara Faisnéise na Ríochta Aontaithe; Oifig Coimisinéara Faisnéise na hAstráile; Coimisiún Trádála Feidearálach na Stát Aontaithe agus Coimisiún na Cóiré um Chosaint Faisnéise Pearsanta.

Shínigh an Coimisiún dearbhú comhpháirteach in éineacht leis an Astráil, an Chóiré, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe, ag imeacht a reáchtáil ECFE chun a dtiomantas a athdhearbhú maidir le rialachas sonraí a chur chun feidhme lena gcuirtear IS nuálach agus IS a chosnaíonn príobháideachas chun cinn.

Ghlac an Coimisiún páirt sa mhéid seo a leanas:

- cruinniú idirnáisiúnta na nÚdarás Cosanta Sonraí, Washington, SAM;
- an Tionól Domhanda um Príobháideachas i Súl, an Chóiré;
- Siompóisiam an Phríobháideachais san Iodáil;
- cruinniú bliantúil Údaráis Cosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA) i nGeansaí;
- Rannpháirtíocht ag an gCruinniú Mullaigh Gníomhaíochta IS, Páras; agus
- Rannpháirtíocht ag Cruinniú Mullaigh Digiteach AE, an Bhruiséil.

## Tionól Domhanda um Príobháideachas[10]

I mí Mheán Fómhair 2025, ghlac an Coimisiún páirt sa Tionól Domhanda um Príobháideachas.

is é misean an Tionóil Dhomhanda um Príobháideachas ná ceannaireacht a sholáthar ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas trí iarrachtaí na n-údarás ó gach cearn den domhan a thabhairt le chéile. Ba é Coimisiún na Cóiré um Chosaint Faisnéise Pearsanta a reáchtáil comhdháil 2025. De bharr rannpháirtíocht an Choimisiúin sa chomhdháil bhliantúil tá deis ann don Choimisiún eolas a chomhroinnt, seasaimh bheartais a fhorbairt agus tionchar a imirt ar fhorbairt na gcaighdeán príobháideachais ar fud an domhain. Bhí seisiúin oscailte agus dhúnta ag an gcomhdháil, nach raibh freastal orthu ach ag comhaltaí creidiúnaithe agus ag breathnóirí creidiúnaithe den Tionól Domhanda um Príobháideachas.

Labhair an Coimisiún ag ceithre phainéal éagsúla ag an gcomhdháil sna seisiúin oscailte agus dhúnta:

- Sásraí agus Ionstraimí Beartais chun Tacú le Nuálaíocht IS;
- Sonraí Sláinte a Athúsáid: Cothromaíocht a Bhaint Amach idir Nuálaíocht Sláinte IS agus Príobháideachas i gComhthéacs Trasteorann; agus
- Óige Dhigiteach Shábháilte a Chur Chun Cinn.

Ag searmanas comhshínithe, chuir an Coimisiún fáilte roimh shínitheoirí breise an dearbhaithe comhpháirtigh ó phiarúdaráis cosaint sonraí maidir le creataí rialachais sonraí iontaofa a thógáil chun forbairt IS nuálaigh agus IS a chosnaíonn príobháideachas a spreagadh, dearbhú a shínigh an Coimisiún leis an Astráil, an Chóiré, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe i mí Feabhra 2025.

Bhain an Coimisiún leas as an gcomhdháil mar dheis le haghaidh cruinnithe i bpearsa le húdaráis cosanta sonraí idirnáisiúnta agus tionóladh roinnt mhaith cruinnithe déthaobhacha le linn na comhdhála cúig lá, lena n-áirítear leis an Astráil, an Chóiré, na Stáit Aontaithe agus Dubai.



**Ó chlé go deas:** An Leas-Choimisinéir Gráinne Hawkes, an Coimisinéir Des Hogan, Ambasadóir na hÉireann chuig Poblacht na Cóiré; Michelle Winthrop agus an Coimisinéir Dale Sunderland ag an Tionól Domhanda um Príobháideachas i Súl, mí Mheán Fómhair 2025.



**Ó chlé go deas:** An Coimisinéir Dale Sunderland, Cathaoirleach PIPC: Hacksoo Ko agus an Coimisinéir Des Hogan ag an Tionól Domhanda um Príobháideachas i Súl, mí Mheán Fómhair 2025.

10 Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach https://globalprivacyassembly.com/




**Ó chlé go deas:** Na Coimisinéirí Hogan agus Sunderland ag glacadh le Gradaim ó Thionól Domhanda um Príobháideachas, mí Mheán Fómhair 2025.

Bhí an-bhród ar an gCoimisiún as na trí rún a chomhurrú a ghlac seisiún dúnta an Tionóil Dhomhanda um Príobháideachas:

- An Rún maidir le Bailiú, Úsáid agus Nochtadh Sonraí Pearsanta chun Samhlacha IS a Réamhoiliúint, a Oiliúint agus a Mhionchoigeartú;
- An Rún maidir le Maoirseacht Dhaonna Bhríoch ar Chinntí a bhaineann le Córais IS; agus
- An Rún maidir le hOideachas Digiteach, Príobháideachas agus Cosaint Sonraí Pearsanta le haghaidh Saoránacht Dhigiteach Ionchuimsitheach Fhreagrach.

Sa bhreis ar an rannpháirtíocht ar phainéil agus teagmháil le hÚdaráis Cosanta Sonraí idirnáisiúnta, b'onóir don Choimisiún a bheith ar an ngearrliosta le haghaidh Gradaim ón Tionóil Dhomhanda um Príobháideachas de bharr forfheidhmithe maidir lena obair ar úsáid córas faireachais ag comhairlí contae.

## Deimhniú

In Éirinn, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta atá freagrach as critéir cosanta sonraí i scéimeanna deimhnithe a cheadú, agus tá Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) freagrach as creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin (CBanna) a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna dá leithéid a oibriú.

Tuigeann an Coimisiún go ndealraíonn sé go raibh tarraingt beart maidir le deimhniú cosanta sonraí teoranta ar fud na hEorpa go dtí seo. Chun aghaidh a thabhairt air sin, in 2025, chuaigh an Coimisiún isteach i ngrúpa oibre de chuid EDPB a bhí dírithe ar fheasacht ar bhranda an deimhnithe agus glacadh na scéimeanna sin a fheabhsú.

Tá 'Clár sásraí deimhnithe, séalaí agus comharthaí le fáil ar shuíomh gréasáin EDPB: www.edpb.europa.eu. Tá trí Scéim Deimhniúcháin Eorpacha cheadaithe ann faoi láthair, agus is scéimeanna náisiúnta iad na cinn eile.

Cé nár lorg aon chomhlachtaí deimhniúcháin in Éirinn creidiúnú chun deimhnithe a thairiscint faoi aon cheann de na scéimeanna deimhniúcháin de chuid AE go dtí seo, cuireadh comhlachtaí deimhniúcháin ar bun i mballstáit eile; agus moltar do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe an fhéidearthacht a fhiosrú maidir le deimhniú a lorg ó na comhlachtaí deimhniúcháin sin faoi na scéimeanna sin.

Lean an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth lena chomhghleacaithe in AE ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) le linn 2025, maidir le measúnú ar roinnt scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta agus AE chomh maith le nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú agus treoirlínte breise a fhorbairt do pháirtithe leasmhara.

D'fhreastail an Coimisiún ar cheardlann Deimhniúcháin de chuid EDPB i mBeirlín i mí an Mheithimh, áit ar leanadh le hobair ar an iliomad tionscadal, lena n-áirítear pléití ar an gcaoi is fearr le scéim deimhniúcháin a chur chun feidhme chun aistrithe idirnáisiúnta a éascú mar a bheartaítear faoi Airteagal 46(1)(f). Ina theannta sin, d'fheidhmigh an Coimisiún mar chomh-athbhreithneoir ar scéim deimhniúcháin náisiúnta d'údarás maoirseachta eile den chéad uair.

## Creat Forfheidhmithe Comhordaithe (CEF) EDPB, 2025

In 2025, ghlac an Coimisiún páirt sa ghníomh de chuid an Chreata Forfheidhmithe Comhordaithe (CEF) a bhí faoi stiúir EDPB maidir leis an gceart chun scriosta faoi Airteagal 17 de RGCS. Mar chuid den tionscnamh, rinne an Coimisiún suirbhé ar 40 rialaitheoir ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun cur chun feidhme Airteagal 17 a mheas.

Ba iad príomhchuspóirí an ghnímh chomhordaithe sin ná a chinntiú go bhféadfadh daoine aonair san Eoraip an ceart chun scriosta a fheidhmiú go héifeachtach, agus a thuiscint conas a chomhlíonann rialaitheoirí an ceart sin i ndáiríre. Chomh maith leis sin, shainaithin EDPB dea-chleachtais agus na dúshláin ghaolmhara is tábhachtaí, agus é mar aidhm aige treoir bhreise a sholáthar maidir leis an ábhar sin. Sainaithníodh trí shaincheist thábhachtacha sa bheart:

- thuairiscigh roinnt rialaitheoirí nach bhfuil nósanna imeachta ná beartais i bhfeidhm acu chun déileáil le hiarratais ar scriosadh;
- luaigh na rialaitheoirí nach mór dóibh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara iomadúla sula bhféadfar an cheart a fheidhmiú; agus
- fuarthas amach nach soláthraíonn gach rialaitheoir oiliúint do bhaill foirne maidir leis an gcaoi déileáil le hiarratais ar scriosadh.[11]

## Aistrithe Idirnáisiúnta - Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Is minic a bhíonn an Coimisiún i gceannas in AE ar mheasúnú agus ceadú na n-iarratas Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCR) ó chuideachtaí ilnáisiúnta. Is sraith de bheartais cheangailteacha cosanta sonraí iad BCRanna a thacaíonn le haistrithe nuair a aistríonn comhaltaí den ghrúpa atá bunaithe in AE sonraí chuig comhaltaí den ghrúpa lasmuigh den AE.

Is éard atá i gceist le gnáthiarratas ná méid mór doiciméad, ina bhfuil na beartais go léir atá ag teastáil chun na gealltanais atá á dtabhairt a léiriú chomh maith leis an sásra ceangailteach conartha agus aon doiciméid eile a mheasann an grúpa a bheith riachtanach chun cur lena iarratas.

D'fhéadfadh an t-athbhreithniú roinnt ama a thógáil agus beidh sé i gceist leis freisin tuairimí dhá údarás maoirseachta eile a lorg le linn na céime comh-athbhreithnithe agus tuairimí na n-údarás maoirseachta go léir le linn na céime comhoibrithe. Ina dhiaidh sin, comhordaímid agus tiomsaímid na freagairtí sin, agus pléimid leis an iarratasóir iad chun dréacht a bhaint amach a bhfuil na údaráis mhaoirseachta go léir sásta leis. Nuair shroichimid an chéim sin, lorgaítear Tuairim ó EDPB faoi Airteagal 64(2) agus is féidir leis an gCoimisiún iarratas a cheadú go foirmiúil a luaith a gheofar an Tuairim sin.

11 Tá tuilleadh faisnéise faoi ghníomh CEF 2025 le fáil ag edpb_cef-report_2025_right-to-erasure_annex_en.pdf

## BCRanna 2025

Ba é an Coimisiún an príomhúdarás BCR maidir le **13** iarratais BCR ó **ocht** gcuideachta éagsúla. Cuireadh **ceithre cinn** de na hiarratais sin faoi bhráid EDPB inar lorgaíodh Tuairim faoi Airteagal 64 agus cheadaigh an Coimisiún iad ina dhiaidh sin in 2025 – Iarratas BCR Rialaitheora agus Próiseálaí le haghaidh Shopify International agus Iarratas BCR Rialaitheora agus Próiseálaí le haghaidh Intec Billing Ireland Limited thar cheann an ghrúpa CSG Systems International Inc (Grúpa CSG).

Chabhraigh an Coimisiún freisin le húdaráis Eorpacha eile um Chosaint Sonraí trí ghníomhú mar chomh-athbhreithneoir le haghaidh údarás maoirseachta eile maidir le **naoi** n-iarratas BCR ó **shé** chuideachta éagsúla, agus ghlac sé páirt i bhfoirne dréachtaithe mar rapóirtéirí le haghaidh Thuairimí faoi Airteagal 64 maidir le **seacht** n-iarratas BCR ó **chúig** chuideachta éagsúla.

## Nuashonruithe Bliantúla BCR

A luaithe a cheadófar na hiarratais BCR, tá ról maoirseachta suntasach leanúnach ag an gCoimisiún fós. Ceanglaítear ar gach sealbhóir BCR nuashonrú ar BCR dá chuid a chur isteach ar bhonn bliantúil a mbeidh athbhreithniú ag teastáil uaidh. In 2025 ba é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta maidir le **33** BCR ceadaithe le haghaidh **21** sealbhóir BCR éagsúil. Tá an liosta de na comhaid BCR cheadaithe sin foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Tuairimí BCR EDPB

Chomh maith leis sin, d’eisigh EDPB **25** tuairim faoi Airteagal 64 ar iarratais BCR san iomlán in 2025 agus rinne an Coimisiún athbhreithniú ar gach ceann de na hiarratais sin.

## Rannpháirtíocht an Choimisiúin ag Foghrúpa Saineolaithe EDPB um Aistrithe Idirnáisiúnta (ITESG)

Is réimse ríthábhachtach cosanta do shaoránaigh de chuid AE/LEE iad aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, faoi Chaibidil V de RGCS.

In 2025, d’fhreastail baill foirne ón gCoimisiún ar **11** chruinniú de ITESG EDPB in 2025. Tagann an foghrúpa sin le chéile chun treoirdhoiciméid ar chúrsaí a bhaineann le hAistrithe Idirnáisiúnta a mheas, a mhol agus a ullmhú. Ina theannta sin, d’fhreastail baill foirne ón gCoimisiún ar chruinnithe breise le comhghleacaithe ITS agus le foghrúpaí onnmhairíochta eile le haghaidh cruinnithe tiomnaithe maidir le cúrsaí amhail Leordhóthanacht na Ríochta Aontaithe, Leordhóthanacht na Brasaíle agus Deimhniú.

# **Cás-Staidéar:** Iarratas BCR i bhFócas

### Shopify International Limited

Is ardán ríomhthráchtála bunaithe ar shíntiús é Shopify a úsáideann miondíoltóirí. Nuair a phróiseálann Shopify sonraí acmhainní daonna, nó faisnéis maidir lena chomhairleoirí, a chonraitheoirí, a chustaiméirí, a cheannaithe, chomh maith le hionadaithe, comhpháirtithe nó soláthraithe seirbhíse dá gcuid, féadfaidh foirne oibríochtúla na sonraí sin a láimhseáil i dtríú tíortha; Dá bhrí sin, ní mór do Shopify a chinntiú go gcomhlíonann gach aistriú idirnáisiúnta sonraí ceanglais Chaibidil V de RGCS sula ndéanfar aon aistrithe. Chinn an grúpa gurbh é BCR an rogha is fearr chun cosaintí leordhóthanacha a sholáthar nuair ba ghá dó sonraí a aistriú laistigh den ghrúpa i gcásanna inar ghníomhaigh sé mar Rialaitheoir agus mar Phróiseálaí araon.

Chuaigh Shopify International Limited, thar ceann an ghrúpa Shopify, chun cainte leis an gCoimisiún chun gníomhú mar phríomhúdarás BCR maidir le ceadú a lorg le haghaidh BCRanna Rialaitheora agus Próiseálaí dá chuid. Láimhseáladh iad sin mar dhá BCR ar leith toisc go bhfuair gach ceann acu a dtuairim féin faoi Airteagal 64. Is é Shopify International Limited ceanncheathrú LEE agus tá a bhfoireann chomhlíonta cosanta sonraí le haghaidh LEE lonnaithe in Éirinn. Rinne an Coimisiún measúnú ar an ábhar iarratais a soláthraíodh chun a chinntiú gur comhlíonadh na critéir a bhí ag teastáil chun gníomhú mar Phríomhúdarás BCR faoi WO263. Nuair a bhí sé sásta leis an bhfaisnéis a soláthraíodh le linn an phróisis iarratais tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl do na húdaráis mhaoirseachta go léir go raibh sé sásta gníomhú mar an príomhúdarás BCR agus thug sé deis dóibh agóid a dhéanamh. Ós rud é nach raibh aon agóidí ann, chuir an Coimisiún in iúl do Shopify go bhféadfadh sé gníomhú mar phríomhúdarás BCR ar a shon agus d’iarr sé an tsraith iomlán doiciméad

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na doiciméid BCR agus bhí sé ag plé tuairimí leis an iarratasóir go dtí go raibh an Coimisiún sásta gur comhlíonadh le BCR na ceanglais a bhí leagtha amach sna gnéithe agus sna prionsabail i moltaí 01/2022 agus in WP257. Ar na fadhbanna a thagann chun cinn de ghnáth le linn céimeanna measúnaithe BCR ná nuair a theipeann ar na hiarratasóirí a léiriú cá bhfuil na gealltanais á dtabhairt. Mar chuid den mheasúnú ar na comhaid BCR go léir, molfaidh an Coimisiún maidir leis an áit sa téacs ar gá a athrú agus tabharfaidh sé moltaí dréachtaithe go minic agus comharthaí maidir leis an gcuid de na moltaí ar gá níos mó léirithe a thabhairt ina leith.

**D’eisigh EDPB dhá Thuairim dhearfacha**, 17/2025 agus 18/2025, i mí Mheán Fómhair 2025 maidir leis an gcomhad BCR sin agus **dheimhnigh an Coimisiún a cheadú** le Cinneadh Náisiúnta a eisíodh don iarratasóir i mí Dheireadh Fómhair 2025.

# 11.

# Acmhainní Daonna, Cumarsáid agus Rialachas Corparáideach

# 11. Acmhainní Daonna, Cumarsáid agus Rialachas Corparáideach



**Ó dheas go clé:** D'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan, an Taoiseach Micheál Martin, an Coimisinéir Des Hogan agus an Coimisinéir Dale Sunderland, ceanncheathrú nua an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2025.

## Áitreabh nua an Choimisiúin, 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2

D'aithin agus shealbhaigh an Coimisiún, le cabhair ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), oifig nua i mBaile Átha Cliath atá oiriúnach don fheidhm, a sholáthraíonn solúbthacht chun ligean don fhoireann oibriú i dtimpeallachtaí éagsúla, amhail seomraí ar leithligh agus limistéir chomhoibrithe, limistéir phríobháideacha agus phlean oscailte araon. Chabhraigh sé seo chun modhanna oibre comhoibríocha agus idirdhisciplíneacha a leabú laistigh den Choimisiún agus tá dóthain seomraí cruinnithe ar fáil chun ár bhfeidhmeanna maoirseachta/rialála a éascú nuair a bhímid ag bualadh le páirtithe leasmhara. Cuireadh an tionscadal ilbhliantúil seo i gcrích ar an 29 Bealtaine 2025, tráth ar oscail an Taoiseach Micheál Martin ceanncheathrú nua an Choimisiúin go hoifigiúil.






## Acmhainní Daonna

### Earcaíocht

I rith 2025, lean an Coimisiún ar aghaidh lena fhoireann oibre a fhorbairt agus a threisiú mar fhreagairt dá shainordú rialála athraitheach agus do na héilimh oibriúcháin bhreise a bhí le tabhairt faoi deara ag leibhéal náisiúnta agus AE. Bhí an ghníomhaíocht earcaíochta seasmhach agus fairsing i rith na bliana, fianaise ar fhás eagraíochta agus ar an speisialtóireacht atá ag teastáil anois chun tacú le feidhmeanna rialála, dlí, teicneolaíocha agus idirnáisiúnta an Choimisiúin.

I rith na bliana, thosaigh **66** ball foirne nua ag obair san eagraíocht, d'fhág 22 ball foirne an eagraíocht, agus leanadh ar aghaidh ag obair ar 25 ardú céime inmheánach. Cuireadh próisis earcaíochta i gcrích trí mheascán straitéiseach de dhaoine cumasacha seachtracha a mhealladh agus trí arduithe céime gairme inmheánacha lena n-áirítear; Comórtais in éineacht le Poist Phoiblí, feachtais sheachtracha in éineacht le comhairleoir earcaíochta, feachtais earcaíochta inmheánacha theoranta, agus Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse.

Reáchtáladh roinnt comórtas earcaíochta spriocdhírithe i rith 2025 chun díriú ar riachtanais chumais tosaíochta ar fud na heagraíochta. Ina measc bhí:

- Oifigeach Feidhmiúcháin Teoranta (OF);
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin Teoranta (AOF);
- Teicneolaí Rialála TFC (AOF);
- Anailísí Dlí (AOF);
- Príomhoifigeach Cúnta (PC) Teicneolaí Rialála; agus
- Dlíodóir Rialála Sinsearach (PC).

Is fianaise iad na comórtais seo ar an mbéim leanúnach atá á leagan ar shaineolas dlí, teicniúil agus rialála an Choimisiúin a threisiú, agus ar acmhainn cheannaireachta a fhorbairt ag leibhéil mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta.

Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí **295** ball foirne ar fad ag an gCoimisiún. Leanfar leis an earcaíocht in 2026.

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Baill Nua | 45 | 44 | 70 | **66** |
| Fágálaithe | 45 | 24 | 27 | **22** |
| Arduithe Céime Inmheánacha | 33 | 15 | 21 | **25** |

| **Faisnéis faoi Líon Ball Foirne Iomlán an Choimisiúin** | |
|---|---|
| **Dáta** | **Líon** |
| 1 Eanáir 2023 | 196 |
| 1 Eanáir 2024 | 213 |
| 1 Eanáir 2025 | 251 |
| **1 Eanáir 2026** | **295** |

## Rannpháirtíocht Fostaithe agus Cultúr Eagraíochta

Leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar rannpháirtíocht fostaithe agus ar chultúr eagraíochta i rith 2025. Bhí an Fóram um Rannpháirtíocht Fostaithe (FRF) freagrach as roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo cumarsáid, nasc agus tuiscint chomhpháirteach a neartú ar fud na heagraíochta.

Garsprioc shuntasach i rith na bliana ba ea gur forbraíodh Ráiteas Luachanna Fostaithe an Choimisiúin. Bhí an ráiteas seo bunaithe ar chomhairliúchán le baill foirne agus ar phróiseas ceardlainne éascaithe. Leagtar amach sa Ráiteas luachanna comhpháirteacha agus ionchais iompraíochta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le cultúr dearfach san áit oibre agus le misean na heagraíochta. Chomh maith leis sin, d'eagraigh FRF gníomhaíochtaí rannpháirtíochta sa dá oifig, an oifig i mBaile Átha Cliath agus an oifig i gCúil an tSúdaire, agus tugadh méadú faoi deara sa chomhfhreagras a fuarthas ó bhaill foirne i rith na bliana, fianaise ar níos mó feasachta agus rannpháirtíochta.

## Caidreamh Tionsclaíoch agus Caidreamh le Fostaithe

Leanadh ar aghaidh ag glacadh le rannpháirtíocht chuiditheach le ceardchumainn ionadaíocha foirne mar ghné lárnach de chreat caidrimh le fostaithe an Choimisiúin i rith 2025. Faoi Scéim Eadrána agus Idir-réitigh na Státseirbhíse, reáchtáladh ceithre chruinniú ráithiúla de chuid Chomhairle na Roinne i rith na bliana, arb ionann iad agus fóram struchtúrtha le haghaidh rannpháirtíocht i ndáil le réimse leathan saincheisteanna eagraíochta agus foirne oibre idir an fhoireann bainistíochta agus na ceardchumainn aitheanta.

I measc na n-ábhar a pléadh i rith na bliana bhí earcaíocht agus nuashonruithe maidir le pleanáil na foirne oibre, forbairt beartas inmheánach agus nithe eile a bhain le coinníollacha seirbhíse. Ag feidhmiú taobh leis na struchtúir fhoirmiúla caidrimh thionsclaíoch, sholáthair an Coimisiún comhairle agus tacaíocht, cás ar chás, maidir le caidreamh le fostaithe do bhainisteoirí líne agus do bhaill foirne, chun tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach beartais agus nósanna imeachta cothroma i dtimpeallacht oibriúcháin a bhí ag éirí níos casta an t-am ar fad.

Chomh fada is a bhain le hearcaíocht, caidreamh le fostaithe agus oibríochtaí AD, lean an Coimisiún ar aghaidh ag tacú leis an eagraíocht trí thréimhse d'fhás leanúnach, castacht rialála mhéadaithe agus athrú eagraíochta suntasach.




D'eagraigh John Mee (Ionad LADTA+ Outhouse) caint don Choimisiún maidir leis an tábhacht a bhaineann le spásanna sábháilte a chruthú do dhaoine LADTA+ san áit oibre, Meitheamh 2025.

## An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)

Lean an Coiste CÉI ar aghaidh le ról lárnach a imirt i gcultúr oibre ionchuimsitheach agus measúil a fhorbairt ar fud an Choimisiúin in 2025, ag tacú le colún Fhoireann Oibre na Todhchaí Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030. Agus ionadaíocht á déanamh ar bhaill foirne ar fud na heagraíochta, sholáthair Coiste CÉI ardán do phlé, foghlaim agus tionscnaimh foirne a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht agus a thacaíonn le hionchuimsiú agus le muintearas.

I rith na bliana, d'oibrigh baill an choiste i ndlúthpháirt chun raon leathan tionscnamh fiúntach a chur i gcrích. Tarraingíodh tuilleadh airde ar fheasacht agus ar fhoghlaim trí phodchraoltaí, ceardlanna agus imeachtaí. I measc na dtionscnamh seo bhí plé a bhí á stiúradh ag baill foirne, aoichainteoirí ó eagraíochtaí seachtracha cosúil le Outhouse Bhaile Átha Cliath, Ionad Pavee agus Engaging Dementia, agus roinneadh acmhainní praiticiúla chun tacú le hinrochtaineacht, folláine agus ionchuimsiú san áit oibre.

Bhí ról gníomhach ag Coiste CÉI freisin ag leibhéal eagraíochta trí dhíospóireachtaí painéil ag an Lá Cumarsáide, páirt a ghlacadh i bParáid Bhród Bhaile Átha Cliath, freastal ar an gComhdháil Náisiúnta um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, agus comhrá cois teallaigh le Ceannaire Beartais CÉI na Seirbhíse Poiblí. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó bhaill foirne i rith na bliana an-dearfach agus tharraing go leor daoine aird ar thionscnaimh an Choiste CÉI mar fhorbairtí suntasacha i ndáil le foghlaim agus rannpháirtíocht. In éineacht lena chéile, is fianaise iad na gníomhaíochtaí seo ar thiomantas leanúnach an Choiste CÉI do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a leabú ag croílár an bhealaigh a oibríonn an Coimisiún, chun a chinntiú go bhfuil gach ball foirne den tuairim go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus go bhfuil luach ag baint leis an obair atá á déanamh acu.

## Athbhreithniú Eagraíochta

In 2025, choimisiúnaigh an Coimisiún Indecon chun athbhreithniú eagraíochta neamhspleách a dhéanamh chun tacú le forbairt eagraíochta leanúnach agus chun a chinntiú go bhfanann struchtúir, socruithe rialachais agus bealaí oibre oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs shainchúram agus scála oibríochtaí méadaithe an Choimisiúin.

Dearadh an t-athbhreithniú chun measúnú oibiachtúil a sholáthar ar shamhail oibriúcháin reatha na heagraíochta, lena n-áirítear breithniú ar struchtúir eagraíochta, róil agus freagrachtaí, comhéadain inmheánacha agus socruithe rialachais. Bhí iarracht á déanamh freisin deiseanna a aithint chun tacú le héifeachtúlacht agus le hathléimneacht leanúnach na heagraíochta de réir mar a leanann freagrachtaí rialála ag athrú ag leibhéal náisiúnta agus AE araon.

I rith an phróisis athbhreithnithe chuathas i mbun neart rannpháirtíochta le baill foirne ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear trí cheardlanna, agallaimh agus seisiúin rannpháirtíochta éascaithe in Baile Átha Cliath agus i gCúil an tSúdaire araon. Deis a bhí sa rannpháirtíocht seo don fhoireann chun a dtuairimí agus a dtaithí a roinnt mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Bhí an tuarascáil deiridh á dréachtú ag deireadh na bliana.

## Foghlaim, Forbairt agus Folláine

I rith 2025, lean an Coimisiún ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt chun tacú le foireann oibre a bhí cumasach, nasctha agus a raibh spéis aici san obair a bhí á déanamh. Cuireadh meascán de chláir forbartha struchtúrtha, cúrsaí oiliúna saincheaptha agus cosáin foghlama aonair ar fáil chun acmhainn a threisiú i ngach grád agus feidhm.

Leanadh ar aghaidh le béim ar leith a leagan ar cheannaireacht agus ar fhorbairt ghairmiúil. Ghlac roinnt Príomhoifigeach páirt i gcláir forbartha ceannaireachta agus seoladh Clár Forbartha d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin (AOF) chun tacú le forbairt na gceannairí a bheidh ag obair san eagraíocht amach anseo. Aithníodh agus tacaíodh le riachtanais foghlama agus forbartha aonair tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Ghlac neart daoine páirt i gníomhaíocht foghlama agus forbartha i rith na bliana:

- Ceadaíodh maoiniú a chur ar fáil do 43 fostaí faoin Scéim um Aisíoc Táillí chun díriú ar cháilíochtaí acadúla creidiúnaithe;
- Chuir baill foirne 656 cúrsa agus seimineár gréasáin One Learning i gcrích; agus
- Cuireadh maoiniú ar fáil do 38 clár gearrthéarmach agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL).

Sa bhreis ar na cláir a bhí á gcomhordú go lárnach, d'oibrigh foireann Daoine agus Foghlama an Choimisiúin i ndlúthchomhar le haonaid ghnó chun oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil a bhí ag teacht le tosaíochtaí eagraíochta.

Leanadh ar aghaidh le comhar idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht i gclár iasachta EDPB. I rith na bliana, d'óstáil an Coimisiún comhghleacaithe ó Údaráis Mhaoirseachta sa Fhrainc agus san Iorua, agus thug fostaí amháin ón gCoimisiún faoi thréimhse iasachta in Datatilsynet ag tús 2025. Chomh maith leis sin, d'fháiltigh an Coimisiún roimh a chéad socrúchán mic léinn mar chuid de chlár dlí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ag glacadh leis go bhfuil folláine mar bhonn le feidhmíocht inbhuanaithe, cuireadh raon tionscnamh folláine a bhí dírithe ar ghnéithe airgeadais, fisiciúla agus meabhairshláinte ar fáil i rith na bliana.

Tacaíonn na tionscnaimh seo leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun foireann oibre oilte a bhfuil teacht aniar inti a fhorbairt a bheidh in ann freastal ar na héilimh a bheidh ag timpeallacht rialála náisiúnta agus AE a bheidh ag forbairt.

## Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025

Tá meas ag an gCoimisiún ar éagsúlacht, comhionannas agus paireacht inscne san áit oibre. Tá sé tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina bhfuil comhionannas deiseanna ag daoine chun dul chun cinn a dhéanamh agus a chinntiú go mbeidh rath ar a gcuid oibre. Tá fianaise ar an méid sin le fáil i dTuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025, ina ndéantar cur síos ar phróifíl na foirne oibre agus ar na gníomhartha leanúnacha atá á ndéanamh chun tacú le cothroime agus chun éagothroime phá a laghdú. Tá fianaise ar fheabhas leanúnach le fáil i staitisticí na bliana seo. Chúngaigh na bearnaí meánacha agus airmheánacha pá idir na hinscní i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá an Coimisiún fós dírithe ar thacú le hionadaíocht chothrom ag gach leibhéal, cleachtais earcaíochta agus ardaithe céime a threisiú agus cultúr láidir atá bunaithe ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a leabú ar fud na heagraíochta. Tugtar léargas trédhearcach sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ar na bearta atá bunaithe chun tuilleadh dlúis fós a chur le cothromas inscne laistigh den Choimisiún.

D'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025 bunaithe ar shonraí 2024-2025 agus roghnaíodh an 20 Meitheamh 2025 mar dháta samplach. Déantar scrúdú sa tuarascáil ar an mbearna phá tuairiscithe agus ar na céimeanna atá curtha i gcrích chun déileáil leis an mbearna sin. Ar an dáta samplach, bhí 272 duine fostaithe ag an gCoimisiún, mná ba ea 54.40% (147) agus fir ba ea 45.95% (125).

Don tréimhse thuairiscithe, bhí bearna phá mheánach idir na hinscní de 5.80% ag an gCoimisiún i bhfabhar na bhfear, agus bearna phá airmheánach de -0.42% i bhfabhar na mban. Tá an Coimisiún tiomanta do dhul chun cinn leanúnach maidir le comhionannas, ionchuimsitheacht agus deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní. Tá fianaise ar chur chuige leanúnach an Choimisiúin le fáil sa tuarascáil, cur chuige a bhfuil beartas náisiúnta agus ceanglais reachtúla atá ag athrú mar bhonn leis.

Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

## Fiontraíocht agus Oibríochtaí TFC

Leanadh ar aghaidh le claochlú bhonneagar fisiciúil agus digiteach TFC an Choimisiúin in 2025. Cuireadh suiteáil threalamh TFC in Oifigí nua an Choimisiúin ar Rae Pheambróg i gcrích. Mar chuid den obair seo suiteáladh breis is 200 stáisiún oibre agus trealamh closamhairc i seomraí cruinnithe. Cuireadh tús leis an obair a bhain le saotharlann teicneolaíochta a fheistiú a bheidh in úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus imscrúdaithe.

I rith 2025, leanadh ar aghaidh le hionghabháil na bhfoirne láimhseála cásanna rialála ar chóras bainistithe cáis nua an Choimisiúin, agus rinneadh uasghrádú córais ar an leagan is déanaí freisin. Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le córas bainistithe taifid ar leith a fhorbairt freisin. Faoi dheireadh na bliana, bhí gach córas bunaithe chun críoch a chur le haistriú úsáideoirí agus gníomhaíochtaí ó sheanchórais.

# Cumarsáid

I rith 2025, lean an Coimisiún ar aghaidh le feasacht ar chearta cosanta sonraí a chur chun cinn trí fhor-rochtain éifeachtach, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus cumarsáid thrédhearcach. Príomhchuspóir de chuid an Choimisiúin ná a chinntiú go dtuigeann daoine aonair a gcearta cosanta sonraí agus an tslí is féidir leo an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí pearsanta a rialú.

## Struchtúr Nua

Le linn 2025, bunaíodh struchtúr cumarsáide nua an Choimisiúin, ina raibh trí shnáithe ar leith: cumarsáid sheachtrach; cumarsáid inmheánach; agus oideachas agus feasacht. Is léir go raibh an tsamhail seo a bhí dírithe ar an spriocphobal an-éifeachtach, agus gur thacaigh sí le cumarsáid níos soiléire, níos spriocdhírithe agus gur threisigh sí ailíniú idir gníomhaíocht chumarsáide agus cuspóirí eagraíochta.

## Comhoibriú a Threisiú

In 2025, bunaíodh Meitheal Chumarsáide an Choimisiúin, fóram míosúil a raibh sé mar aidhm leis comhoibriú traseagraíochta a fheabhsú. Chuir an grúpa seo ar bhealach luachmhar leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú, agus thacaigh sé le feabhsuithe leanúnacha ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Buaicphointe in 2025 ba ea na Laethanta Cumarsáide Inmheánaí. Is é an aidhm atá leis na laethanta seo lasmuigh den láthair oibre ná baill foirne as ar fud na heagraíochta a thabhairt le chéile, deiseanna struchtúrtha a chur ar fáil do líonrú, roinnt eolais agus comhoibriú. Tá sé seo an-luachmhar chomh fada is a bhaineann le socruithe oibre cumaisc, sceidil dhifriúla san oifig agus láithreacht an Choimisiúin i roinnt suíomhanna geografacha lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Cúil an tSúdaire agus an Bhruiséil.

## Cumarsáid, Oideachas agus Feasacht

Tacaíodh le neart gníomhaíochtaí cumarsáide seachtracha i rith 2025, agus d'fhreagair an Coimisiún líon mór ceisteanna ó na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le ceisteanna a bhain le cosaint sonraí. I rith na bliana, d'fhoilsigh an Coimisiún **26 mír nuachta** agus **trí phostáil blag agus trí phíosa treorach ar a shuíomh gréasáin**, rud a bhí mar bhonn le clúdach suntasach sna meáin chlóite, chraolta agus ar líne.

## Treoir Nua curtha i dtoll a chéile ag an gCoimisiún in 2025

Foireann Uirlisí um Chumhdach Aosach

Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach

Grafaic Faisnéise - Cosaint Sonraí san Earnáil Spóirt

Príomhleideanna maidir le ´Sharenting´

Próiseáil Sonraí Pearsanta i Rith Réamhrollaithe: Eolas do Scoileanna

Treoir an Choimisiúin maidir le hIarratais Duine ar a Sonraí a Láimhseáil

Lean ardáin meán sóisialta an Choimisiúin le ról tábhachtach a bheith acu i bhfeasacht a mhúscailt agus i dtacú le hobair na heagraíochta in 2025.

Chuir an Coimisiún lena láithreacht dhigiteach trí Bluesky a sheoladh agus trí chuntais meán sóisialta Instagram a athsheoladh, rud a chabhraigh chun eolas a roinnt le pobail nua. Mhéadaigh líon na leantóirí breis is **41,000** i rith na bliana go dtí **93,300**, sin **méadú 80%** i gcomparáid le 2024. Lean neart daoine ar aghaidh le húsáid a bhaint as na hardáin a bhí á gcur ar fáil cheana féin, X agus LinkedIn. Thaifead LinkedIn meánráta rannpháirtíochta a bhí cothrom le **9.2%** i rith na bliana, fianaise ar níos mó spéise a bheith á cur ag an bpobal i gcosaint sonraí agus in obair an Choimisiúin.

Díol suntais is ea go ndeachaigh an feachtas *Smaoinigh roimh Phostáil* (leathanach 93-94), a bhí dírithe ar chearta sonraí leanaí a chosaint, i bhfeidhm ar phobal mór in 2025, agus gur gineadh breis is **45 milliún amharc** ar chainéil shóisialta an Choimisiúin.

Garsprioc shuntasach in 2025 ba ea gur coimisiúnaíodh agus gur foilsíodh **Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail**. Sholáthair torthaí na pobalbhreithe seo léargas soiléir ar an tuiscint atá ag daoine ar chosaint sonraí agus ar ról an Choimisiúin. Bhí fianaise le fáil sna torthaí ar fheasacht láidir i measc an phobail agus ar mheas forleathan ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis phearsanta a chosaint, go háirithe de réir mar a leanann teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua ar aghaidh ag forbairt. Ag an am céanna, tarraingítear aird sa suirbhé ar ábhair imní leanúnacha maidir leis an gcaoi a láimhseálann eagraíochtaí sonraí pearsanta agus ar na hionchais dhifriúla atá le tabhairt faoi deara i measc aoisghrúpaí agus réigiún. Tá torthaí an taighde seo in úsáid cheana féin chun bonn eolais a chur ar fáil do straitéis rannpháirtíochta agus múscailte feasachta na heagraíochta.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail




Chuir 70% díobh in iúl go bhféadfaidís a bheith muiníneach go seasfadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí lena gcearta chun a sonraí pearsanta a chosaint.

chuir 61% de dhaoine in iúl go raibh imní orthu faoi úsáid na hintleachta saorga

Mar bhall de Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha na hÉireann, chabhraigh an Coimisiún le tionscnamh oideachais idir-rialála tábhachtach arb é foilsiú **Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach** a bhí mar thoradh air. Forbraíodh an acmhainn seo chun tacú le tuiscint an phobail ar an timpeallacht rialála digití in Éirinn, róil agus sainchúraim na rialtóirí éagsúla a shoiléiriú agus tacú le níos mó trédhearcachta agus inrochtaineachta sa rialáil dhigiteach. D'éirigh an-mhaith leis an treoir ar chainéil meán sóisialta an Choimisiúin, agus taifeadadh ráta rannpháirtíochta an-ard ar LinkedIn, ráta a bhí cothrom le **50.2%**.

Chomh maith leis sin, bhainistigh agus chuir an Coimisiún dearadh agus seoladh **Foireann Uirlísí um Chumhdach Aosach** chun feidhme, lena n-áirítear 10 ngrafaic eolais a fhorbairt, agus preasocáid ghaolmhar agus imeacht rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a eagrú.

Foireann Uirlísí um Chumhdach Aosach

Rinneadh tuilleadh forbairt ar rannóg na gCás-Staidéar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin i ndlúthchomhar le Foireann Iarratas agus Sonraí an Choimisiúin. Bhí an t-uasghrádú seo mar bhonn le hinrochtaineacht agus inúsáidteacht a fheabhsú do pháirtithe leasmhara.

Forbraíodh agus seoladh leathanach gréasáin speisialta nua ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ar a bhfuil treoir maidir le cosaint leanaí ar fáil, rud a chur le hacmhainní ar líne an Choimisiúin sa réimse tábhachtach seo.

Chabhraigh coimisinéirí agus baill foirne an Choimisiúin le breis is **100 ócáid labhartha** i rith na bliana, gníomhaíocht a chabhraigh le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Suíomh gréasáin

# Rialachas Corparáideach

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin

Ar aon dul leis an gCaighdeán um Rialachas Corparáideach don Státseirbhís (2015), agus ag féachaint freisin don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), bhunaigh an Choimisiúin a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin, mar Choiste de chuid an Choimisiúin, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Cuireadh tús leis an dara téarma den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 1 Eanáir 2023 agus maireann an téarma i gcomhair trí bliana.

Is iad seo a leanas baill an Choiste:

- Conan McKenna (cathaoirleach);
- Aisling McKeon;
- Tara McDermott; agus
- Graham Doyle.

Reáchtáladh trí chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2025.

## An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí sa Choimisiún á cur ar fáil ag soláthraí seirbhíse seachtrach a chuireann tuairiscí rialta ar fáil do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin maidir le hiniúchóireachtaí inmheánacha a chuirtear i gcrích i rith na bliana.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá an Coimisiún ag leanúint ar aghaidh le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil agus a fheabhsú, agus le seirbhísí a neartú freisin. Cuireadh tús le cúigiú Scéim Teanga an Choimisiúin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, an 21 Nollaig 2020, agus beidh an scéim i bhfeidhm go dtí go mbunófar caighdeáin teanga i ndiaidh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus tá sé ag feidhmiú de réir fhorálacha an Achta sin. Tá bearta bunaithe chun a chinntiú go gcomhlíonann baill foirne an Choimisiúin, a bhfuil poist ainmnithe acu, forálacha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

## An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Is é an aidhm atá leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, agus an cód iompair, na rialacháin agus na treoirlínte a ghabhann leis, a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á gcur i gcrích de réir ionchais an phobail maidir le trédhearcacht. Tá na Coimisinéirí um Chosaint Sonraí ag feidhmiú mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe (OPAnna) faoin Acht seo, mar atá luaite ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ní mór go mbeadh idirghníomhaíocht idir comhlachtaí brústocaireachta agus OPAnna á tuairisciú ag na brústocairí. Tá clár brústocaireachta ar líne, www.lobbying.ie bunaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP) chun freastal ar an gceanglas seo.

## Rannpháirtíocht le comhaltaí den Oireachtas

De réir Imlitir 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, soláthraíonn an Coimisiún bosca ríomhphoist speisialta chun déileáil leis na fiosrúcháin a dhéanann baill an Oireachtais agus chun aiseolas a fháil.

## Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Déanann an Coimisiún iarracht a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus tá bearta bunaithe chun a chinntiú go ndéantar machnamh ar chearta an duine agus ar chomhionannas nuair a bhíonn beartais agus nósanna imeachta á bhforbairt agus nuair a bhíonn rannpháirtíocht á déanamh le páirtithe leasmhara chun a shainordú a chomhlíonadh, is é sin an ceart bunúsach maidir le cosaint sonraí, a chosaint.

## Oifigeach Rochtana

Chun tacú le custaiméirí a bhféadfadh cúnamh a bheith ag teastáil uathu nuair a bhíonn úsáid á baint acu as na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gCoimisiún, féadfar teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana trí na cainéil atá liostaithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus trí nóta scríofa a sheoladh chuig:

An tOifigeach Rochtana,
An Coimisiún um Chosaint Sonraí
6 Rae Pheambróg,
Baile Átha Cliath,
2 D02 X963,
Éire
Ríomhphost: DPCAccessibilityOfficer@dataprotection.ie

## Cairt Custaiméirí

Foilsítear an Chairt Custaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus an Beartas maidir le Bainistiú Iompair Mhíréasúnaigh agus Teagmhálacha de chuid an Choimisiúin don tréimhse 2024-2026 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá bosca ríomhphoist speisialta do thuairimí maidir le seirbhís do chustaiméirí ar fáil do chustaiméirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún. Déantar machnamh ar gach agus ar aon tuairim a fhaightear mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil.




## Saoráil Faisnéise (SF)

In 2025, ghlac an Coimisiún le **68 iarratas SF** ar fad. Ceadaíodh sé iarratas, páirtcheadaíodh seacht n-iarratas, measadh nár bhain 53 iarratas le scóip na hoibre, agus measadh go raibh dhá iarratas aistarraingthe. Tá gníomhaíocht rialála an Choimisiún díolmhaithe ó iarratais SF chun rúndacht ghníomhaíochtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe an Choimisiúin a chaomhnú. Mar sin féin, tá an Coimisiún tiomanta d'fhaisnéis thrédhearcach a chur ar fáil don phobal maidir le feidhm riaracháin a oifige agus an úsáid a bhaintear as acmhainní poiblí.

## Ceisteanna Parlaiminteacha (CPanna)

Chuaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le **65 CP** in 2025. Chuir an Coimisiún tuairimí ar fáil i ndáil le 30 ceann de na ceisteanna seo (níor bhain 35 ceist leis an gCoimisiún go díreach).

## Comhfhreagras le hIonadaithe Tofa

Ghlac an Coimisiún le **14 phíosa comhfhreagrais** ó ionadaithe tofa in 2025, a bhain le gach réimse gnó.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Ghlac an Coimisiún le hiarratas amháin in 2025 faoi Rialacháin RFC.

# Aguisín 1

# Aguisín 1: Tuarascáil maidir le Nochtaí Cosanta faighte ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in 2025

Tá an beartas atá in úsáid ag an gCoimisiún faoi théarmaí an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht), deartha chun cur ar chumas gach oibrí agus gach oibrí a spreagadh chun aird a tharraingt ar chúiseanna imní dáiríre maidir le héagóir inmheánach fhéideartha san áit oibre i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus creataí reachtacha cosanta sonraí a bheith á gcomhlíonadh, ionas gur féidir imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna imní seo de réir phrionsabail an cheartais aiceanta agus gur féidir déileáil leo ar bhealach atá oiriúnach ag féachaint d'imthosca an cháis.

Faoin Acht glactar leis gurb ionann 'oibrí' agus duine atá ag obair san earnáil phríobháideach nó phoiblí a fuair eolas maidir le héagóracha ábhartha i gcomhthéacs oibre agus tá na daoine seo a leanas san áireamh:

- fostaithe agus iarfhostaithe;
- daoine a sholáthraíonn nó a sholáthair seirbhísí do pháirtí eile faoi chonradh;
- oibrithe gníomhaireachta agus iaroibrithe gníomhaireachta;
- baill den bhord agus iarbhaill den bhord (lena n-áirítear baill neamhfheidhmiúcháin);
- scairshealbhóirí agus iar-scairshealbhóirí;
- oiliúnaithe agus iaroiliúnaithe;
- oibrithe deonacha agus iaroibrithe deonacha;
- iarratasóirí ar phoist;
- daoine a bhfuil baint acu le hidirbheartaíocht réamhchonartha; agus
- baill agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann (an Cúltaca san áireamh).

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, a ionadaíodh le halt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, faoin 1 Márta gach bliain, i ndáil leis an mbliain roimhe sin i bhfoirm anaithnidithe.

De bhua an cheanglais seo, deimhníonn an Coimisiún an méid seo a leanas i ndáil le 2025:

fuarthas 87 nochtadh cosanta féideartha (tá eolas le fáil sna graif thíos) ó dhaoine aonair lasmuigh den Choimisiún i ndáil le ceisteanna a bhain le cosaint sonraí laistigh d'eintitis eile. Cuireadh na ceisteanna seo faoi bhráid an Choimisiúin ina ról mar 'dhuine forordaithe' dá bhforáiltear dó faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in IR 367/2020). Lena chois sin, fuarthas nochtadh cosanta féideartha inmheánach amháin.

Tá eolas maidir leis na 87 nochtadh cosanta féideartha le fáil thíos:

- rinneadh measúnú ar 28 (32%) nochtadh féideartha agus measadh nach raibh gá le haon obair leantach bhreise.
- rinneadh measúnú ar 27 (31%) nochtadh féideartha agus measadh go raibh gá le hobair leantach bhreise.
- cuireadh 17 (20%) nochtadh féideartha isteach go hanaithnid.
- Ag deireadh na bliana, bhí measúnú fós le críochnú ar 14 (16%) de bhrí go bhfuil an Coimisiún ag fanacht ar thuilleadh faisnéise a fháil ón duine tuairiscithe chun a chinntiú gur féidir glacadh leis an tuarascáil mar Nochtadh Cosanta.
- Glacadh le seacht nochtadh cosanta fhéideartha ar an meán gach mí.




Nochtaí Cosanta a fuarthas in aghaidh na míosa in 2025
15
10
5
0
5
5
8
5
9
6
5
9
3
6
12
14
Eanaír
Feabhra
Márta
Aibreán
Bealtaine
Meitheamh
Iúil
Lúnasa
Meán Fómhair
Deireadh Fómhair
Samhain
Nollaig


Nochtaí Cosanta - Oscailte nó Dúnta
90
80
70
60
50
40
30
20
10
0
58
29
12
15
14
Curta isteach (87)
Glachta (27)
Á Meas (14)
Oscailte
Dúnta

# Aguisín 2

# Aguisín 2: Tuarascáil Fuinnimh 2025

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

### Ginearálta

Tá an Coimisiún ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar a úsáid fuinnimh agus ar bhealaí chun cabhrú leis chun úsáid fuinnimh a laghdú. Táimid ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i monatóireacht ar líne ÚFIÉ.

Ghlac an Coimisiún seilbh ar a fhoirgneamh ceannoifige nua i mí Eanáir 2025 agus cuireadh feistiú na hoifige i gcrích agus bhí an foirgneamh réidh do bhaill foirne an 28 Aibreán. Dúnadh na foirgnimh i gCearnóg Mhic Liam agus ar Shráid Laighean Theas agus tugadh ar ais do ONP iad.

Tá rátáil RFF de A3 ag an gceannoifig nua agus tá 2,481m2 de spás curtha ar fáil i gcomparáid le thart ar 1,300m2 a bhí ar fáil sna hoifigí i gCearnóg Mhic Liam agus ar Shráid Laighean Theas.

Tabhair faoi deara: Ní bheidh na figiúirí deiridh i gcomhair 2024 ar fáil go dtí Aibreán 2026, tráth a gcuirfear na figiúirí i gcomhair 2024 agus 2025 ar fáil don Choimisiún.

### Baile Átha Cliath
### 6 Rae Pheambróg

Tá ceannoifig nua an Choimisiúin suite ag 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2. Tá leictreachas agus gás in úsáid san oifig.

Mar fhoirgneamh nua-aimseartha, táthar ag súil go soláthróidh an oifig nua níos mó éifeachtúlachta fuinnimh i gcomparáid leis an bhfoirgneamh Seoirseach i gCearnóg Mhic Liam agus leis an oifig ar Shráid Laighean Theas a tógadh thart ar an mbliain 2010, a raibh rátáil RFF C2 luaite leis. Meastar go sábhálfar 104,000kWhs in úsáid leictreachais sa bhliain.

### Cúil An tSúdaire

Tá 444m$^2$ le fáil in oifig Chúil an tSúdaire agus tá an oifig suite ar urlár uachtarach foirgnimh dhá urlár, a tógadh in 2006.
San oifig úsáidtear leictreachas do shoilse agus do threalamh, agus úsáidtear gás nádúrtha don chóras teasa. Is í C1 an rátáil fuinnimh atá luaite leis an bhfoirgneamh.

### Gníomhartha curtha i gcrích

Glacann an Coimisiún páirt i gcóras ar líne ÚFIÉ chun sonraí maidir lena úsáid fuinnimh a thuairisciú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh na Críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Tá eolas le fáil thíos maidir le húsáid fuinnimh na hoifige i gcomhair 2023 (na figiúirí bailíochtaithe is déanaí atá le fáil ó ÚFIÉ):

| | Leictreachas | Gás Nádúrtha |
|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | | |
| Oifig Chearnóg Mhic Liam. | 61,653 kWh | |
| Oifig Shráid Laighean Theas | 76,712 kWh | |
| **Cúil an tSúdaire** | 28,400 kWh | 18,589 kWh |

Tá iarracht á déanamh ag an gCoimisiún ISO50001 a bhaint amach dá oifig i Rae Pheambróg.

## Forléargas ar an mBeartas/Ráiteas Comhshaoil don Eagraíocht

Tá an Coimisiún tiomanta d'obair a chur i gcrích de réir bheartais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta Rialtas na hÉireann.

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na tionscnaimh inbhuanaitheachta comhshaoil:

- cuireadh stop le táirgí plaisteacha aon úsáide a úsáid i mí Eanáir 2019;
- táthar ag leanúint ar aghaidh le soilse LED a chur in ionad na soilse fluaraiseacha in oifig Chúil an tSúdaire nuair a theipeann ar aonaid nó nuair a theastaíonn bolgáin nua;
- tá soilse braiteora suiteáilte i limistéar athchóirithe d'oifig Chúil an tSúdaire;
- tá soilse braiteora in úsáid san oifig ar Shráid Laighean Theas;
- tá pleananna caomhnaithe fuinnimh an rialtais bunaithe; agus
- tá soilse braiteora in úsáid sna seomraí folctha in Oifig Chúil an tSúdaire.

## Laghdú ar an Dramhaíl a Ghintear

- Baineann an Coimisiún úsáid as socrú printéara réamhshocraithe chun priontáil dhéthaobhach a dhéanamh;
- Tá dhá mhonatóir á gcur ar fáil ag an gCoimisiún do bhaill foirne chun an gá atá ann doiciméid a phriontáil chun iad a athbhreithniú/a chur i gcomparáid le doiciméid eile a laghdú i rith cásoibre;
- Cuireann an Coimisiún boscaí bruscair do dhramhaíl ghinearálta agus d'ábhar atá le hathchúrsáil ar fáil ag stáisiúin sna hoifigí; agus
- Tá an Coimisiún cláraithe chun úsáid a bhaint as boscaí bruscair donna do dhramhbhia.

## Lántairbhe a bhaint as Athchúrsáil

Is é beartas atá ag an gCoimisiún stiallacha a dhéanamh den dramhpháipéar ar fad ar bhealach slán. Cuirtear consóil ar fáil in áiteanna éagsúla sna hoifigí. Déantar stiallacha páipéir a athchúrsáil.

## Soláthar Inbhuanaithe

Tá soláthar inbhuanaithe á chomhlíonadh ag soláthairtí agus próisis RP. Tá eisiamh táirgí plaisteacha aon úsáide sonraithe i gconarthaí lónadóireachta.

## An Fhoireann Ghlas

Tá Foireann Ghlas bunaithe ag an gCoimisiún agus tá cúrsaí oiliúna curtha ar fáil don 11 bhall.

Aguisín 3

# Aguisín 3: Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Tá an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha, Ráiteas Airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain, an 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, agus an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha don tréimhse chéanna á n-ullmhú ag an gCoimisiún agus beidh siad á gcur ar fáil i bhfoirm aguisín leis an tuarascáil seo i ndiaidh iniúchóireacht a bheidh á déanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i ndáil le 2025.

# Innéacs


## A

**AE:** 2, 4, 7, 13, 30, 33, 39, 46, 51, 62, 65, 69, 70, 84, 86, 87, 88, 90, 91, 101, 104, 105, 106, 107, 109, 110, 111, 115, 117, 118

**Airteagal:** 7, 8, 9, 21, 22, 23, 24, 27, 28, 31, 35, 39, 40, 41, 42, 44, 46, 47, 50, 52, 54, 55, 56, 57, 62, 71, 75, 82, 101, 102, 106, 109, 110, 111, 112

## C

**Ceart:** 11, 13, 20, 21, 22, 23, 25, 26, 51, 55, 90, 110, 124

**Cearta:** 3, 10, 13, 21, 24, 25, 32, 35, 49, 51, 55, 75, 76, 83, 89, 96

## F

**Fógra:** 6, 7, 20, 31, 35, 36, 37, 45, 48, 50, 53, 86, 94, 98, 101, 104

## I

**Iarratas:** 29, 49, 51, 52, 54, 55, 56, 57, 64, 66, 69, 81, 87

**Iarratais go nDéanfaí Léirscriosadh:** 51, 52, 54

**Intleachta Saorga:** 20

**Ionchúiseamh:** 13, 31

## L

**Léirscriosadh:** 21, 23, 26, 28, 54, 56, 57

## M

**Margaíocht dhíreach leictreonach:** 13

## N

**Nochtadh:** 26, 32, 45, 55, 83, 127, 128

## O

**Oifigeach Cosanta Sonraí:** 2, 20, 35

## P

**Pearsanta:** 2, 3, 4, 5, 7, 9, 13, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 26, 27, 28, 31, 32, 33, 35, 37, 40, 41, 42, 44, 45, 47, 48, 52, 54, 55, 56, 58, 59, 62, 63, 64, 69, 70, 71, 73, 75, 76, 78, 80, 81, 82, 83, 84, 85, 86, 88, 89, 90, 93, 94, 95, 96, 98, 101, 111, 120, 121, 127

**Próiseáil:** 4, 9, 13, 19, 21, 24, 25, 26, 30, 40, 41, 48, 58, 62, 68, 75, 80, 81, 82, 84, 86, 98, 127

## R

**Réiteach:** 20, 23, 25, 31, 68, 82

**Rialachas:** 1, 17, 76, 114, 123

**Rochtain:** 21, 28, 37, 42, 44, 45, 51, 52, 54, 55, 56, 57, 66, 68, 69, 76, 80, 85, 98, 120

## S

**Sárú:** 6, 19, 20, 21, 24, 25, 35, 36, 37, 39, 40, 42, 43, 44, 51, 52, 53, 55, 56, 57, 58, 59, 71, 73, 98

**Sonraí:** 2, 1, 2, 3, 4, 5, 8, 10, 13, 16, 17, 20, 21, 24, 27, 28, 29, 31, 33, 35, 37, 39, 41, 44, 46, 47, 49, 51, 52, 54, 55, 56, 58, 61, 62, 63, 64, 65, 66, 67, 68, 69, 70, 71, 75, 76, 78, 79, 80, 81, 82, 83, 84, 85, 86, 87, 91, 93, 95, 96, 98, 99, 101, 102, 103, 104, 106, 107, 108, 109, 111, 120, 121, 122, 123, 124, 127, 134

**Sonraí Pearsanta:** 76, 81, 96, 109, 120

## T

**TCI:** 20, 27, 58, 81, 82, 83

**Trasteorann:** 2, 6, 13, 30, 46, 50, 51, 101, 103, 106

**Trédhearcacht:** 53, 91

**Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí:** 13

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

**An Coimisiún um Chosaint Sonraí**
6 Rae Pheambróg
Baile Átha Cliath, 2
D02 X963
Éire

(01) 765 01 00
1800 437 737
www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission